Tuarascáil Bhliantúil
Oifig an Ard-Aighne
2008

A chuimsíonn

- **An Chéad Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm an Ráitis Straitéise 2008 – 2010, agus**

- **An Ceathrú Tuarascáil um Chur i bhFeidhm Threoir Seirbhíse Cliant Oifig Shráid Mhuirfean 2005–2007 agus Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 2005–2007**

Clár Ábhar

Réamhrá ón Ard-Aighne

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna

Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Spriocanna
Féachaint don Mhisean a bhaint amach mar a leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise 2008–2010*

Caibidil 3: Príomhfhorbairtí in 2008
Cuid I Forbairtí Dlí
Cuid II Forbairtí Eagraíochtúla

Caibidil 4: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú Sprioc 1 – Abhcóidí Comhairleacha

Saintacaíocht agus sainchomhairle ardchaighdeáin a chur ar fáil don Ard-Aighne agus dualgais a oifige á gcomhlíonadh aige trí shainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar ar mhodh freagrach, éifeachtúil agus éifeachtach i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas.

Caibidil 5: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú Sprioc 2 – Dréachtóirí Parlaiminte
Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Caibidil 6: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú Sprioc 3 – Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO)
Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí sna réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle ardchaighdeáin dlí a sholáthar maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.

Caibidil 7: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú Sprioc 4 – Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

Seirbhísí nua-aimseartha gairmiúla tacaíochta corparáideacha agus gnó a sholáthar a sheachadann seirbhís ar ardchaighdeán chuig cliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Iarscríbhinní

A: Billí Rialtais a Foilsíodh in 2008

B: Billí Poiblí a Achtaíodh in 2008

C: Toradh don bhliain 2008 agus Meastacháin don bhliain 2008, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO

D: Ráitis Aschuir 2008, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO

E: Ráitis Chomhlíonta; Tuarascálacha um Chleachtais Íocaíochta 2008, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO

F: Ionadaíocht na hOifige ar Choistí agus Grúpaí Oibre in 2008

G: Staitisticí Saorála Faisnéise, 2008

H: Mionsonraí Oiliúna agus Forbartha, 2008

I: Cairt Eagraíochta

J: Cásanna Ard-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ón mbliain 2008 lenar bhain Breithiúnais Stáit na Cúirte Breithiúnais Eorpaí (ECJ) agus na Cúirte Chéadchéime (CFI) lenar bhain Éire in 2008

Ábhair a bhaineann leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) in 2008

Réamhrá ón Ard-Aighne

Paul Gallagher, SC
An tArd-Aighne

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

Finola Flanagan
Ard-Stiúrthóir

Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí leis an Rialtas agus is oifigeach bunreachtúil é. Is iad cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna a bhfuil siad mar cheannairí orthu. De bhua Airteagal 30.1 den Bhunreacht agus alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924 agus naoú cuid de sceideal an Achta sin, is é an tArd-Aighne a rialaíonn Oifig na ndréachtóirí parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus atá freagach astu. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar
- seirbhísí aturnae a sholáthar, lena n-áirítear tíolacas agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a hoifigí go léir, chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus é ag tabhairt faoi na feidhmeanna a bhaineann le comhairle a chur ar an Rialtas agus feidhmeanna eile a chomhlíonadh ar thug an Bhunreacht agus reachtaíocht dó go speisialta. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, tugtar údarás as bainistíocht na hOifige, monatóireacht a dhéanamh ar bheartais a imríonn tionchar ar an Oifig agus seachadadh aschur sainithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

Abhcóidí Comhairleacha

Roinntear taobh Comhairleach na hOifige i gcúig Ghrúpa speisialtóireachta a chlúdaíonn na mórspeisialtóireachtaí dlí go léir. Tá abhcóidí mar chuid de (Abhcóidí Comhairleacha) a ndéanann gach duine acu speisialtóireacht dhomhain, i raon éagsúla sainréimsí dlí. Ina theannta sin, tá freagracht ar an Leas-Ardstiúrthóir as speisialachais nó speisialachais shonracha, lena n-áirítear an Comhairleoir Dlí le Buanionadaíocht na hÉireann don Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Tá abhcóidí i gceist leis an taobh Comhairleach (Abhcóidí Comhairleach), a ndéanann gach duine acu speisialtóireacht shuntasach i réimsí sonracha dlí. Tá baill foirne thiomanta

chléireachais ag gach Grúpa Comhairleach a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

Clúdaíonn an Grúpa réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse fheidhmiúla, is iad sin:

(a) soláthar comhairle;
(b) treorú dlíthíochta;
(c) baint le soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

Obair na nAbhcóidí Comhairleacha

Tá struchtúir agus córais i bhfeidhm ag an Oifig chun freastal a dhéanamh ar na gnáthfhiosrúcháin go léir chomh maith le hiarratais ar chomhairle phráinneach i leith saincheisteanna suntasacha dlíthiúla agus aghaidh a thabhairt orthu. Oibríonn na hAbhcóidí Comhairleacha go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, ag tabhairt comhairle faoi shaincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn le linn dhréachtú na reachtaíochta agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag tabhairt comhairle faoi stiúradh dlíthíochta agus ábhair dhlíthiúla eile.

Tá an raon oibre comhairleoireachta a dtugann an Oifig faoi de ghnáth, an-leathan ar fad agus áirítear dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, dlí na hEorpa, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí coiriúil air – i ndáiríre gach réimse den obair dlí, a bhféadfadh an Rialtas nó Roinn nó Oifig comhairle a lorg ina leith. D'fhéadfadh iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomláine, ó Airí, nó ó státseirbhísigh i Ranna nó Oifigí Rialtais nó trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Cuirtear comhairle ar fáil go minic faoi fhíorbhrú ama.

Buanionadaíocht don Aontas Eorpach

Lean an Oifig leis an sannadh a tugadh do na hAbhcóidí Comhairleacha trí dul ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí le Buanionadaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Ó bunaíodh é i 1996, tá ról an Chomhairleora Dlí ina ghné riachtanach lárnach d'fheidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta. Mar thoradh ar rannpháirtíocht na Comhairleora Dlí in idirbheartaíocht thábhachtach AE, lena n-áirítear leasú Conartha agus forbairtí eile suntasacha reachtaíochta, bíonn baint ag an

Ard-Aighne ó chéim luath le comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla AE.

Dréachtóir Parlaiminte don Rialtas

Is éard atá in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) leis an Rialtas, foireann dlíodóirí speisialtóireachta atá oilte ar leibhéal an-ard sa disciplín dréachtaithe reachtaíochta.

Is í sprioc an OPC sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil éifeachtúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Obair na nDréachtóirí Parlaiminte

Is í phríomhobair an OPC chun Billí Rialtais a dhréachtú le tabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, i gcás inar cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear Ionstraimí a thrasuíonn reachtaíocht AE sa dlí teaghlaigh/intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Bíonn baint ghníomhach ag an OPC le forbairt an bheartais um Rialáil Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh agus áirítear ar an obair a dhéanann sí, athbhreithniú agus daingniú ar an dlí reachtúil i gcomhthéacs Clár Leasaithe Rialála.

Tá an OPC eagraithe i dtrí Ghrúpa, a bhfuil freagracht ar gach ceann acu as soláthar seirbhísí dréachtaithe do Ranna agus Oifigí sainiúla Rialtais. Tá foireann thiomanta tacaíochta chléireachais a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is ghné bhunreachta í Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit d'Oifig an Ard-Aighne agus is í an príomhsholáthaí seirbhísí aturnae don Ard-Aighne agus do gach Roinn agus Oifig Rialtais. Soláthraíonn sí seirbhísí aturnae chomh maith do Ghníomhaireachtaí Stáit agus Binsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí do bhaill an phobail.

Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit eagraithe i gcúig rannóg dhlíthiúla. Is éard atá i gceist leis na Rannóga sin, Dlí Phoiblí, Seirbhísí Tearmainn agus Seirbhísí Dlí, Maoin Stáit, Ceartas agus an Dlí Coiteann agus Comhairleach. Tá gach Rannán eagraithe i Rannóga ar bhonn chosúlacht na hoibre nó an chliaint. Glacann an eagraíocht príomhéilimh na gcliant san áireamh chomh maith le roinnt éileamh a dhéanfar ar an Oifig amach anseo, cosúil le cumas chun freagairt a thabhairt ar ghníomhartha a bhaineann leis an CECD, rannpháirtíocht mhéadaithe leis an CEB, méadú i líon na mbarántas gabhála Eorpach a fuarthas ó thíortha eile san AE agus éileamh níos mó ar chomhairle maidir le Soláthar Poiblí agus Conarthaí Tráchtála. Glacann an struchtúr seo na dúshláin bhainistíochta don Oifig san áireamh chomh maith, go háirithe na dúshláin a chruthaíonn an clár do nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

Riarachán

Tá Aonaid riaracháin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun tacaíocht a thabhairt d'obair na foirne dlí trí sheirbhísí ghairmiúla tacaíochta corparáideacha a sholáthar, cosúil le hAcmhainní Daonna/Oiliúint agus Forbairt, Airgeadais/Cuntais, Seirbhísí Corparáideacha, Tacaíocht Chléireachais, Tacaíocht Phríobháideach Oifige, Bainistíocht ar Athrú, Teicneolaíocht Faisnéise, Iniúchadh Inmheánach, Clárlann/Clárlann agus Ionad Taifead agus Leabharlann agus Fios Gnó. Tá dlúthbhaint idir Cinn Riaracháin agus baill foirne Aonaid ábhartha san dá Oifig agus an baill foirne lena mbaineann an ról céanna in Oifigí Dlí eile faoi na saincheisteanna a imríonn tionchar ar na hOifigí. Déantar dlúth-theagmháil chomh maith idir na Cinn Riaracháin agus baill foirne Aonaid ábhartha le baill foirne i Ranna agus Oifigí eile Rialtais faoi shaincheisteanna áirithe.

Láithreán Gréasáin

Cuireann láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie mionchur síos ar fáil ar róil, feidhmeanna agus obair an Ard-Aighne, na nAbhcóidí Comhairleacha, na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Spriocanna

Bhain an Ráiteas Misin agus Spriocanna seo a leanas le *Ráiteas Straitéise 2008 – 2010* na hOifige -

> Is é Misean Oifig an Ard-Aighne *"an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar do Ranna agus Oifigí Rialtais".*

Díorthaíodh ceithre Sprioc ón Ráiteas Misin;

- Saintacaíocht agus sainchomhairle ardchaighdeáin a chur ar fáil don Ard-Aighne agus dualgais a oifige á gcomhlíonadh aige trí shainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar ar mhodh freagrach, éifeachtúil agus éifeachtach i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas.

- Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

- Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí sna réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle ardchaighdeáin dlí a sholáthar maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.

- Seirbhísí gairmiúla agus nua-aimseartha tacaíochta corparáide agus gnó a sheachadfaidh seirbhís ar an gcaighdeán is airde do chliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Caibidil 3: Príomhfhorbairtí in 2008

Cuid I: Forbairtí Dlí

Obair Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean, in 2008

Obair na nAbhcóidí Comhairleacha in 2008

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil do Ranna agus Oifigí i rith 2008, de réir mar a iarradh, ar fud raon iomlán speisialachas a aithnítear thíos. Is éard atá i ngach grúpa, Comhordaitheoir Grúpa agus roinnt ball foirne ó na hAbhcóidí Comhairleacha agus tacaíochta cléireachais.

Group A – tá freagracht air as na réimsí a bhaineann le dlí coiriúil, an Garda Síochána, ceartas, príosúin, Angla-Éireannach, sócmhainní coiriúla, eiseachadadh, cúnamh frithpháirteach, idircheapadh pacáistí telecom agus postais, bearta ceartas coiriúil an AE, ceadúnú, dlí toghcháin agus na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, Cúnamh Dlí, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Pléascáin agus Airm Tine, Achtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir

Group B - tá freagracht air as na réimsí a bhaineann le dlí idirnáisiúnta príobháideach, corrthrádáil agus ócáideach, staitisticí, an tAcht ionstraimí reachtúla, saincheisteanna ceartais shibhialta, díobháil phearsanta, dlí sláinte, mí-úsáid leanaí, orgáin agus vacsaíní, ginmhilleadh, uchtú, atáirgeadh cúnta daonna, oideachas, dlí teaghlaigh, Foraoiseachtaí, Talmhaíocht, ombudsman, sláinte agus sábháilteacht, dlí núicleách agus comhshaoil.

Group C - tá freagracht air as na réimsí a bhaineann le tearmann agus inimirce, státchabhair agus státdeontais, dlí iomaíochta, craoladh, iascaigh, imeall trá, cuanta, muiríní, seirbhís Ghardaí Cósta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, monaíocht, trádáil idirnáisiúnta, dlí postais, tarlú bóthair agus busanna, achtanna um thrácht ar bhóithre, dlí ioncaim, comhaontuithe um chánachas dúbailte, Bonneagar Náisiúnta/Plean Forbartha Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Poiblí – Príobháideacha, an

Ghaeltacht, saincheisteanna Angla-Éireannaigh, Cosaint, Cosaint Tomhaltóirí, árachas Creidmheas Easpórtála, aisíocaíochtaí Easpórtála.

Group D - tá freagracht air as na réimsí gníomhartha insteora, saincheisteanna féimheachta/dócmhainneachta/leachtaithe, carthanas, an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Cuntas Leithghabhála, Bille, Meastacháin agus nósanna imeachta airgeadais a bhaineann leis an *Exchequer and Audit Department Act 1866*, Leithghabháil agus Caiteachas Poiblí, Dlí Probháide agus Comharbais, Eadráin, baincéireacht, Billí Malairte, Cumainn Foirgníochta, Dlí Cuideachtaí, Eitic, Árachas, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Cumaisc agus and Monaplachtaí, Méadreolaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú, Peitriliam, Monaplachtaí Stáit, an tAcht Maoine Stáit, Stocmhalartán agus Dlí Infheistíochta, Teileachumarsáid, Seirbhísí Cumainn Faisnéise, UNCITRAL, Údaráis Stáit eile, Comhlacht Trádála agus Gnó Thuaisceart Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhlachtaí Leathstáit, Tobac, Achtanna um Thurasóireacht agus Pleanáil

Group E - tá freagracht air as na réimsí maidir le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Oireachtas agus Leasú an Oireachtais, Airí agus Rúnaithe, Seirbhís Phoiblí, Dlí Saothair, Cúnamh Dlí, Ábhair Chultúrtha, Cearta Daonna, Cróinéirí, conarthaí Rialtais lena n-áirítear soláthar poiblí, Seirbhís Taidhleoireachta agus Consalachta, an tAcht um Rúin Oifigiúla, Dlí Foraoiseachta, Talmhaíochta agus Leasa Shóisialaigh, Dlí na Farraige, Loingseoireacht, Iompar, Gás agus Leictreachas.

An Leas-Ardstiúrthóir: Tá an Leas-Ardstiúrthóir freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhilleadh, Costais, Binsí, Coistí Imscrúdaithe agus Coistí Oireachtais, dlíthíocht Goodman, Binse Morris, saincheisteanna Institiúideacha AE, córas Breithiúnach an CE, saincheisteanna Cothrománacha AE agus saincheisteanna cothrománacha don OPC agus saincheisteanna a bhaineann leis an mBruiséil go sonrach. Oibríonn an Comhairleoir Dlí leis an mBuanionadaíocht don Aontas Eorpach sa Bhruiséil faoin Leas-Ardstiúrthóir chomh maith.

Baineann suntas ar leith leis na cásanna seo a leanas a cinneadh in 2008 inar thug na hAbhcóidí Comhairleacha cúnamh le soláthar comhairle agus treoracha.

Reachtaíocht

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil chomh maith maidir le reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a dréachtaíodh in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte in 2007.

Dlí Idirnáisiúnta

Chuir an Oifig comhairle ar fáil maidir le han-chuid Coinbhinsiúin, Prótacail agus Comhaontuithe idirnáisiúnta, chomh maith le cásanna agus forbairtí reachtaíochta i ndlí idirnáisiúnta in 2007. Cuireadh comhairle ar fáil chomh maith maidir le líon mór dréacht-Chomhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhain le heiseachadadh agus cúnamh firthpháirteach dlí le tíortha nach baill den AE iad.

Binsí agus Fiosrúcháin

I rith 2008, bhí saincheisteanna dlí a raibh baint acu le binsí reachtúla agus neamhreachtúla ina ngné thábhachtach d'obair na nAbhcóidí Comhairleacha i gcónaí.

Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Ghlac Abhcóidí Comhairleacha san Oifig páirt chomh maith sna grúpaí oibre ábhartha a liostaítear ar **Iarscríbhinn F.**

An Ghaeilge

Ba iad athbhreithnithe breithiúnacha a bhí i gceist leis an gcuid is mó de na cásanna i leith na Gaeilge i rith 2008 a d'eascair as cásanna coiriúla maidir leis an bhfáil ar chóipeanna Gaeilge de na hAchtanna, Rialacha Cúirte agus doiciméid eile. Bhain cás suntasach amháin, *Ruairí MacCárthaigh –v- Éire* le cibé ar chóir go mbeadh ateangaireacht chomhuaineach nó leanúnach go Gaeilge ar fáil i dtriail choiriúil.

Árachas Sláinte

I rith 2008 thug an Oifig an-chuid comhairle don Roinn iarratais go sonrach maidir leis an scéim um chothromú riosca (RES) agus thug sí comhairle chomh maith maidir le dlíthíocht eile a bhain leis an scéim. Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas a leag an scéim síos in *BUPA-v-An tAire Sláinte agus Leanaí* (Neamhthuairiscthe; An Chúirt Uachtarach; 16/7/'08) agus thug Cúirt Chéadchéime an AE breithiúnas maidir le *BUPA-v-An Coimisiún* T-289/03 faoi chomhlíonadh RES le dlí an AE.

Cásanna an *Medical Defence Union* agus cásanna Bhiúró Árachóirí Mótar na hÉireann

I rith 2008 lean an Oifig ar aghaidh ag cur comhairle ar fáil maidir leis an dá chatagóir dlíthíochta sin. Rinne an Stát idirghabháil in *Hassett and Howard-v- MDU* C-45/08 ag an ECJ. Ba chaingean dhíreach é *An Coimisiún-v-Éire* C-211/07 in aghaidh na hÉireann mar thoradh ar mhainneachtain an Dara Treoir maidir le hÁrachas Mótair a thrasuíomh go cuí.

Cúnant Idirnáisiúnta na NA maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla

Chuir an tArd-Aighne an Tríú Tuarascáil Thréimhsiúil ó Éirinn maidir le cur i bhfeidhm an Chúnaint Idirnáisiúnta maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine sa Ghinéiv, thar ceann Rialtas na hÉireann, an 14 agus an 15 Iúil 2008. Clúdaíonn an Cúnant raon chearta an duine faoi Chúnant na Náisiún Aontaithe a fhorluíonn forálacha Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine. Ceanglaítear ar gach Páirtí Stáit anois tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choiste go tréimhsiúil maidir le conas atá cearta á gcur i bhfeidhm. D'ardaigh an Coiste roinnt saincheisteanna ar tugadh freagra orthu agus féadtar teacht ar na doiciméid ar láithreán gréasáin Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

Státchabhracha

Thug an Oifig cuid mhór comhairle maidir le Státchabhracha i rith 2008, go háirithe maidir le gnéithe a d'eascair as beartas Stáit i leith na géarchéime baincéireachta. Tugadh comhairle chomh maith maidir le gnéithe Státchabhrach an chúnaimh airgeadais a d'eascair as éilliú Dé-ocsaine beathaithe áirithe mhuice.

Baincéireacht

Ó rinneadh *Northern Rock* a náisiúnú sa Ríocht Aontaithe, tugadh comhairle don Stát maidir le pleanáil theagmhasach um chobhsaíocht airgeadais. I gcomhthéacs dhréachtú an Achta um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, tugadh comhairle shuntasach maidir leis an scéim ráthaíochta a d'eascair as agus gnéithe eile dlíthiúla, lena n-áirítear dlí Iomaíochta agus Státchabhracha.

Dlí Ceartais agus Coiriúil

Chuir an Oifig comhairle ar fáil ag an leibhéal AE maidir le roinnt bearta molta faoin Teideal VI TEU a bhaineann le réimsí cosúil le comhroinnt faisnéise, dlí nós imeachta, aitheantas frithpháirteach agus dlí substainteach.
Chabhraigh an Oifig leis an Ard-Aighne agus a ról á chomhlíonadh aige i rith 2008 mar bhall den *Justice Future Group* a rinne moltaí maidir le tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh sa réimse Cheartais agus Ghnóthaí Baile.

Cásanna Eiseachadta agus Barántais Ghabhála Eorpaigh

Oibríonn an Oifig go han-dlúth leis an Údarás Láir ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Garda Síochána agus i roinnt cásanna, an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir leis na hábhair seo. Tá méadú mór tagtha ar mhéid na hoibre sa réimse seo le blianta beaga anuas. I rith 2008 tháinig Abhcóide Comhairleach ar iasacht chuig an rannóg sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun comhairle a thabhairt i leith na n-ábhar seo.

Ghéill an Stát 73 duine i rith 2008 faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003. Rinneadh roinnt breithiúnais thábhachtacha faoin Acht in 2008. Déantar tagairt do roinnt acu sin anseo.

In Tobin (cinneadh na Cúirte Uachtaraí 25/02/08), seasadh le cinneadh na hArdchúirte nach raibh an freagróir tar éis "teitheadh" ón Stát iarratais laistigh de bhrí Acht 2003.

In Butenas (An Chúirt Uachtarach 12/03/08), soiléiríodh nár chuir an tAcht dlínse

bhunúsach na hArdchúirte chun bannaí a cheadú ar feitheamh géillte ar ceal.

In Ferenca & Desjatnikovs (An Chúirt Uachtarach 31/07/08), cinneadh cibé an raibh 'bosca le tic' ag barántas ionas nach raibh gá le comhfhreagras a chur ar bun, nó nach raibh. Ní raibh aon chatagóir idirmheánach ann.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Lean an Oifig ar aghaidh ag tacú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí le linn a chuid oibre i rith 2008.

Na hAbhcóidí Comhairleacha i mBuanionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil 2008

Tagann Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí chuig Buanionadaíocht na hÉireann don Aontas Eorpach. I rith na bliana, chuir an Comhairleoir Dlí comhairle ar an mBuanionadaí agus a Leas-ionadaí maidir le roinnt saincheisteanna éagsúla dlí a thagann chun cinn as an bhfreastal a rinne said ar COREPER I agus II. Chuir sé comhairle chomh maith ar oifigigh Roinne maidir leis na saincheisteanna a d'eascair as Grúpaí Oibre na Comhairle ar fhreastail said uirthi agus maidir leis na saincheisteanna a tháinig chun cinn idir Ranna agus Institiúidí Eorpacha. Chomhlíon an Comhairleoir Dlí na dualgais bhreise seo a leanas:

- D'fhreastail sé ar na Cúirteanna Breithiúnais agus Grúpaí Oibre eile.
- Idirchaidreamh a chur ar bun idir na Comhairleoirí Dlí ag na Buanionadaíochtaí ar na Baillstáit éagsúla agus le Comhaltaí na Comhairle, an Coimisiún agus Seirbhísí Dlí Parlaiminte.
- Cúnamh a thabhairt le réiteach déthaobhach deacrachtaí teicniúla maidir le reachtaíocht a raibh idirbheartaíocht á déanamh uirthi sa Chomhairle.
- Idirchaidreamh a bhunú idir an Bhuanionadaíocht sa Bhruiséil agus Oifig an Ard-Aighne i mBaile Átha Cliath.

Obair na nDréachtóirí Parlaiminte in 2008

Dhréachtaigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas (OPC) líon mór Billí agus Ionstraimí Reachtúla i rith 2008. I measc na 33 Bille Rialtais a foilsíodh (féach **Iarscríbhinn A**) agus na 25 Bille a ritheadh (féach **Iarscríbhinn B**) le linn 2006, thug an Oifig faoi roinnt mhórthionscnamh dréachtaithe lena n-áirítear:

An Bille Eadrána 2008

Is é cuspóir an Bhille seo go mbeidh feidhm ag Dlí Shamhail Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL) maidir le hEadráin Tráchtála Idirnáisiúnta maidir le gach eadrán a bhfeidhmítear laistigh den Stát. Faoi láthair, baineann feidhm leis an Dlí sin maidir le headráin tráchtála idirnáisiúnta amháin. Déanfaidh an Bille seo an tAcht Eadrána 1954, an tAcht Eadrána 1980 agus an tAcht Eadrána (Tráchtáil Idirnáisiúnta) 1998, a aisghairm ach ag an am céanna caomhnóidh sé na hoibleagáidí a ghlac an Stát nuair a thug sé feidhm dlí don Phrótacal maidir le Clásail Eadrána a osclaíodh sa Ghinéiv an 24ú lá de mhí Mheán Fómhair 1923 (Prótacal na Ginéive), an Coinbhinsiún um Dhámhachtanna Eadrána Coigríche a Chur i bhFeidhm a rinneadh sa Ghinéiv an 26ú lá de mhí Mheán Fómhair 1927 (Coinbhinsiún na Ginéive) agus an Coinbhinsiún maidir le Dámhachtaintí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorghníomhú a rinneadh i Nua-Eabhrac an 10 Meitheamh 1958.

An tAcht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra 2008

Tugann an tAcht seo éifeacht don Choinbhinsiún um Chnuas-Mhuinisin ("Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath"), a glacadh ag comhdháil idirnáisiúnta a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2008, agus tugann sé tuilleadh éifeachta don Choinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú 1997 ("Coinbhinsiún Ottawa"). De réir an Achta, is cion é cnuas-mhuinisin, lánán pléascach nó mianach frithphearsanra a shealbhú, a úsáid, a tháirgeadh, a fháil nó a aistriú, faoi réir na n-eisceachtúlaí sonracha agus teoranta a cheadaítear faoin dá Choinbhinsiún.

Déanann an tAcht foráil chomh maith go seachnóidh daoine a bhfuil airgead poiblí á infheistiú acu infheistíocht dhíreach nó indíreach i gcuideachtaí a bhfuil baint acu le déantús cnuas-mhuinisean, lánán pléascach nó mianach frithphearsanra, agus

ceanglaíonn sé airgead poiblí a dhífheistiú ó chuideachtaí atá, nó atá le bheith, ina ndéantúsóirí muinisean den chineál sin.

Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí

Cuireadh tús le dréachtú Bhille Chomhdlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí an 1 Nollaig 2007. Is í dréacht-Scéim an Bhille toradh ar obair an Ghrúpa Athchóirithe Dlí Cuideachtaí agus na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus is ionann líon na nDréacht-Chinn agus thart ar 1,200.

Agus neamhaird á tabhairt ar fhad na gcodanna aonair den Bhille deireanach a d'fhéadfadh a bheith níos faide, déanann sé sin Scéim an Bhille seo níos mó ná Scéim an Bhille a ndearnadh an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 as. Dá bhrí sin – bunaithe ar líon a gCeann – is é Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí an Bille is mó riamh a cuireadh chun cinn ó thaobh stair an Stáit de.

Leag an dréachtóir a sannadh don Bhille don bhliain 2008 roinnt cuspóirí éagsúla amach maidir le críochnú dhréachtaí na gcodanna a chomhfhreagair le cuid shubstaintiúil na gCeann i gCodanna A1 go dtí A14 (a gcuirtear síos air mar "Colún A" sa dréacht-Scéim). Ón 31 Nollaig 2008 ar aghaidh, baineadh clochmhílte amach maidir le roinnt de na Codanna sin a thabhairt chuig staid a bhí an-chóngarach don fhoirm dheiridh a mheastar a bheidh orthu. Ar na hábhair dlí Cuideachta, maidir le cuideachtaí príobháideacha teoranta le scaireanna agus ar pléadh leo sa chlár dréachtaithe ar tugadh faoi in 2008, áirítear: Rialachas Corparáideach; Caipiteal Cuideachta agus Dualgais Stiúrthóirí.

An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008

An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 – rinne an tAcht seo 30 Acht eile a leasú chun athruithe a chur i bhfeidhm ar an dlí a bhaineann le cúirteanna agus oifigigh chúirte, aturnaetha, tiarna talún agus tionónta, dearbhuithe reachtúla, giúiréithe, féimheacht, comharbas, fístaifeadtaí, cinsireacht scannán, saoire thuismitheoirí, rialáil na státseirbhíse, dlí teaghlaigh, stádas comhionann, cúnamh dlí sibhialta agus comhionannas fostaíochta. Chomh maith le hAchtanna eile a leasú,

rinne an tAcht seo foráil d'fhís-chomhdháileacha in imeachtaí sibhialta agus d'anaithnideacht ar leith in imeachtaí sibhialta áirithe.

An Bille Toghcháin (Leasú) 2008

Déanfaidh an Bille, nuair a achtófar é, (i) líon na gcomhaltaí atá le toghadh i dtoghlaigh na Dála agus Pharlaimint na hEorpa, (ii) an dlí a bhaineann leis an gCoimisiún um Thoghlaigh a leasú trí fhoráil a dhéanamh go mbunófar an Coimisiún ar fhoilsiú na Tuarascála Daonáirimh ag an bPríomh-Oifig Staidreamh, tar éis Daonáireamh a dhéanamh, a leagfaidh amach réamhthoradh an Daonáirimh maidir le daonra iomlán an Stáit, (iii) foráil do nósanna imeachta ailtéarnacha le haghaidh ainmniú iarrthóirí neamhpháirtí i dtoghcháin na hEorpa agus toghcháin áitiúla trí aontú nó éarlais, agus (iv) leasuithe breise a sholáthar ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla 1995 agus éifeacht reachtúil a thabhairt dóibh.

An Bille um Chomhlíonadh An Dlí Fostaíochta 2008

Is é cuspóir an Bhille seo comhlíonadh níos fearr na reachtaíochta fostaíochta a chinntiú de réir *I dTREO 2016* – an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 10 mbliana 2006-2015. Is iad príomhfhorálacha an Bhille seo oifig Stiúrthóir an Údaráis Naisiúnta Cearta Fostaíochta a bhunú a bheidh tiomanta do chomhlíonadh na gceart fostaíochta agus d'imscrúdú agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin a threisiú agus cibé forálacha riachtanacha eile a dhéanamh chun comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta a chinntiú (lena n-áirítear cosaint i gcoinne pionósú fostaithe a éilíonn a dteidlíochtaí nó sásamh i gcás ina ndiúltaítear dóibh, nó a thuairiscíonn *bona fide* sáruithe ar reachtaíocht fostaíochta don Stiúrthóir, srl).

An tAcht Sláinte 2008

Bunaíonn an tAcht Sláinte 2008 scéim nua um theidlíocht daoine atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ón 1 Eanáir 2009 i leith do chártaí leighis. Ceanglaíonn an scéim seo ar na daoine sin a shroicheann 70 bliain d'aois an 1 Eanáir 2009 nó ina dhiaidh sin iarratas a dhéanamh ar chártaí agus cuireann sé teorainn ar cheadú na gcártaí sin nach sáraíonn a n-ioncam teorainneacha sonracha. Tugann sé cead do dhaoine a bhí 70 bliain d'aois agus os a chionn an 31 Nollaig 2008 agus na daoine sin a raibh cárta leighis acu ar fhorais aoise chun a gcártaí a choimeád mura sáraíonn a n-ioncaim na

teorainneacha sonraithe sin. Ceanglaíonn sé chomh maith ar na daoine sin a sáraíonn a n-ioncaim na teorainneacha sin chun a chur in iúl do FSS nach bhfuil siad incháilithe a thuilleadh. Déanann an tAcht um Ranníocaí Sláinte 1979 a leasú chomh maith ionas go mbíonn daoine atá 70 bliain d'aois agus os a chionn díolmhaithe ón ranníocaíocht a íoc faoin Acht sin, agus cuireann sé leasuithe teicniúla eile i bhfeidhm ar Achtanna eile.

An Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008

Déanfaidh an Bille seo, nuair a achtófar é, na hAchtanna Árachais Sláinte 1994 go dtí 2007 a leasú chun, ar mhaithe leis an leas coiteann, a dheimhniú go mbíonn rochtain ar chlúdach árachais sláinte ar fáil do gach tomhaltóir gan idirdhealú a dhéanamh maidir le haois agus stádas sláinte. Cuirfidh an Bille leis na forálacha reachtaíochta reatha chun an cuspóir seo a ghnóthú trí fhoráil a dhéanamh do leasuithe ar an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999. Déanfaidh an Bille foráil d'fhaisnéis bhreise a chur ar fáil do thomhaltóirí árachais sláinte maidir le fógraíocht ar árachas sláinte agus conarthaí árachais sláinte. Cuirfidh an Bille, má achtófar é, ar chumas an Údaráis Árachais Sláinte chomh maith chun bearta forfheidhmiúcháin a lorg i gcás ina measann sé go bhfuil árachóir ag sárú na n-oibleagáidí sin.

Bille na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008

Is é príomhchuspóir an Bille seo éifeacht a thabhairt do chlár na mbeart leasaithe ar thithíocht shóisialta ar cuireadh síos air sa doiciméad beartais *Delivering Homes, Sustaining Communities* a foilsíodh i mí Feabhra 2007. Áirítear sa Bhille foráil do phleananna seirbhísí tithíochta a dhéanamh agus forálacha nua um measúnú ar riachtanais tithíochta sóisialta agus cumhachtaí bainistíochta agus rialaithe údáráis tithíochta a nuashonrú, lena n-áirítear straitéisí um iompraíocht fhrithshóisialta a ghlacadh. Déanann sé na roghanna ar fáil dóibh siúd a bhfuil tithíocht shóisialta á lorg acu a leathnú chomh maith, trí bhonn reachtaíochta níos forbartha a sholáthar don Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus trí bhealaí chuig úinéireacht teaghlaigh a leathnú tríd an scéim nua cheannacháin incrimintigh.

An Bille fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2008

Bunóidh an Bille fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, nuair a achtófar é, scéim tacaíochta airgeadais do dhaoine a bhfuil cúram teach altranais ag teastáil uathu i saoráid phoiblí nó i saoráid phríobháideach. Déanann an Scéim foráil do thacaíocht Stáit a thabhairt le cúram an duine atá ag dul isteach i dteach altranais agus cinntear méid na tacaíochta sin ar bhonn measúnaithe ar acmhainn. Déanann an Bille foráil chomh maith d'íocaíocht a thuilleadh tacaíochta, ar a dtugtar "tacaíocht Stáit choimhdeach" ar iasacht í go bunúsach a bhaineann le morgáiste nó muirear a ghearrtar ar theach nó talamh duine. Féadfaidh an iasacht a aisíoc ar bhás an duine a bhfuil an cúram teach altranais á fháil acu ach féadfaidh aisíoc a chur siar i gcás ina bhfuil gaolta sonraithe ina gcónaí sa teach.

An tAcht Deochanna Meisciúla 2008

Chuir an tAcht Deochanna Meisciúla 2008 leasú ar na hAchtanna Ceadúnúcháin 1833 go dtí 2004 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 chun éifeacht a thabhairt do leasuithe a mhol Grúpa Comhairleach an Rialtais maidir le hAlcól, agus aird ar leith á tabhairt ag na leasuithe ar shaincheisteanna ord poiblí. Ina theannta sin, bhronn an tAcht seo cumhachtaí nua ar an nGarda Siochána chun alcól a ghabháil ó dhaoine áirithe, ar mhaithe le hord poiblí agus ar mhaithe le hól faoin aois a cheansú.

An Bille Ombudsman (Leasú) 2008

Is é cuspóir an Bhille Ombudsman (Leasú) 2008 chun an tAcht Ombudsman 1980 a leasú.

Leathnaíonn an Bille go háirithe líon na gcomhlachtaí a thagann faoi shainchúram an Ombudsman, tá liosta iomlán na gcomhlachtaí lena mbaineann mar chuid de agus soláthraíonn sé nós imeachta do chomhlachtaí eile a thabhairt faoin sainchúram sin. Déanann sé foráil go gceanglaítear ar chomhlacht poiblí a chlúdaítear faoin Ombudsman, de réir a n-acmhainní agus maidir le cinntí a dhéanamh ar chearta agus sochair srl, chun plé le daoine ar mhodh cothrom agus tráthúil.

Déanann an Bille foráil go bhféadfaidh an tOmbudsman moltaí ginearálta a dhéanamh, i gcás inar ábhartha, d'aon cheann de na comhlachtaí a thagann faoi

shainchúram an Ombudsman i gcás ina meastar, tar éis imscrúdú a dhéanamh, go mbíonn sé cuí é sin a dhéanamh. Déantar foráil don Ombudsman chun aon cheist dlí a thagann chun cinn as imscrúdú nó iniúchadh a tharchur chuig an Ard-Chúirt agus chuig an Ombudsman chomh maith chun imeachtaí dlí a thionscnamh i gcás nach gcomhlíontar ceanglas chun faisnéis a sholáthar don Ombudsman.

Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008

Déanann an tAcht foráil go nglacfaidh Cumann Onórach Óstaí an Rí agus Dlí-Chumann na hÉireann na céimeanna go léir réasúnta chun a chinntiú gur féidir le líon leordhóthanach abhcóidí agus aturnaetha faoi seach dlí a chleachtadh trí Ghaeilge. Déanann an tAcht foráil chomh maith go mbunóidh Cumann Onórach Óstaí an Rí agus Dlí-Chumann na hÉireann cúrsaí léinn as Gaeilge agus go soláthróidh siad cláir, a chuirfear ar fáil don phobal, a léireoidh mionsonraí na gcleachtóirí sin atá in ann seirbhísí dlí a sholáthar trí Ghaeilge. Déanann an tAcht foráil chomh maith don Acht Lucht Cleachtaithe Dlí (Cáilíocht) 1929 a leasú.

An Bille fán Ombudsman um Sheirbhísí Dlí 2008

Tugann an tAcht tacú reachtúil d'oifig an Ombudsman um Sheirbhísí Dlí. Tabharfar an tOmbudsman Seirbhísí Dlí ar shealbhóir na hoifige sin. Is í an phríomhfheidhm a thugann an tAcht don Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, maoirseacht a dhéanamh ar an láimhseáil a dhéanann Comhairle Ghinearálta Abhcóidí na hÉireann ar ghearáin a bhaineann le habhcóidí, agus an láimhseáil a dhéanann Dlí-Chumann na hÉireann ar ghearáin a bhaineann le haturnaetha. Ar na feidhmeanna eile a bhronnann an tAcht ar an Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a ghlacann Comhairle Ghinearálta Abhcóidí na hÉireann agus Dlí-Chumann na hÉireann maidir le gearáin i gcoinne na ngairmeacha faoi seach a ndéanann siad feitheoireacht orthu a láimhseáil agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar leordhóthanacht na mbeartas iontrála san dá ghairm.

An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008

Achtaíodh an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 chun cabhrú le dul i ngleic leis an ngéarchéim ar fud an domhain maidir leis an gcóras baincéireachta trí bhonn reachtúil a chruthú don Stát chun tacaíocht airgeadais a

sholáthar do bhainc agus forais chreidmheasa eile. Tá foirm na tacaíochta atá le soláthar le cinneadh ag an Aire Airgeadais ach beidh teorainn thréimhse dhá bhliain ón "dáta ábhartha", 30 Méan Fómhair 2008 ar an tacaíocht. Déanann an tAcht foráil go bhféadfaidh na téarmaí a shocrú le comhaontú i gcás tacaíochta d'fhoras sonrach, nó go ginearálta le scéim le déanamh trí ionstraim reachtúil. Chomh maith leis sin, cuireann an tAcht feidhm na ngnáthrialuithe dlí iomaíochta ar cheal ó bhaint ar bith le cumaisc nó fáltais foras creidmheasa, agus bunaíonn sé réim sách difriúil a oibreoidh an tAire Airgeadais, má mheasfaidh an tAire go bhfuil an cumasc nó fáltas riachtanach ó thaobh leasanna chobhsaíocht ghinearálta an chórais airgeadais de.

Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2008

Is achoimre é seo a leanas ar an obair ar pléadh léi i Rannán Dlí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i rith 2008.

Rannán an Dlí Phoiblí

Is éard atá i Rannán an Dlí Phoiblí an Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha agus pléann sé le raon leathan dlíthíochta agus ardphróifíl ag baint le han-chuid de na cásanna, rud a éilíonn teorainneacha ama daingne a chomhlíonadh agus lena mbaineann saincheisteanna casta dlí.

An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta

Tá an Rannóg seo freagrach as cosaint raon leathan caingne sibhialta i gcoinne an Stáit agus Údaráis an Stáit. Fuair an Rannóg **583** cás nua i rith 2008. D'imigh an chuid is mó de na cásanna ar pléadh leo ar aghaidh go dtí éiseacht iomlánach. Ar na saincheisteanna dlí ar pléadh leo, áiríodh saincheisteanna tráchtála, bunreachtúil, conartha, árachais, idirnáisiúnta, comhshaoil, pleanáil, toghcháin, sláinte phoiblí, maoine intleachtúla, tithíochta, leasa shóisialaigh, riaracháin agus Dlí an Aontais Eorpaigh.

Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha

Déanann an Rannóg seo ionadaíocht ar an Stát agus Údaráis an Stáit in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach. Is é Athbhreithniú Breithiúnach an próiseas lena gcuirtear

rialú breithiúnach caingne riaracháin i bhfeidhm agus lena bhfeidhmíonn an Ard-Chúirt dlínse ar imeachtaí agus cinntí cúirteanna íochtair, binsí agus comhlachtaí eile a chomhlíonann feidhmeanna garbhreithiúnacha nó a dtugtar freagracht dóibh achtanna nó dualgais phoiblí a fheidhmiú. Tá freagracht ar an Rannóg seo chomh maith as iarratais habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtaithe, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán AE Uimh.1348/2000 ón gComhairle agus Comhdháil na Háige 1965 maidir le seirbhéail doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

Fuair an Rannóg **233** athbhreithniú breithiúnach sa bhliain 2008, chomh maith le **82** iarratas habeas corpus, **10** chás uchtaithe, **7** gcás shonraithe, **3** litir iarratais ó bhinsí eachtrach agus **281** doiciméad le seirbheáil faoi Rialachán AE Uimh.1348/2000 ón gComhairle agus Coinbhinsiún na Háige maidir le seirbhéail doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí

Tá dhá Rannóg mar chuid den Rannán seo, is iad sin, an Rannóg Tearmainn agus an Rannóg Seirbhísí Dlí.

An Rannóg Tearmainn

Pléann an Rannóg seo le gach cás a bhaineann le tearmann, inimirce agus aisdúichiú thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig an Choimisinéara um Iarratais Dídeanaithe, an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Baineann gné dlíthíochta leis an gcuid is mó den oibre a phléann go príomha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach (ar éisteachtaí ceada agus substainteacha) chomh maith le hiarratais habeas corpus (i gcás ina bhfeidhmíonn an Rannóg thar ceann an Ghobharnóra Phríosúin) sa réimse Tearmainn agus éilítear freastal gach lá os comhair na hard-Chúirte agus níos annaimhe os comhair na Cúirte Uachtaraí. Pléann an Rannóg chomh maith le hiarratais na Cúirte Dúiche de bhun Acht na nDídeanaithe1996 arna leasú. Osclaíodh 958 comhad nua a bhain le tearmann in 2008 sa Rannóg.

An Rannóg Seirbhísí Dlí

Tá an Rannóg seo freagrach as cuntasóireacht chostas dlí (lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar bhillí costas agus freastal ar chánachas na mbilli sin) agus aisghabháil chostas dlí ata dlite don Stát. Tá sé freagrach chomh maith as táillí na gComhairlí a íoc agus gníomhaíonn sé don Choimisinéir Luachála le linn achomharc os comhair an Bhinse Luachála. The Section is also involved in the preparation of Ministerial Prosecutions in the District Court. Tá Ceann na Rannóige mar chathaoirleach ar Choiste a dhéanann maoirseacht ar scéim oiliúna dlí do bhaill foirne chléireachais san Oifig.

An Rannán um Maoin Stáit

Pléann an Rannán um Maoin Stáit le hidirbhearta maoine, ábhair tiarna talúin agus tionónta, deontais, eastáit eiséata agus saincheisteanna pleanála agus teidil don Stát. Tá sé eagraithe i dtrí Rannóg, an Rannóg um Oifig na nOibreacha Poiblí / Sláinte agus Leanaí, an Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt agus an Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta.

Rannóg Oifig na nOibreacha Poiblí/Sláinte agus Leanaí

Gníomhaíonn an Rannóg seo go príomha le haghaidh Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn ("OPW") agus pléann sí le fáil, diúscairt agus léasú obair Sheirbhísí Bainistíochta Maoine OPW. Tá Sheirbhísí Bainistíochta Maoine OPW freagrach as soláthar cóiríochta oifige do Ranna, Oifigí, Gníomhaireachtaí agus Binsí an Rialtais, chomh maith le bainistíocht leanúnach phunann maoine an Stáit, arb í an phunann mhaoine is mó sa Stát. Pléann an Rannóg le roinnt oibre do Sheirbhísí Bainistíochta Maoine OPW, Seirbhísí Innealtóireachta OPW agus Seirbhísí Cothabhála Maoine OPW. Pléann an Rannóg le hobair don Roinn Sláinte agus Leanaí agus don Roinn Airgeadais chomh maith. Ghlac an Roinn freagracht le linn na bliana as dhá réimse bhreise oibre – idirbhearta oidhreachta agus tarscaoiltí an Achta Mhaoine Stáit.

Baineann obair na Rannóige le tíolacadh tráchtála agus áirítear uirthi, léasú tráchtála; saincheisteanna agus comhairle tiarna talún – tionónta; fáltais agus diúscairtí; tógáil agus ábhair agus comhairle bhainteach; comhaontuithe tráchtála a bhaineann le

comhairlí maoine agus teidil. Tugtar faoi fháltais agus diúscairtí maoine faoi Chlár Rialtais éagsúla agus is riachtanas leanúnach é léasú cóiríochta do Ranna Rialtais.

Ar an obair ar tugadh fuithi i rith 2008, áiríodh an méid seo a leanas:- fáil chóiríochta nua i mBaile Átha Cliath d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Oifig Scrúdóir na Scannán agus HIQA; Ceadúnas an Cheolárais Náisiúnta; obair leanúnach ar dhiúscairtí tithíocht inacmhainne – Céim II Shráid Fhearchair agus Teach Broc; chéad chlárú na maoine a fuarthas faoin gClár um Dhílárú agus an Clár um Fháil Láithreán Scoile; bronnadh leanúnach na gceadúnas teilefóin phóca, leathanbhanda agus raidió dhigitigh ar mhaoin Stáit; obair ar leas scaire ioncaim *Philips Duphar* ar Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh; obair leanúnach ar Thionscadal an Mhoil Dhigitigh agus comhairle mhaoine don Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le socruithe léasúcháin do Thionscadal Chomhlonnú Ospidéal Thamhlachta.

An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt

I rith 2008, phléigh an Rannóg seo le hábhair idirbhearta agus chomhairleacha mhaoine do na Ranna Rialtais seo a leanas – an Roinn Cosanta; an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta; an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Iompair, Fiontar agus Fostaíochta agus an Roinn Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha. Áiríodh ar an obair díolacháin faoin dTionscnamh Tithíochta Inacmhainne, mar shampla Campa Bhaile Mhic Gormáin, Co. na Mí agus Magee Barracks, Co. Chill Dara agus díolacháin mhaoine míleata a sháraíonn riachtanais, cosúil leis na Beairic san Aonach agus Beairic RDF, an Chathair, Co., Thiobraid Árann. Phléigh an Rannóg chomh maith le malartuithe talún, mar shampla, 400 acra i mBaile an Aba, Co. Bhaile Átha Cliath le haghaidh cheanncheathrú nua Chumann Sacair na hÉireann agus Ceadúnais agus Léasanna Imeall Trá le forbairt Chalafort Bhaile Átha Cliath agus ceantar Dugaí Chorcaí a thabhairt san áireamh. In 2008 phléigh an Rannóg le Deontais Chapitil faoin gClár Caipitil Spóirt (m.sh. Staidiam Bhóthar Lansdún), Clár ACCESS (m.sh. *Wexford Opera House* agus an *Light House Cinema*, Baile Átha Cliath) agus an Clár Linnte Snámha (m.sh. linn snámha *Waterford Crystal* agus linn Bhaile Locha Riach, Co. na Gaillimhe).

An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta

Áiríodh ar an obair a rinne an Rannóg seo i rith 2008 gnéithe maoine don Scéim Slánaíochta Sásaimh d'Institiúidí Cónaitheacha, tarscaoileadh maoin cuideachtaí lánscortha faoin Acht Maoine Stáit 1954, a phléann le heastáit eiséata i gcás inar comharba díthiomnach deiridh é an Stát, léasanna scoile, ceannacháin láithreacha do scoileanna agus príosúin, léasanna tráchtála don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 de na hAchtanna um Chlárú Teidil 1964 -2006 agus deontais chun críocha cultúir. Bhain an obair oidhreachta le fáil séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla. Fuarthas líon mór portach agus móinchearta i dtíortha éagsúla thar ceann an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun críocha caomhnaithe. Áiríodh ar na hidirbhearta móra a láimhseáladh in 2008, Fuarthas líon mor portach agus móincheart i roinnt contaetha éagsúla thar ceann an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun críocha caomhnúcháin. Ar na mór-idirbhearta a láimhseáladh in 2008, áiríodh gníomhú thar ceann Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí maidir le ceannach maoine ar an mBlascaod Mór, Co. Chiarraí.

An Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn

Tá trí Rannóg mar chuid den Rannán seo, is iad sin, an Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta agus Rannóg na nÉileamh Tortach.

An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta

Pléann an Rannóg seo le cásanna Eiseachadta agus iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha thar ceann an Ard-Aighne agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. In addition, it deals with Mutual Assistance applications in the District, Circuit and High Courts on behalf of the Minister for Justice, Equality and Law Reform. Soláthraíonn an Rannóg seirbhísí Aturnae don Gharda Síochána agus Ranna cliaint maidir le hábhair cosúil le hIonchoisní, iarratais Cheadúnaithe, iarratais i leith an *Police Property Act*, iarratais ar Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, Achomhairc chuig Cúirt Achomhairc na nArmchúirteanna agus Ionchúisimh Aire.

I rith 2008 phléigh an Rannóg le 198 iarratas nua Barántais Ghabhála Eorpaigh, 6 chás nua Eiseachadta ó lasmuigh den Aontas Eorpach, 87 iarratas nua Cúnaimh Fhrithpháirtigh, 135 ionchúiseamh na hOifige Cuideachtaí, 14 Ionchoisne, 21 iarratas ar Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, 183 iarratas ar Cheadúnas Deochanna Meisciúla,

13 Iarratas Mhaoin an Gharda Síochána, 1 Achomharc Armchúirte agus raon ionchúiseamh Airí, lena n-áirítear 549 ionchúiseamh Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus 15 ionchúiseamh Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

In 2008, rinne Ceann na Rannóige bainistíocht chomh maith ar 7 gcinn as na Ionchoisní i mBaile Átha Cliath.

Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta

Pléann an Rannóg seo le caingne sibhialta i gcoinne an Gharda Síochána. Áirítear ar na cásanna, éilimh ar dhamáistí mar gheall ar ghabháil éagórach, príosúnacht neamhdhleathach, clúmhilleadh agus ionchúiseamh mailíseach. Ina theannta sin, pléann sé le hiarratais follasaithe neamhpháirtí a lorgaíonn nochtadh doiciméadaithe ón nGarda Síochána.

Pléann an Rannog seo le gach éileamh a dhéanann an Garda Síochána faoi na Achtanna Garda Síochána (Cúiteamh) 1941 agus 1945.

Chomh maith leis sin, feidhmíonn an Rannóg thar ceann Údaráis an Gharda Síochána os comhair Choimisiún Imscrúdaithe Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath.

In 2008, phléigh an Rannóg le 154 cás ginearálta an Gharda Síochána agus 213 cás Cúitimh an Gharda Síochána.

Rannóg na nÉileamh Tortach

Pléann an Rannóg seo leis an dlíthíocht mí-úsáid leanaí go léir a thagann chun cinn ó éilimh mhí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus Scoileanna Lae. Tar éis don Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2005 teacht i bhfeidhm (IR Uimh. 503 de 2005) (Feidhmeanna Bainistíochta Éileamh a Tharmligean) 2005 an 1 Meán Fómhair 2005, ghlac an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát freagracht as bainistíocht a dhéanamh ar dhlíthíocht mí-úsáid leanaí agus cuireann an Rannóg seirbhísí dlí ar fáil don Ghníomhaireacht i ndáil le héilimh den chineál sin. Tá foireann Aturnaetha sa Rannóg chun dlíthíocht maidir le Mí-Úsáid Scoile Lae a láimhseáil agus tá Aonad speisialta ann chun déileáil le cásanna Mí-Úsáid Chónaithe.

Pléann an Rannóg chomh maith le héilimh ar dhamáistí as díobháil a tharlaíonn do bhall de na Fórsaí Cosanta, lasmuigh den Stát, le linn dóibh fónamh don Stát, cásanna státseirbhíse um bulaíochta agus ciapadh agus achomhairc chuig an Ard-Chúirt ag daoine ionfhabhtaithe le Heipitíteas C nó VEID nó an dá cheann, trí riaradh fola nó táirgí fola. Bhí **128** cás nua sa Rannóg in 2008.

An Rannán Comhairleach

Tá ceithre Rannóg mar chuid den Rannán Comhairleach – an Rannóg Shainchomhairleach, an Rannóg Chomhairleach Ghinearálta, an Rannóg um Dhlithíocht Stáit agus na hEorpa agus an Rannóg um Chonarthaí Tráchtála.

An Rannóg Shainchomhairleach

Tá freagracht ar an Rannog seo as plé le hobair Bhinsí Fiosrúcháin agus sholáthair sí ionadaíocht don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag Binse Morris agus phléigh sé leis na saincheisteanna costas a d'eascair as. Pléann an Rannóg le cásanna acmhainní nádúrtha chomh maith le hobair chomhairleach rialála agus ionchúisimh áirithe Aire agus cuireann sé cúltacaíocht ar fáil don Rannóg Chomhairleach Ghinearálta.

An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta

Tá an Rannóg seo freagrach as ábhair chomhairleacha ghinearálta a chuimsíonn dlíthíocht Ghearánaigh a thionscnamh thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, cúnamh frithpháirteach, imeachtaí dlí cuideachtaí, eadráin, ábhair maidir le huchtú, ábhair chlárúcháin shibhialta, ábhair chomhairle an Gharda Síochána, comhairle a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, mianadóireacht agus táiscéalaíocht agus forbairt pheitriliam, ionchúisimh fiadhúlra, ionchúisimh ghnáthóige, bailiúchán fiach chun ró-íocaíocht phinsin Stáit agus neamhíocadh muirear stórála feithicle a ghnóthú, deontas agus íocaíochtaí REPS, gnóthú agus cur i bhfeidhm chinntí Ombudsman na bPinsean, chomh maith le hionadaíocht a dheanamh ar an Stát os comhair Binsí Fiosrúcháin maidir le saincheisteanna lena mbaineann suim phoiblí. Áiríodh ar an obair Bhinse chomh maith, ionadaíocht a dhéanamh ar an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag nBinse agus comhairle a chur ar an Aire Airgeadais maidir le costais a d'éiligh tríú páirtithe ag Binsí.

Cásanna um Dhlíthíocht Stáit agus na hEorpa

Pléann an Rannóg seo le cásanna a thagann os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí agus na Cúirte Céadchéime. Láimhseálann sé imeachtaí dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí arna dtionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Éireann agus nósanna a thionscnaíonn Éire i gcoinne an Choimisiúin chomh maith le cásanna ina ndéanann Éire idirghabháil in imeachtaí lena mbaineann Ballstát eile. Pléann an Rannóg chomh maith le hobair Fostaíochta agus déanann sé ionadaíocht ar Ranna agus Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair an Choimisinéara um Chearta, na Cúirte Oibreachais, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus an Stiúrthora Imscrúduithe Comhionannais. Cuireann an Rannóg comhairlí dlí ar fáil anuas air sin, maidir le saincheisteanna fostaíochta Státseirbhíse chomh maith le hiarratais ar athbhunú cuideachtaí a láimhseáil.

Rannóg na gConarthaí Tráchtála

Soláthraíonn an Rannóg seo comhairle maidir le conarthaí tráchtála do Ranna agus Oifigí Rialtais, lena n-áirítear déileáil le saincheisteanna soláthair, idirbheartaíocht chonartha agus dréachtú. Láimseálann sé obair chonartha i raon leathan réimsí, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise, maoin intleachtúil, fostaíocht, pinsin, cúrsaí muirí, eitlíocht agus acmhainní nádúrtha.

Cuid II: Forbairtí Eagríochtúla

Coistí Comhairleacha Bainistíochta

Tháinig Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh-MAC), agus ionadaí ar an lucht bainistíochta sinsearach ar Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, le chéile **5** huaire i rith 2008 chun comhairle a thabhairt don Ard-Stiúrthóir maidir le saincheisteanna a bhain leis an dá Oifig, lena n-áirítear saincheisteanna a bhain leis an gclár oibre um nuashonrú. Bunaíodh ionadaí MAC Dlí ar an dá Oifig in 2006, ar fhreastail an tArd-Aighne air in 2006 i gcomhthéacs mholadh na Tuarascála um Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shúilleabháin, Meitheamh, 2006). Tháinig an MAC Dlí le chéile **3** huaire in 2008 agus dhírigh sé ar shaincheisteanna reatha dlí san Oifig. Tháinig Coistí áitiúla Comhairleacha Bainistíochta ar leithligh le chéile chomh maith ar bhonn míosúil chun comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an an bPríomhdhreachtóir Parlaiminte agus ar an bPríomh-Aturnae Stáit, de réir mar is cuí.

Soláthar Foirne

Faoi dheireadh 2008, bhí 138 i gceist le líon na mball foirne údaraithe in Oifig Shráid Mhuirfean. Bhí 249 i gceist le líon na mball foirne údaraithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag deireadh 2008. Earcaíodh na baill foirne nua comhairle dlí, dréachtaithe, riaracháin agus chléireachais i rith na bliana in Oifig Shráid Mhuirfean agus earcaíodh baill foirne dlí, theicniúla, agus riaracháin in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Ráitéas Straitéise 2008 – 2010

De réir an Chinnidh ábhartha Rialtais, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise 2008 - 2010 chun na hathruithe a d'fhógair an Rialtas i mí na Bealtaine 2008 agus forbairtí eile deireanacha a ghlacadh san áireamh. Tugadh an t-athbhreithniú chun críche ag deireadh 2008 agus cuireadh Ráiteas Straitéise athbhreithnithe faoi bhráid an Ard-Aighne lena bhreathnú de réir na sprioclíne reachtúla.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Déantar cur síos ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm tiomantas a leagtar amach i *Treoir Seirbhíse Cliaint 2005 – 2007* agus *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí* Oifig Shráid Mhuirfean agus *Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005 – 2007* agus *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí* Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i gCaibidil 4 go dtí 7 den Tuarascáil seo. Áirítear ar na Caibidlí seo dul chun cinn a baineadh amach i dtreo fhorbairt na gCairteacha Cliant agus Custaiméirí 2008 – 2010, Treoir Seirbhíse Cliant 2008 – 2010 agus an Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2008 – 2010.

Teicneolaíocht Faisnéise

Lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn suntasach ar chur i bhfeidhm a Straitéise Teicneolaíocht Faisnéise in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. I rith 2008, díríodh an príomhfhócas i gcónaí ar a thuilleadh daingnithe a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead sna dá Oifig (ACME) agus daingniú, feabhsú agus úsáid níos mó an Chórais chomhtháite Bhainistíochta Airgeadais agus an Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna. Ina theannta sin, choimeád an Oifig a bonneagar TF faoi athbhreithniú go leanúnach agus thug sí faoi

roinnt feabhsúchán chun a chinntiú go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Déantar cur síos ar an dul chun cinn a baineadh amach i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

Bainistíocht Eolais

Lean an Oifig ar aghaidh le cultúr comhroinnte eolais laistigh de na hOifigí a chur chun cinn i rith 2008, agus rinneadh dul chun cinn ar obair maidir le forbairt Straitéise nua um Bainistíocht Eolais. Tá léargas ar an dul chun cinn a rinneadh ina leith sin ar fáil i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

Forbairt Seirbhísí Dlí

Lean an Oifig ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus feabhsú a thuilleadh speisialtóireachta i rith 2008 chun freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha an Rialtais agus Ranna agus Oifigí cliaint agus ag obair i dtreo a straitéise le speisialtóireacht mhéadaithe i bpríomhréimsí.

Rialáil Níos Fearr

De réir na dtiomantas a leagtar amach i bPáipéar Bán "Rialáil Níos Fearr", bhain tionchar le tograí na hOifige maidir le inrochtaineacht agus comhleanúnachas Dhlí Reachtach na hÉireann i gcónaí d'obair na hOifige in 2008.

Tuarascáil um Athbhreithniú ar Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shúilleabháin, Meitheamh, 2006)

Lean an Oifig ar aghaidh ag athbhreithniú a Plean Gníomhaíochta i rith 2008 chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Uí Shúilleabháin um Athbhreithniú ar Oifig an Ard-Aighne, ar foilsíodh é i mí an Mheithimh 2006. D'ainneoin gur cuireadh na moltaí go léir i bhfeidhm, chuathas i gcomhairle le Coistí Comhairleacha Bainistíochta Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, Comhchoiste Shráid Mhuirfean/Coiste Comhairleach Bainistíochta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean maidir le forbairtí a tháinig chun cinn as an Tuarascáil, de réir mar a bhí cuí. Thuairiscigh an Oifig ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Uí Shúilleabháin ina Ceathrú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn a chuir sí le chéile faoi *I dTreo 2016* do Ghrúpa Fíorúcháin um Fheidhmíocht na Státseirbhíse i mí an Mheithimh, 2008.

Tionscnaimh Oibre Tras-Feidhme

I rith 2008 lean foirne tras-feidhme lenar bhain baill foirne ó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag oibriú i dtionscadail, lena n-áirítear an Tionscadal um an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead, an Tionscadal um an gCóras Bainistíochta Airgeadais, an Tionscadal um an gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna agus an Tionscadal um an Straitéis Bainistíochta Eolais.

Ina theannta sin, d'oibrigh baill foirne ón dá Oifig le chéile ar shaincheisteanna cosúil le tabhairt chun crícha an Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartais i leith Riarachán scéim an Ard-Aighne.

Solúbthacht Eagraíochtúla in Oifig Shráid Mhuirfean

Lean an Oifig ar aghaidh le cur i bhfeidhm tograí i rith 2008 chun solúbthacht eagraíochtúla a mhéadú de réir na dtiomantas a leagadh amach faoin gComhpháirtíocht Shóisialta *I dTreo 2016*. Bíonn gluaisteacht shuntasach baill foirne ag feidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean, laistigh de na Grúpaí Comhairleacha Parlaiminte agus idir na Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha chomh maith agus laistigh de na hAonaid Ghnó Riaracháin, d'fhonn freagairt a thabhairt ar éilimh phráinneacha oibre.

Áiríodh an méid seo a leanas ar shainshamplaí solúbthachta a léirigh Oifig Shráid Mhuirfean i rith 2008:

- Sannadh leanúnach bainisteoirí tionscadail lánaimseartha agus pearsanra eile don Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus do thionscadail MIF/an Chórais Bhainistíochta Airgeadais;
- Fáil a bheith ar bhaill foirne dlí agus riaracháin i gcónaí chun páirt a ghlacadh i dtionscadail éagsúla TF, go háirithe maidir le hionadaíocht ar choistí rialachais tionscadail ábhartha agus úsáideoirí gnó agus baint a bheith acu in obair na gcoistí sin;

- Diansaothrú sa soláthar oiliúna d'úsáideoirí an Chórais ACME agus an Chórais Bhainistíochta Airgeadais.

Léiríodh an tsolúbthacht sin le linn tréimhse inar mhéadaigh ualach oibre na hOifige go suntasach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Lean foireann trasfeidhme, inar cuimsíodh baill foirne Chlárlainne, dlí, dréachtaithe agus riaracháin ar aghaidh ag comhoibriú chun doiciméid a aithint a bhí le n-aistriú chuig Oifig na Cartlainne Náisiúnta chun go n-eiseofar iad i mí Eanáir 2009. Ar an iomlán, aistríodh 1,494 comhad in 2008 agus coinníodh 49 siar de réir Alt 8(4) den Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 toisc go raibh faisnéis phearsanta iontu.

Solúbthacht Eagraíochtúil in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is tosaíocht í an tsolúbthacht eagraíochtúil san Oifig, lena mbaineann atheagrú foirne, freagrachtaí agus Rannóg, de réir gá, mar fhreagairt ar éilimh athraitheacha na gcliant.

Lean an Oifig ar aghaidh leis an tsolúbthacht maidir le leithdháileadh a hacmhainní foirne do Bhinsí Fiosrúcháin. Lean seachtar aturnaetha ar aghaidh ag obair ar na Binsí Fiosrúcháin, ata á reáchtáil ag an am céanna. Chomh maith leis sin, lean an Oifig ar aghaidh ag soláthar beirt aturnaetha de réir mar a bhí gá leo chun ionadaíocht a dhéanamh ar Leas Poiblí ag Binsí.

Ar roinnt de na samplaí solúbthachta ní ba shainiúla a léirigh an Oifig i rith 2008, áiríodh iad seo a leanas:

- Lean painéal aturnaetha a bunaíodh le haghaidh fostaíocht ghearrthréimhseach chun baill foirne bhunaithe a bhí ar sos gairme agus ar saoire shínte a athsholáthair, ar aghaidh ag feidhmiú;
- Maidir le foinsiú allamuigh leanúnach gach dualgais 'chléireachais' lasmuigh le gnólacht phríobháideach, d'oibrigh sé chun sásaimh na hOifige;
- Leanadh le feidhmiú an phainéil ar ghlao-dhualgas le haghaidh iarratais phráinneacha cúirte lasmuigh d'uaireanta oifige;
- Bunaíodh painéal chun plé le hionchoisní lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Lean an Oifig ar aghaidh le beartas gluaisteachta foirne inmheánaí a fheidhmiú.

- Bhí painéal aturnaetha seachtracha ar fáil d'Oifig na nOibreacha Poiblí chun sainseirbhís dlí a sholáthar don OPW ag costais iomaíocha. Bhain i bhfad níos mó leis an obair seo i gcomparáid leis an obair a rinne an Oifig go díreach don OPW.
- Phléigh baill foirne dhlíthiúla le líon méadaithe cásanna Ard-Chúirte in ionaid chúige mar thoradh ar chásanna liostaithe Ard-Chúirte le héisteacht ar fud na tíre.

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise

Leagtar amach staitisticí maidir le hiarratais chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in **Iarscríbhinn G**.

I rith 2008, lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cur comhairle ar an Lárionad Beartais sa Roinn Airgeadais maidir le saincheisteanna dlí a bhain le cur i bhfeidhm agus forghníomhú na nAchtanna.

Forbairtí Eile Eagraíochtúla

Déantar cur síos i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo ar an dul chun cinn a baineadh amach in 2007 maidir le forbairtí eile suntasacha, cosúil le hIniúchadh Inmheánach, an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016*, an próiseas Comhpháirtíochta agus Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus AE agus saincheisteanna Idir-Roinne

Ghlac baill foirne dlí agus Riaracháin sna hOifigí páirt sna grúpaí oibre chomh maith agus bhí baint acu le raon saincheisteanna idir-roinne a liostaítear in **Iarscríbhinn F.**

Caibidil 4: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú Sprioc 1

Sprioc 1 – Na hAbhcóidí Comhairleacha

Saintacaíocht agus sainchomhairle ardchaighdeáin a chur ar fáil don Ard-Aighne agus dualgais a oifige á gcomhlíonadh aige trí shainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar ar mhodh freagrach, éifeachtúil agus éifeachtach i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas.

Is iad seo a leanas na cuspóirí, na straitéisí agus na táscairí feidhmíochta a bheidh I gceist leis an Sprioc seo a chomhlíonadh:

<u>Cuspóir 1</u>

Sainseirbhís ardchaighdeáin chomhairleach dlí a sheachadadh dár gcliaint le tacaíocht ó bhainistíocht eolais agus teicneolaíocht faisnéise.

Straitéis 1
Príomhthiomantais na hOifige a sheachadadh ina *Treoir Seirbhíse Cliant 2008 – 2010* agus ina *Cairt Chliant agus Chustaiméirí do na hAbhcóidí Comhairleacha agus Riarachán*.

Táscaire feidhmíochta

Meastóireacht déanta ar chomhlíonadh thiomantais na Treorach agus na Cairte Seirbhíse Cliant trí athbhreithnithe foirmiúla rialta, cruinnithe bliantúla an Phainéil Chliant agus suirbhéanna cliant in 2008 agus 2010. Dul chun cinn agus feabhsú a thagarmharcáil i gcomparáid le torthaí suirbhé agus athbhreithnithe roimhe sin a dhéanann breathnú ar:

- Éifeachtúlacht maidir le cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh le cliaint;
- Freagrúlacht agus tráthúlacht i bhfeidhmíocht seachadta seirbhíse;
- Cruinneas, ardchaighdeán agus comhleanúnachas aschur oibre/na comhairle a sholáthraítear;
- Seachadadh ginearálta agus gairmiúlacht seirbhíse na nAbhcóidí Comhairleacha;
- An méid a chuireann cliaint le seachadadh seirbhíse;
- Feabhsuithe a baineadh amach le linn na tréimhse idirlinne.

Straitéis 2

Comhoibriú dlúth a chothabháil idir an OPC, an CSSO agus comhairleoir dlí na Roinne maidir le hobair dlí a láimhseáil

Táscairí Feidhmíochta

- Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar nósanna imeachta agus cleachtais a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa um Rialú Cáilíochta Reachtaíochta;
- Comhordú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais agus Oifigí Stáit eile i Ranna Rialtais agus Oifigí Stáit eile léirithe agus cruinnithe rialta reáchtáilte leis na haonaid dlí sin;
- Feabhsú leanúnach a lorg ar oibriú agus forbairt an chórais bhainistiochta cásanna agus taifead agus úsáid an chórais leis an obair dlí go léir a láimhseáil.

Straitéis 3

Forbairt leanúnach na bainistíochta eolais.

Táscaire Feidhmíochta

- Contribute to and participate in legal issues meetings;
- Continued inclusion of relevant documents on know-how database;
- Continue to share knowledge and expertise at legal Group meetings.

Straitéis 4

Beartais bhainistíochta riosca na hOifige a chur i bhfeidhm.

Táscaire Feidhmíochta

- Faisnéis a sholáthar don Ard-Stiúrthóir, Coistí Comhairleacha Bainistíochta agus an tArd-Aighne maidir le réimsí lena mbaineann riosca suntasach;
- Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige a dhaingniú, lena n-áirítear athbhreithniú foirmiúil rialta ar Chláir Riosca Ghrúpa agus Chorparáide;
- Leanúint ar aghaidh le forbairt agus athbhreithniú córais um monatóireacht ar chomhaid íogaire dlí;
- Tuairisciú a dhéanamh trí huaire sa bhliain don Rialtas maidir le dlíthíocht íogair;
- Comhaontú agus cloí le beartais, prótacail agus sreabhadh oibre na hOifige.

Straitéis 5

Páirt a ghlacadh i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig chun seachadadh aschur a chinntiú de réir Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige agus luach ar airgead á dheimhniú.

Táscaire Feidhmíochta

- Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus seachadadh aschur ar fud raon tascanna dlíthiúla roghnaithe i gcomhthéacs Chlár na nAbhcóidí Comhairleacha do Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige;
- Acmhainní a phleanáil agus a dháileadh ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre agus castacht agus méid na hoibre sin;
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh, in éineacht le CSSO ar chaighdeán na seirbhíse a sholáthraíonn na habhcóidí seachtracha.

Straitéis 6
Pleanáil a dhéanamh don am amach anseo i leith seirbhísí dlí comhairleacha.

Táscaire Feidhmíochta

- Athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar na seirbhísí dlí agus gníomhaíochtaí eile a sholáthraítear le deimhniú cén athruithe, más ann, ar chóir a dhéanamh ar an modh seachadta nó bainistíocht eagrúcháin;
- Monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna dlí a thagann chun cinn agus freagairt a thabhairt orthu.

<u>Cuspóir 2</u>

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige a bhaineann leis na hAbhcóidí Comhairleacha a chur i bhfeidhm.

Straitéis 1
Baill foirne na nAbhcóidí Comhairleacha a earcú, a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu.

Táscairí Feidhmíochta

- Cead cuí a lorg ón Roinn Airgeadais d'Abhcóidí Comhairleacha agus iad a earcú de réir mar a bhíonn riachtanach;
- Ionduchtú Abhcóidí Comhairleacha nua ag teacht isteach ag an Oifig Athbhreithnithe;
- Athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar riachtanais shonracha oiliúna agus forbartha do na hAbhcóidí Comhairleacha.

Straitéis 2

Clár oiliúna straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i saincheisteanna dlí agus bainistíochta.

Táscairí Feidhmíochta

- Clár a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm um oiliúint bhreise/leanúnach oiliúna agus forbartha do na hAbhcóidí Comhairleacha;
- Tacaíocht agus oiliúint a sholáthar d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht.

Straitéis 3

Cur i bhfeidhm cuí CBFF a chinntiú do gach ball foirne dlí.

Táscairí Feidhmíochta

- Na tosaíochtaí comhtháite oiliuna agus forbartha CBFF agus Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm;
- Athbhreithniú bliantúil do bhaill ó gach sainghrúpa ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna i CBFF, oideachas, oiliúint agus forbairt a bhaint amach.

Cuspóir 3

Cúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.

Straitéis 1

Cur le seirbhís éifeachtach phoiblí trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.

Táscairí Feidhmíochta

- Comhordú le comhairleoirí dlí a léiriú i Ranna Rialtais agus Oifigí eile Stáit le cruinnithe rialta athbhreithnithe leis na haonaid dlí sin;
- Oibriú iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha chuig Ranna Rialtais a dhaingniú agus a mhionchóiriú, lena n-áirítear athbhreithnithe bliantúla ar oibriú shocraíochtaí iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha;
- Athbhreithniú agus feabhsú a chur ar an gcóras chun an cur chuige maidir le dlíthíocht intíre agus ECJ a éascú agus a chomhordú;
- Athbhreithniú agus a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar ról an Chomhairleora Dlí le Buanionadaíocht na hÉireann don Aontas Eorpach;
- Páirt a ghlacadh in obair AGO/Choiste Comhairliúcháin an Choiste um Athchóiriú an Dlí.

Straitéis 2

Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas i gcur i bhfeidhm na dlíthíochta agus beartas scéime cúitimh maidir le láimhseáil saincheisteanna tras-Rannacha.

Táscairí Feidhmíochta

- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus coistí oibre idir-rannacha maidir le saincheisteanna tras-Rannacha agus comhairle a thabhairt dóibh.

Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

Cuspóir 1

I rith 2008, dhírigh taobh Comhairleach Oifig Shráid Mhuirfean ar a thuilleadh forbartha, feabhsaithe agus mionchoigeartaithe speisialtóireachta mar phríomhghné maidir le gnóthú Spriocanna, Cuspóirí agus Straitéisí na hOifige. Is í an straitéis fhoriomlán a bhaineann le speisialtóireacht an ghné is tábhachtaí maidir le seirbhísí éifeachtacha dlí a sholáthar sa raon oibre dlí atá go heisceachtúil leathan a bhfuil baint ag an taobh Comhairleach leis. I rith na bliana, thug an Oifig faoi atheagrú na nGrúpaí Comhairleacha ag féachaint do sheachadadh na seirbhísí a thabhairt de réir riachtanais athraitheacha na gcliant. Tugadh atheagrú na nGrúpaí Comhairleacha

chun críche ag deireadh 2007 chun seachadadh na seirbhísí a thabhairt de réir riachtanas athraitheach cliaint. Bhí anailís agus athbhreithniú ar ualach oibre agus comhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha go léir i gceist leis an bpróiseas, rud a rinne éascaíocht do réimsí nua ag teacht chun cinn a aithint, a ndéanann siad na gníomhaíochtaí/seirbhísí go léir ar chóir d'údaráis eile inniúla bainistíocht a dhéanamh orthu, a leathnú, a athbhreithniú agus a aithint agus a aithníonn an gá le bheith ag coinne le riachtanais chliaint agus aiseolas ó chliaint a bhfaightear i ngach réimse dlí.
In 2008, lean na Grúpaí Comhairleacha ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar obair trí chóras foirmeálta lenar bhain timthriallta athbhreithnithe ocht seachtaine. Rinne na Grúpaí tosaíocht d'obair trí chruinnithe rialta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le Ranna cliaint a reachtáiltear i rith na bliana. Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar ábhair obair-bhainteacha, chuir na cruinnithe sin deis ar fáil freisin chun aiseolas ó chliaint a thomhas maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse agus chun béim a leagan ar shaincheisteanna nua a bhí ag teacht chun cinn. Mar shampla, sna cruinnithe eiseachadta / Barántais Ghabhála Eorpaigh a reachtáiltear dhá uair sa mhí le Ranna cliaint, an Garda Síochána agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i rith na bliana, pléadh le saincheisteanna maidir le cásanna aonair, catagóirí cásanna, bainistíocht na réimse, cumarsáid idir páirtithe leasmhara, cuir chuige agus straitéisí a bhí le cur in iúl don phainéal comhairle agus idirchaidreamh le Stáit iarrthacha agus an tSeirbhís Chúirteanna.

Tháinig grúpaí le chéile go rialta laistigh den Oifig i rith 2008 chun plé a dhéanamh faoin ualach oibre agus saincheisteanna a bhain go sonrach leis an gcás. Áiríodh ar shamplaí de chruinnithe den chineál sin, an cruinniú míosúil um Shaincheisteanna Dlí, grúpa na ndlíodóirí tearmainn agus cruinnithe seachtainiúla Ghrúpa na nAbhcóidí Comhairleacha. Chuir na cruinnithe deiseanna luachmhar ar fáil um malartú smaointe agus taithí fios gnó ar fud sainghrúpaí éagsúla.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
I mí Mhárta, 2008, thug an Oifig faoi iarshuirbhé um shástacht chliant agus chustaiméirí na dtaobhacha Comhairleacha agus Riaracháin, a ndearnadh comhairleach seachtrach éascaíocht dó. Bhí torthaí an tsuirbhé, a ndearnadh iad a thagarmharcáil i gcoinne thorthaí an tsuirbhé roimhe, an-dearfach i gcomparáid le torthaí shuirbhé 2004 sna príomhréimsí cumarsáide, freagrúlachta agus tráthúlachta,

cruinnis agus caighdeán na n-aschur agus seachadta seirbhíse. Leag tuarascáil an tsuirbhé béim chomh maith ar aiseolas an-dearfach maidir le saincheisteanna seachadta sheirbhíse agus bhí saincheisteanna a ardaíodh mar bhonn eolais ag forbairt na gCairteacha nua Cliant agus Custaiméirí 2008 – 2010 agus an Treoir Seirbhíse Cliant 2008 - 2010.

Tugann an tábla thíos achoimre ar na rátálacha foriomlána a fuarthas maidir leis an taobh Comhairleach agus léiríonn sé athruithe ar ionchais na gcliant.

Rátálacha agus Tábhacht Feidhmíochta – Abhcóidí Comhairleacha

Fachtóir	Scór Foriomlán (as 10)	Tábhacht (as 10)
Cumarsáid	2008: 6.95 2004: 6.56	2008: 8.62 2004: 8.25
Freagrúlacht/Tráthúlacht	2008: 7.13 2004: 6.75	2008: 8.82 2004: 8.42
Cruinneas agus Caighdeán na nAschur	2008: 7.66 2004: 7.26	2008: 9.34 2004: 8.61
Seachadadh Seirbhíse	2008: 7.55 2004: 7.14	2008: 8.85 2004: 7.95

Tháinig ionadaí an Choiste Chomhairligh Bainistíochta Dlí na hOifige ar gach ceann de na trí réimse dlí de chuid na hOifige – Comhairleach, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chomh maith leis an Ard-Aighne, le chéile **3** huaire chun saincheisteanna leanúnacha dlí laistigh den Oifig. Reachtáladh cruinnithe dhá uair sa mhí chomh maith idir an Oifig agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun cásanna bunreachtúla a bhaineann leis an dá Oifig a phlé.

Ghlac Abhcóide Comhairleach ainmnithe páirt in obair roinnt coistí rialachais tionscadail agus grúpaí oibre éagsúla i rith na bliana, i gcomhthéacs na forbartha leanúnaí agus na hoibre feabhsaithe a dhéantar ar an gCóras nua Cásanna agus Taifead. Lean na Comhairlí Comhairleacha go léir ar aghaidh ag úsáid an chórais i rith na bliana.

Lean comhairliúcháin ar aghaidh i rith na bliana, le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le haistriú freagrachta as ionchúisimh iascaigh chuig an Oifig sin. Cuireadh socruithe eatramhacha i bhfeidhm chomh maith i rith na bliana, lenar fhoinsigh Oifig Shráid Mhuirfean méid suntasach oibre allamuigh chuig na hAturnaetha Stáit in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa chomhthéacs socruithe a dhéanamh chun ionchúisimh iascaigh a aistriú chuig an Oifig sin go buan.

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag tacú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i rith 2008, go háirithe i gcomhthéacs a chláir oibre, a áiríodh i dTríú Clár nua um Athchóiriú ar an Dlí de chuid an Choimisiúin.

Comparáidí le hoifigí eile dlí phoiblí i ndlínsí eile

Ag tús 2008, thug an taobh Comhairleach i gcomhar le taobh dlíthiúil an CSSO faoi thionscadal chun comparáidí a dhéanamh le hoifigí dlí phoiblí eile chun a léiriú conas a chuirtear an Oifig i gcomparáid ó thaobh comhthéacs idirnáisiúnta de. Chuir an tionscadal seo an fheidhm Chomhairleach in Oifig Shráid Mhuirfean agus an fheidhm dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i gcomparáid le 10 nOifig inchomparáide dlí i ndlínsí eile. Leagtar amach thíos achoimre ar Thuarascáil ar an tionscadal ar cuireadh faoi bhráid Ghrúpa Fíorúcháin um Fheidhmíocht na Státseirbhíse í leis an gCeathrú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn faoi *I dTreo 2016* i mí an Mheithimh, 2008.

Tuarascáil na gcomparáidí le hoifigí eile dlí phoiblí i ndlínsí eile

Lorg Oifig an Ard-Aighne comparadóirí i Stáit na hEorpa mar chuid de Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí ionas go mbainfeadh feidhm le srianta comhchosúla dlíthiúla den chuid is mó. Ní féidir comparáidí díreacha a aithint go héasca toisc go mbíonn feidhmeanna dlí phoiblí scaipthe ar fud aireachtaí éagsúla agus aonad beag bunreachtúil sa chuid is mó de na stáit dlí shibhialta, agus pléann gnólachtaí seachtracha go minic le han-chuid den obair chomhairleach agus dlíthíochta. Is í an phríomhoifig dlí an t-ionchúisitheoir in an-chuid stát a d'fhéadfadh a bheith inchomparáide. Lorg an Oifig comparadóirí a phléigh le hobair chomhairleach agus dlíthíochta. Bhí suim ag an Oifig go háirithe, i gcomparáid a dhéanamh idir conas a thomhastar agus a dhéantar meastóireacht ar ualach oibre, feidhmíocht agus seachadadh seirbhíse na seirbhíse incomparáide dlí.

Chuaigh an tArd-Stiúrthóir i dteagmháil le 10 ndlínse Eorpacha agus fuair sé faisnéis chuimsitheach ó oifigí inchomparáide dhlíodóirí an Rialtais i dTuaisceart Éireann agus san Albain agus ó Sheirbhís Dlí Choimisiún an AE. Chomhroinneann na hoifigí sin an ról atá againne maidir le seirbhísí comhairle agus dlíthíochta a sholáthar do chomhlacht feidhmiúcháin poiblí le ranna ar leithligh. Ní bhíonn baint ag na hOifigí le tagarmharcáil le hoifigí eile dlí, seachas go mbíonn teagmháil ag comhlachtaí an Ríochta Aontaithe le hoifigí eile dlí rialtais agus i gcodanna eile den Ríocht Aontaithe.

Agus úsáid á baint as an bhfaisnéis a sholáthair na ndlínsí sin, rinne an Oifig measúnú ar na cuir chuige éagsúla maidir le

A. Tomhas Feidhmíochta
B. Seachadadh Seirbhíse
C. Úsáid Acmhainní

A. Maidir le bainistíocht feidhmíochta, tá spriocanna ag Seirbhís Dlí Choimisiún an AE dá dhlíodóirí i leith líon na gcásanna a bpléann siad leo in aghaidh na bliana agus bíonn baint ag na spriocanna le meastóireacht phearsanta na ndlíodóirí aonair. Baineann na hoifigí incomparáide san Albain agus Tuaisceart Éireann úsáid as córas bainistíochta feidhmíochta le cuspóirí agus critéar meastóireachta atá cosúil leis na cinn atá i bhfeidhm anseo.

B. Tá baill foirne Sheirbhís Dlí Choimisiún an AE an-lárnaithe ar fad ach cuirtear baill foirne chomhlacht Thuaisceart Éireann agus chomhlacht na hAlban ar iasacht ar bhonn teoranta chuig Ranna Rialtais. Bíonn dlíodóirí príobháideacha ag roinnt de na hoifigí chun roinnt dá ndlíthíochta a dhéanamh go seachtrach. Bíonn an nós sin is coitianta in ábhair chonartha agus thráchtála agus roinnt dlíthíochta. Tugann dlíodóirí an Ríochta Aontaithe cúnamh lena ranna cliaint maidir le bainistíocht agus meastóireacht a dhéanamh ar an obair a chuirtear amach ar conradh. Úsáideadh athbhreithnithe an luacha is fearr chun na críche sin.

C. Níl aon nasc foirmiúil ag Seirbhís Dlí Choimsiún an AE idir spriocanna agus acmhainní agus níl cuntasóireacht acmhainnbhunaithe ann. Oibríonn oifigí an

> Ríochta Aontaithe laistigh de chóras buiséadaithe dáilte acmhainní. Ní ghearrann na dlíodóirí i dTuaisceart Éireann táille ar an bhfeidhm chomhairleach ionas nach ndíspreagfar daoine as úsáid a bhaint as. Gearrann siad táille, áfach, sa réimse dlíthíochta agus idirbhearta tráchtála/maoine, ar a ranna cliaint agus toisc go n-úsáideann siad cuntasaíocht ama, iarrtar orthu anois is arís muirir bharúlacha a úsáid.

Fuarthas freagraí mar thoradh ar theagmháil a dhéanamh le hoifigí i ndlínsí dlí shibhialta na hEorpa ach ní fuarthas ceann ar bith go dtí seo ar féidir comparáid úsáideach a dhéanamh leis. Táthar ag feitheamh ar fhreagraí ón Danmhairg, ón Iorua, agus Poblacht na Seice.

Bainistíocht Eolais

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh le cultúr comhroinnte eolais laistigh de na hOifigí a chur chun cinn le linn 2008, chomh maith le bonn eolais a chur ar fáil don comhairle dlí don Rialtais, Ranna agus Oifigí trí fhreastal a dhéanamh ar chruinnuithe Saincheisteanna Dlí agus páirt a ghlacadh iontu agus trí chabhrú le hullmhú Bullaitíní Dlíthiúla agus Choinbhinsiún na hEorpa ar Chearta an Duine (ECHR). Ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt sa Choiste Bainistíochta Eolais agus an Fo-Choiste Fios Gnó, a bhfuil sé mar thasc acu straitéis nua bainistíochta eolais a chur le chéile.

Bainistíocht Riosca

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha le leabú breise beartas foirmiúil bainistíochta riosca laistigh den Oifig i rith 2008. Thuairiscigh na hAbhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne agus Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí i rith na bliana agus go deimhin do chruinnithe an Ard-Stiúrthóra, an Leas-Ardstiúrthóir agus do chruinnithe na nAbhcóidí Comhairleacha agus don Ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha maidir le réimsí agus ábhair lena mbaineann riosca suntasach. I gcomhthéacs na moltaí a tháinig chun cinn as Tuarascáil Uí Shúilleabháin, ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt sa phróiseas i leith cásanna leochaileacha agus bunreachtúla a aithint le cur san áireamh i dTuarascálacha a cuireadh faoi bhráid an Rialtais faoi chásanna den chineál sin i mí Mhárta, mí Iúil agus mí na Samhna 2008. Ina theannta sin, bhí na hAbhcóidí Comhairleacha mar chathaoirleach in 2008 ar chruinnithe Chomhchoiste Bainistíochta Riosca Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

agus thuairiscigh sé go rialta do na Príomhchoistí Comhairleacha Bainistíochta agus na PCBanna áitiúla agus don Choiste Iniuchóireachta i gcomhthéacs straitéis bainistíochta riosca ar fud na hOifige ag an gCoiste, lena n-áirítear beartas riosca, clár riosca corporáideach agus cláir riosca Ghrúpa aonair agus Aonaid Ghrúpa. Rinne Cinn na nGrúpaí Comhairleacha athbhreithniú ar chlár riosca na nAbhcóidí Comhairleacha ag deireadh 2008 agus chuir siad ráiteas dearbhúcháin i gcrích ina leith sin de réir an bheartais bhainistíochta riosca. Reáchtáladh cruinnithe chomh maith le heagraíochtaí ón earnáil phríobháideach ag féachaint do chinneadh a dhéanamh cad a d'fhéadfaí a fhoghlaim ón gcur chuige a d'úsáid siad maidir le riosca a bhainistiú sna heagraíochtaí sin.

Bainistíocht Airgeadais

I rith 2008, ghlac Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha páirt i dTionscadal Pleanála Gnó um Dháileadh Acmhainní na hOifige (RAB) a bhain le breisfhorbairt agus críochú na samhlacha creatlaí chun an costas barúlach ar sholáthar seirbhísí dlí ar fud na nGrúpaí a chinneadh ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre agus castacht agus méid na hoibre. Déanann na samhlacha iniúchadh ar an nasc idir Meastacháin airgeadais agus Ráitis Straitéise agus aschuir na hOifige.

Ghlac Abhcóide Comhairleach I ainmnithe páirt chomh maith sa phróiseas a bhain le Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige a fhorbairt, go sonrach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus seachadadh na n-aschur ar fud raon tascanna dlí roghnaithe a bhain le Clár na nAbhcóidí Comhairleacha, a áirítear mar chuid den Ráiteas.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

In 2008, ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt i bpróiseas um dhaingniú shamhail nua CBFF, lena n-áirítear Aiseolas Aníos laistigh den Oifig. Ag tús na bliana, comhaontaíodh Foirmeacha Próifíle Róil aonair le bainisteoirí, tugadh faoi Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana agus tugadh líon suntasach athbhreithnithe bliantúla chun críche faoi dheireadh na bliana. Soláthraíodh oiliúint CBFF do na hAbhcóidí Comhairleacha nua laistigh de mhí nó dhá mhí díobh tosú san Oifig.

Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí i Ranna Rialtais

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cothú gaolmhaireachtaí inchiallaithe agus dlútha le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais i rith na bliana. Aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann leis na naisc sin i bhfianaise líon méadaitheach saincheisteanna coimpléascacha dlí idir-roinne a thagann chun cinn. Baineann ról ríthábhachtach le naisc leis na comhairleoirí dlí Roinne chomh maith maidir le reachtaíocht a ullmhú. Chomhoibrigh Comhairleoirí Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Roinne le chéile i rith na bliana i raon mór ábhar chun comhleanúnachas a chinntiú sna comhairle a thugtar dóibh i gcomparáid le comhairle eile a thugann an Ard-Aighne.

Iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha chuig Ranna Rialtais

Chuir an Oifig go suntasach le seirbhís éifeachtach phoiblí i rith 2008 trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhisí dlí an Stáit. Baineadh dul chun cinn suntasach amach i rith na bliana maidir le cur i bhfeidhm thionscnamh na hOifige chun Ranna Rialtais rannpháirteacha a earcú agus oiliúint a chur orthu agus na hAbhcóidí Comhairleacha a chur ar iasacht chuig Ranna Rialtais rannpháirteacha. Faoi dheireadh 2008, cuireadh 14 Abhcóide Comhairleach ar an iomlán ar iasacht chuig na Ranna rannpháirteacha. Is iad na Ranna rannpháirteacha an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (beirt ar iasacht), an Roinn Airgeadais, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí (beirt ar iasacht), an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (beirt ar iasacht), an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Iompair.

Fuair gach duine a tháinig ar iasacht oiliúint ghinearálta, chomh maith le sainoiliúint a cuireadh in oiriúint do riachtanais Roinne áirithe, a gcuirfear iad ar iasacht ann. Ar an sainoiliúint a cuireadh ar fáil, áiríodh oiliúint ar shaincheisteanna dlí Eorpacha agus idirnáisiúnta a láimhseáil, taithí a fháil ar chleachtas agus nós imeachta ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (CBE), an Chúirt Chéadchéime agus Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD). Chomh maith leis sin, soláthraíodh oiliúint ar shaincheisteanna cothrománacha dlí, cosúil leis an bpróiseas reachtaíochta, an próiseas dréachtaithe, reachtaíocht tarmligthe agus feidhmiú an tarmligin, dlí fostaíochta i ndáil le conarthaí státseirbhíse, ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Coiste um Chuntais Phoiblí, eitic sa Rialtas. Chuir an Oifig comhairle agus

tacaíocht leanúnach ar fáil chomh maith do na hAbhcóidí sin a chuaigh ar iasacht cheana féin chuig na Ranna rannpháirteacha

Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Roinne

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil i rith 2008 agus ghlac siad páirt i nGrúpaí Oibre maidir le raon saincheisteanna leathana nó saincheisteanna idir-roinne.

Leagtar amach liosta de na Príomhchoistí agus Príomhghrúpaí oibre idir-roinne in **Iarscríbhinn F** den Tuarascáil seo.

Bainistíocht Dlíthíochta – olléilimh go háirithe

I rith na bliana, lean an Oifig ar aghaidh leis an straitéis thábhachtach a chur i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar dhlíthíocht, go háirithe olléilimh, ar mhodh straitéiseach. Stiúir Oifig Shráid Mhuirfean an straitéis dlí fhoriomlán agus reáchtáladh cruinnithe rialta athbhreithnithe idir na hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean, baill foirne dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus oifigigh i Ranna ábhartha chun a chinntiú go raibh olldlíthíocht á bainistiú go héifeachtúil ar bhonn leanúnach.

Dlíthíocht agus Idirghabhálacha na Cúirte Breithiúnais Eorpaí

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh i rith na bliana ag stiúradh na straitéise dlí de réir mar a bhí cuí chun bainistíocht éifeachtach leanúnach dhlíthíocht na Cúirte Breithiúnais Eorpaí (ECJ) a chinntiú. Bhí cruinnithe athbhreithnithe rialta le baill foirne dlí i CSSO agus oifigigh Roinne i gceist leis seo. Leagann **Iarscríbhinn J** den Tuarascáil amach mionsonraí a bhain le roinnt cásanna tábhachtacha os comhair an ECJ in 2008.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Gné eile thábhachtach maidir le seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú is ea cur chuige comhordaithe a ghlacadh i dtaobh an dlí agus teagmhálaithe chun éascaíocht a dhéanamh don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí sa ról atá aige maidir le athbhreithniú, imscrúdú agus foirmiú tograí um athchóiriú an dlí. Lean an taobh Comhairleach ar aghaidh ag déanamh dlúth-chomhoibrithe i rith 2008 le comhghleacaithe sa Choimisiún ina thaobh sin.

Caibidil 5: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Gnóthú Sprioc 2

Sprioc 2 – Dréachtóirí Parlaiminte

Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Cuspóirí 1

Dréachtú a dhéanamh ar

- Billí Rialtais de réir na dtosaíochtaí a leagtar amach i gClár um Reachtaíocht an Rialtais,
- Leasuithe Coiste agus na Céime Tuairiscithe le Bille go tráthúil,
- Ionstraimí reachtúla (lena n-áirítear rialacháin a thugann éifeacht d'achtanna na gComhphobal Eorpach) ar mhodh tráthúil.

Straitéis 1
Comhoibriú a dhéanamh leis an gCoiste um Reachtaíocht an Rialtais i leith monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chláir um Reachtaíocht an Rialtais.

Táscairí Feidhmíochta

- Ullmhú tuarascálacha seachtainiúla don CRR faoi na Billí atá á ndréachtú san Oifig;
- Freastal an Phríomh-Dhréachtóra Pharlaiminte agus Bainisteoirí Grúpa ag cruinnithe an CRR;
- Deimhniú, i gcás ina bhfreastalaíonn Airí ar chruinnithe an CRR, go bhfreastalóidh oifigigh ón Oifig chomh maith atá ag dréachtú Billí don Roinn a bhfuil freagreacht air nó uirthi as.

Straitéis 2
Príomhthiomantais na hOifige i dTreoir Seirbhíse Cliant na hOifige 2008 – 2010 agus Cairt Chliant agus Chustaiméirí a sheachadadh do Dhréachtóirí.

Táscairí Feidhmíochta
Meastóireacht déanta ar chomhlíonadh na dtiomantais sa Treoir agus Cairt Seirbhíse Cliant trí athbhreithnithe rialta foirmiúla agus suirbhéanna cliant débhliantúla. Dul chun cinn agus feabhsú a thagarmharcáil i gcoinne torthaí suirbhéanna agus athbhreithnithe roimhe sin a dhéanann breathnú ar:

- Éifeachtúlacht maidir le cumarsáid a dhéanamh le Ranna Rialtais;
- Freagrúlacht agus tráthúlacht maidir le seachadadh dréachtreachtaíochta;
- Cruinneas, caighdeán agus comhleanúnachas na dréachtreachtaíochta;
- Seachadadh ginearálta seirbhíse agus gairmiúlacht na nDréachtóirí Parlaiminte;

- An méid a chuireann Ranna le seachadadh seirbhíse;
- Feabhsuithe a gnóthaíodh le linn na dtréimhsí idirlinne.

Straitéis 3

Comhoibriú a dhéanamh leis na hAbhcóidí Comhairleacha maidir le comhaid reachtaíochta a láimhseáil.

Táscairí Feidhmíochta

- Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar nósanna imeachta agus cleachtais a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa um Rialú Cáilíochta na Reachtaíochta;

- Feabhsú leanúnach a lorg ar oibriú agus forbairt an chórais bhainistíochta chásanna agus taifead agus úsáid an chorais agus an obair dhréachtaithe ar fad á láimhseáil.

Straitéis 4

Forbairt leanúnach na bainistíochta eolais.

Táscairí Feidhmíochta

- Scaipeadh faisnéise agus eolais i measc dréachtóirí;
- Comhoibriú leis na hAbhcóidí Comhairleacha maidir le heolas agus saineolas a chomhroinnt.

Straitéis 5

An beartas bainistíochta riosca atá ábhartha do na Dréachtóirí Parlaiminte a chur i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Aiseolas a sholáthar don Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte, Coistí Comhairleacha Bainistíochta agus don Ard-Aighne maidir le réimsí lena mbaineann riosca suntasach;
- Straitéis Bainistíochta Riosca na hOifige a dhaingniú, lena n-áirítear athbhreithnithe foirmiúla rialta ar Chláir Riosca Ghrúpa agus Chorparáide;
- Comhlíonadh bheartais, phrótacail agus shreabhadh oibre na hOifige a chomhaontú agus monatóireacht a dhéanamh air.

Straitéis 6

Páirt a ghlacadh i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig chun seachadadh aschur a chinntiú de réir Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige agus luach ar airgead á chinntiú.

Táscairí Feidhmíochta

- Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus sheachadadh ionchur dréachtaithe i gcomhthéacs Chlár na nDréachtóirí Parlaiminte do Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige;

- Acmhainní a phleanáil agus a dháileadh ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre, castacht agus méid na hoibre.

Straitéis 7

Pleanáil a dhéanamh do sheachadadh an Chláir um Reachtaíocht an Rialtais i gcomhar leis an gCoiste um Reachtaíocht an Rialtais.

Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar sheirbhísí dréachtaithe chun a dheimhniú cén athruithe, más ann, a dhéanamh ar an modh seachadta nó bainistíocht eagrúcháin;

- Monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn a bhaineann le dréachtú reachtaíochta agus freagairt a thabhairt orthu.

<u>Cuspóir 2</u>

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige, mar atá ábhartha do na Dréachtóirí Parlaiminte a chur i bhfeidhm.

Straitéis 1

Dréachtóirí Parlaiminte a earcú, a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu.

Táscairí Feidhmíochta

- Cead cuí a lorg ón Roinn Airgeadais chun Dréachtóirí Parlaiminte a earcú agus iad a earcú de réir mar a bhíonn riachtanach;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ionduchtú daoine nua a thagann isteach sna Dréachtóirí Parlaiminte;
- Cruinnithe rialta reáchtáilte le dréachtóirí a earcaíodh le déanaí, dlúthmhaoirseacht a dhéanamh orthu agus aiseolas rialta a thabhairt dóibh maidir le dréachtú;

- Loga oiliúna do dhréachtóirí a earcaíodh le déanaí le hullmhú agus le coimeád cothrom le dáta acu agus le coimeád faoi athbhreithniú ag Bainisteoir Grúpa ar bhonn rialta.

Straitéis 2

Clár oiliúna atá ábhartha do na Dréachtóirí Parlaiminte a chur i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Clár OPC a chur i bhfeidhm le haghaidh oiliúint agus forbairt bhreise/leanúnach.

Straitéis 3

Cur i bhfeidhm cuí CBFF a chinntiú do bhaill foirne OPC.

Táscairí Feidhmíochta

- Na tosaíochtaí comhtháite oiliúna agus forbartha CBFF agus Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm;
- Athbhreithniú bliantúil do bhaill gach sainghrúpa ar dhul chun cinn maidir le spriocanna CBFF, oideachais, oiliúna agus forbartha a ghnóthú.

<u>Cuspóir 3</u>
Cabhrú le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.

Straitéis 1

Cur leis an bpróiseas leanúnach maidir le hAchtanna an Oireachtais a dhéanamh níos sorochtana agus níos éasca le táirgeadh.

Táscairí Feidhmíochta

- Dul i mbun idirchaidrimh le baill Thithe an Oireachtais maidir le Billí a fhormáidiú;
- Comhairliúchán leanúnach a chinntiú le Tithe an Oireachtais maidir le comhoibriú a dhéanamh ar tháirgeadh Achtanna an Oireachtais
- Páirt a ghlacadh i gcomhthionscnaimh a chuireann inrochtaineacht agus comhleanúnachas Leabhar Reachtanna Leictreonacha na hÉireann.

Straitéis 2

Cur le seirbhís poiblí éifeachtach trí chabhrú le seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú.

Táscairí Feidhmíochta

- Bainistíocht éifeachtach leanúnach tionscadail ar an Tionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil a chinntiú i gcomhthéacs chlár oibre Rialáil Níos Fearr;

- Comhoibriú leanúnach a chinntiú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus athráitis don am amach anseo agus Táblaí Croineolaíochta leis na Reachtanna á n-ullmhú acu;

- Comhoibriú a dhéanamh le comhairleoirí dlí i Ranna maidir le tabhairt chun críche Chinn na mBillí;

- Rannpháirtíocht leanúnach i seachadadh na gcúrsaí oiliúna cuí don Státseirbhís ar an próiseas reachtaíochta.

Dul chun cinn a baineadh amach

Cuspóir 1

An Coiste um Reachtaíocht an Rialtais

Lean Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ar aghaidh le ról croílárnach a ghlacadh in obair an Choiste um Reachtaíocht an Rialtais i rith 2008. Déanann an Coiste maoirseacht ar gach Bille Rialtais molta ó chuirtear san áireamh é sa Chlár um Reachtaíocht an Rialtais go dtí go gcuirtear críoch lena chur chun cinn trí Thithe an Oireachtais agus pléann sé le fadhbanna ar bith a thagann chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm réidh pras an Chláir.

Thuairiscigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte gach seachtain don Choiste um Reachtaíocht an Rialtais i rith na bliana, agus mionsonraí á cur ar fáil aici faoi dhul chun cinn dhréachtú na mBillí agus ionstraimí reachtúla an Aontais Eorpaigh. Sholáthair rannpháirtíocht leanúnach an OCP in obair an Choiste sásra ríthábhachtach maidir le hidirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha Rann ar sheirbhísí an OCP.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

I mí Iúil, 2008 rinne OPC iarshuirbhé um shástacht chliaint na hOifige, agus éascú á dhéanamh ag comhairleoir seachtrach dó. Bhí torthaí an tsuirbhé, a ndearnadh iad a thagarmharcáil i gcoinne thorthaí an tsuirbhé roimhe, an-dearfach i gcomparáid le torthaí shuirbhé 2004 sna príomhréimsí cumarsáide, freagrúlachta agus tráthúlachta cruinnis agus caighdeán na n-aschur agus seachadta seirbhíse. Leag tuarascáil an tsuirbhé béim chomh maith ar aiseolas an-dearfach maidir le saincheisteanna seachadta sheirbhíse agus bhí saincheisteanna a ardaíodh mar bhonn eolais ag forbairt na gCairteacha nua Cliant agus Custaiméirí 2008 – 2010 agus an Treoir Seirbhíse Cliant 2008 – 2010.

Tugann an tábla thíos achoimre ar na rátálacha foriomlána a fuarthas maidir leis an OPC agus léiríonn sé athruithe ar ionchais na gcliant.

Rátálacha agus Tábhacht Feidhmíochta – Dréachtóirí Parlaiminte

Fachtóir	Scór Foriomlán (as 10)	Tábhacht (as 10)
Cumarsáid	2008: 7.48 2004: 6.56	2008: 8.79 2004: 8.25
Freagrúlacht/Tráthúlacht	2008: 7.64 2004: 6.75	2008: 8.86 2004: 8.42
Cruinneas agus Caighdeán na nAschur	2008: 8.11 2004: 7.26	2008: 9.43 2004: 8.61
Seachadadh Seirbhíse	2008: 7.77 2004: 7.14	2008: 8.76 2004: 7.95

I rith 2008 chomhoibrigh na Dréachtóirí Parlaiminte go dlúth le comhghleacaithe sna hAbhcóidí Comhairleacha i gcomhthéacs dhréachtú na reachtaíochta. Is éard a bhí i gceist leis sin, cruinnithe athbhreithnithe rialta chun saincheisteanna dlí a phlé de réir mar a tháinig siad chun cinn le linn an phróisis dréachtaithe.

Comparáidí le hoifigí eile dlí phoiblí i ndlínsí eile

Ag tús 2008 thug an OPC faoi thionscadal chun comparáidí a dhéanamh le hoifigí dlí phoiblí i ndlínsí eile chun a léiriú conas a fheidhmíonn an Oifig i gcomparáid le comhthéacs idirnáisiúnta. Chuir an tionscadal seo an OPC i gcomparáid le heagraíocht chomhchosúil i ndlínse eile. Cuireadh achoimre den tuarascáil ar thoradh an tionscadail sin faoi bhráid Ghrúpa Fíorúcháin um Fheidhmíocht na Státseirbhíse í leis an gCeathrú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn faoi *I dTreo 2016* i mí an Mheithimh, 2008.

Tuarascáil ar chomparáidí le hoifigí dlí phoiblí eile i ndlínsí eile

Nuair a bhí breathnú á dhéanamh ar cén oifig dréachtaithe ar chóir a úsáid mar chomparadóir chun a dheimhniú conas a fheidhmíonn an OPC i gcomhthéacs idirnáisiúnta, cinneadh go mbeadh oifig dréachtaithe i ndlínse dlí choitinn ina labhraítear Béarla ina chomparadóir is iomchuí. Braitheadh chomh maith go

d'fhéadfaí an comparáid is cruinne a dhéanamh le hoifig dréachtaithe seachas oifig a d'fhreastail ar thionól cineachta nó parlaimint. Dá réir sin, roghnaíodh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (PCO) i Londain mar chomparadóir.

Rinneadh breathnú ar an tréimhse 5 bliana ó 2003 go dtí 2007. I rith na tréimhse sin, d'fhostaigh an OPC 19 dréachtóir buana agus 5 dhréachtóir conartha ar an meán, agus fostaíonn an PCO 59 dréachtóir buana (a bhfuil beirt acu curtha ar iasacht chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus seisear acu curtha ar iasacht chuig an Tionscadal um Athscríobh an Dlí Chánach faoi láthair).

Léiríonn an Tábla seo a leanas líon na mBillí a dhréachtaigh na hoifigí ábhartha agus a achtaíodh i ngach ceann de na 5 bliana dheireanacha.

Bliain	Billí a achtaíodh (OPC Bhaile Átha Cliath)	Billí a achtaíodh (PCO i Londain)
2007	42	31
2006	42	55
2005	34	24
2004	44	38
2003	46	45

OPC Bhaile Átha Cliath: Meán bliantúil thar thréimhse 5 bliana - 41.6

PCO i Londain: Meán bliantúil thar thréimhse 5 bliana - 38.6

Difríocht thábhachtach idir an OPC agus an PCO, is ea go ndéanann an OPC líon suntasach ionstraimí reachtúla (thart ar 280 in aghaidh na bliana) a dhréachtú nó a shocrú chomh maith le Billí a dhréachtú, ach ní dhéanann an PCO ionstraimí reachtúla a dhréachtú nó a shocrú seachas i líon beag cásanna ina ndéanann ionstraim reachtúil an phríomhreachtaíocht a leasú.

Bainistíocht Eolais

Lean na Dréachtóirí Parlaiminte ar aghaidh ag cur cultúr comhroinnte eolais chun cinn i rith 2007, chomh maith le tacú le seachadadh na reachtaíochta don Rialtas. D'fhreastail Dréachtóirí Parlaiminte chomh maith, ghlac siad páirt i gcruinnithe

Saincheisteanna Dlíthiúla agus bhí siad go hiomlán rannpháirteach sa Choiste Bainistíochta Eolais agus san Fo-Choiste Fios Gnó i gcomhthéacs forbairt straitéise nua bainistíochta eolais.

Bainistíochta Riosca

Chuir Abhcóidí Parlaiminte le leabú agus cur i bhfeidhm níos mó na mbeartas foirmiúil bainistíochta riosca i rith 2008. Pléadh ábhair a bhain le riosca ag cruinnithe i rith na bliana leis an bPríomhdhréachtóir Parlaiminte agus Bainisteoirí Grúpa, chomh maith le cruinnithe Grúpa aonair agus cruinnithe Coistí Comhairleacha Bainistíochta Dlí. D'fhreastail an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte ar chruinnithe Chomhchoiste Bainistíochta Riosca Oifig Shráid Mhuirfean/Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus chuir sé leis na cruinnithe sin i gcomhthéacs chur i bhfeidhm beartais bhainistíochta riosca ar fud na hOifige ag an gCoiste, lena n-áirítear beartas riosca, clár riosca corparáide agus cláir riosca Grúpa aonair agus Aonad Gnó. Rinne Bainisteoirí Grúpa athbhreithniú ar chláir riosca Ghrúpa aonair ag deireadh 2008 agus thug siad ráiteas dearbhúcháin chun críche ina thaobh sin de réir an bheartais um bainistíocht riosca. Ghlac an OPC páirt freisin i gcruinnithe a reáchtáladh le heagraíochtaí na hearnála príobháidí agus é mar aidhm a fháil amach faoin méid a d'fhéadfaí a fhoghlaim ina gcuid cur chuige maidir le riosca a bhainistiú sna heagraíochtaí sin.

Bainistíocht Airgeadais

I rith 2008, ghlac Grúpaí Abhcóidí Parlaiminte páirt sa Tionscadal um Pleanáil Gnó do Leithdháileadh Acmhainní (RAB) de chuid na hOifige maidir le forbairt bhreise agus críochnú samhlacha creatlaí chun an costas barúlach a chinneadh le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar ar fud Grúpaí, ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre agus castacht agus méid na hoibre. Déanann na samhlacha iniúchadh ar an nasc idir Meastacháin airgeadais agus Ráitis Straitéise agus aschuir na nOifigí.

Ghlac Dréachtóir Parlaiminte ainmnithe páirt chomh maith sa phróiseas maidir le Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige a fhorbairt, go sonrach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar aschur a bhaineann leis an gClár Dréachtóirí Parlaiminte atá san áireamh sa Ráiteas.

An Clár um Reachtaíocht an Rialtais

Tháinig na Grúpaí OPC le chéile go rialta le linn na bliana leis an bPríomhdhréachtóir Parlaiminte chun saincheisteanna ualaigh oibre a phlé. Chuir na cruinnithe sin deiseanna luachmhara ar fáil le haghaidh fios gnó dlí a mhalartú agus smaointe agus taithí i measc sainghrúpaí éagsúla a dhréachtú. Leag na cruinnithe béim chomh maith ar shaincheisteanna a chuir ar chumas an OPC chun freagairt níos éifeachtúil a thabhairt ar riachtanais an chliaint i gcomhthéacs athbheartú tosaíochta leanúnach na mBillí a áirítear sa chlár.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

In 2008 ghlac na hAbhcóidí Parlaiminte páirt i bpróiseas um shamhail nua CBFF a dhaingniú, lena n-áiríodh Aiseolas Aníos laistigh den Oifig. Ag tús na bliana, comhaontaíodh Foirmeacha um Próifíl Róil le bainisteoirí, tugadh faoi Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana agus tugadh líon suntasach athbhreithnithe bliantúla chun críche faoi dheireadh na bliana. Cuireadh oiliúint CBFF ar fáil d'Abhcóidí Parlaiminte nua laistigh de mhí amháin nó dhá mhí díobh tosú san Oifig.

Oiliúint

Lean an Oifig ar aghaidh ag cur Plean Oiliúna na nDréachtóirí Parlaiminte i bhfeidhm i rith na bliana i ndáil leis na dréachtóirí is déanaí a earcaíodh. Baintear úsáid chomh maith as an Lámhleabhar Dréachtaithe agus na hIonstraimí Reachtúla – Seicliosta agus Treoirlínte Dréachtaithe sa phróiseas oiliúna. Ar an gcuma chéanna le blianta roimhe seo, ghlac an OPC páirt i gcúrsaí oiliúna a sholáthair CMOD ar an bpróiseas reachtaíochta. Déanann na cúrsaí seo éascaíocht do na Ranna chun dul i dtaithí ar an bpróiseas reachtaíochta agus maidir leis an leibhéal treoracha a aithint do Ranna cliaint a mbeidh ag teastáil chun seirbhís dréachtaithe éifeachtúil a éascú.

Inrochtaineacht na Reachtaíochta

Chuaigh an OCP i gcomhairle le Tithe an Oireachtais de réir mar a bhí gá leis i rith 2008, maidir lena n-athruithe molta le leagan amach agus léiriú na mBillí.

Leabhar Reachtanna Leictreonach na hÉireann (eISB)

Ghlac an OCP páirt ghníomhach in obair Ghrúpa eISB Oifig Shráid Mhuirfean chun maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil láithreán gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann (eISB). I mí Feabhra, 2008, rinneadh nuashonrú ar an eISB chun Achtanna na bliana 2006 agus Eolaire Reachtaíochta 2005 (ar tugadh na Táblaí Croineolaíocha orthu roimhe seo) a thabhairt san áireamh. I mí an Mheithimh tugadh an láithreán gréasáin cothrom le dáta chun na hAchtanna do 2007 a thabhairt san áireamh agus rinneadh dul chun cinn ar an sceideal d'fhoilsiú Achtanna 2008. Ina theannta sin, cuireadh na chéad 155 Ionstraim Reachtúil (eSI) do 2008 a táirgeadh tríd an gCóras Ionstraimí Reachtúla leictreonach (eSIS) ar fáil i bhformáid pdf chomh maith le linn 2008 trí nasc ar leathanach baile an eISB.

Eisíodh iarratas ar thairiscintí (RFT) in 2008 d'fhoilsiú na nIonstraimí Reachtúla a bhí fágtha don tréimhse 2005 go dtí 2008, ag féachaint don tionscadal a chríochnú ag tús 2009.

Athchóiriú ar an Dlí Reachtúil

Fuair an Oifig údarú ón Rialtas i rith 2008 chun Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil a dhréachtú chun na hAchtanna go léir Áitiúla agus Pearsanta as feidhm agus Achtanna Príobháideacha a achtaíodh roimh an 6 Nollaig, 1922. Faoi dheireadh 2008 bhí dul chun cinn suntasach déanta chun na Cinn Bhille a ullmhú. Mar thoradh ar ghearradh siar airgeadais, áfach, beidh Bille ar scála níos lú ná a beartaíodh á fhoilsiú in 2009. Pléifidh an Bille seo le hAchtanna Áitiúla agus Pearsanta suas go dtí 1850, agus an bhliain sin san áireamh, agus Achtanna Príobháideacha, suas go dtí 1750, agus an bhliain sin san áireamh.

Comhdhlúthú

Ghlac an OPC páirt leis an Roinn ábhartha i rith 2008 maidir leis an bpróiseas a bhain le comhdhlúthú na reachtaíochta dlí cuideachtaí. Cuireadh Dréachtaí de Chodanna 1 go dtí 6 den Bhille Comhdhlúite Chuideachtaí ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag tús 2008. Léiríonn soláthar na ndréachtaí sin seacht n-ochtú an ábhair reachtaíochta, a bhfuil a sheachadadh ar sceideal mar chuid de chéad chlochmhíle don Bhille seo.

Caibidil 6: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Gnóthú Sprioc 3

Sprioc 3 – Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí sna réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle ardchaighdeáin dlí a sholáthar maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.

Cuspóir 1

Sárchleachtas a úsáid le linn seirbhísí dlí a sheachadadh, a dtacaítear le húsáid teicneolaíocht faisnéise agus eolas ardchaighdeáin chomh maith le tuiscint ar an gcleachtas dlí.

Straitéis 1

Príomhthiomantais na hOifige ina Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2008 – 2010 agus a Cairt Chustaiméirí a sheachadadh.

Táscairí Feidhmíochta

Meastóireacht déanta ar chomhlíonadh thiomantais an Phlean Ghníomhaíochta Custaiméirí agus na Cairte Custaiméirí trí athbhreithnithe rialta foirmiúla agus suirbhéanna cliant débhliantúla. Dul chun cinn agus feabhsú a thagarmharcáil i gcoinne torthaí suirbhéanna agus athbhreithnithe roimhe sin a dhéanann breathnú ar:

- Gaolmhaireacht agus Tuiscint;
- Caighdeán Seirbhíse;
- Freagrúlacht;
- Doiciméadú;
- Aiseolas;
- Gearáin;
- Seirbhís trí Ghaeilge;
- Rochtain Fhisiciúil.

Straitéis 2

Comhoibriú dlúth a chothabháil le hOifig an Ard-Aighne agus comhairleoirí dlí Roinne maidir le hobair dlí a láimhseáil.

Táscairí Feidhmíochta

- Comhordú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais, Binsí agus Fiosrúcháin agus Oifigí Stáit eile a léiriú agus cruinnithe athbhreithnithe rialta a reáchtáil;
- Feabhsú leanúnach a lorg ar oibriú agus forbairt an chórais bhainistíochta cásanna agus taifead agus úsáid an chórais agus an obair dlí go léir á láimhseáil.

Straitéis 3

Forbairt leanúnach na bainistíochta eolais.

Táscairí Feidhmíochta

- Cur le cruinnithe saincheisteanna dlíthiúla agus páirt a ghlacadh iontu;
- Leanúint ar aghaidh le doiciméid ábhartha a chur san áireamh i gcórais fios gnó;
- Leanúint ar aghaidh le comhroinnt eolais agus saineolais i gcruinnithe Rannáin agus Rannóige.

Straitéis 4

Beartais bhainistíochta riosca na hOifige a chur i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Faisnéis a sholáthar don Phríomhaturnae Stáit agus Coiste Comhairleach Bainistíochta CSSO agus d'Oifig an Ard-Aighne maidir le réimsí lena mbaineann riosca suntasach;

- Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige a dhaingniú, lena n-áirítear athbhreithniú rialta foirmiúil ar Chláir Riosca dhlíthiúil agus Clár Riosca Chorparáide;

- Leanúint ar aghaidh le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chóras um monatóireacht a dhéanamh ar chomhaid íogaire dlí;

- Cur leis an Tuarascáil trí huaire sa bhliain don Rialtas maidir le dlíthíocht íogair;

- Comhlíonadh bheartais, phrótacail agus shreabhadh oibre na hOifige a chomhaontú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Straitéis 5

A bheith rannpháirtteach i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig chun seachadadh aschur a chinntiú de réir Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige agus luach ar airgead á chinntiú.

Táscairí Feidhmíochta

- Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus seachadadh aschur ar fud raon tascanna dlí roghnaithe i gcomhthéacs Chlár an CSSO um Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige;

- Acmhainní a phleanáil agus a dháileadh, ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre, castacht agus méid na hoibre sin;

- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh, in éineacht leis an AGO, ar chaighdeán na seirbhíse a sholáthraíonn abhcóidí seachtracha;

- Beartas um bailiú costas dlí a chur i bhfeidhm i gcás ina ndámhtar é agus ina mbíonn sé inmharthana;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais na hOifige maidir le cánachas costas i bhfianaise Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Costais Dlí (Tuarascáil Haran).

Straitéis 6

Pleanáil a dhéanamh don am amach anseo i seirbhísí dlí an CSSO.

Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar na seirbhísí dlí a sholáthraítear agus gníomhaíochtaí eile chun a dheimhniú, cibé athruithe, más ann, a dhéanamh ar an modh seachadta nó bainistíocht eagrúcháin;

- Monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna dlí a thagann chun cinn agus freagairt a thabhairt orthu.

<u>Cuspóir 2</u>

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige mar atá ábhartha do bhaill foirne an CSSO a chur i bhfeidhm.

Straitéis 1

Baill foirne nua dlí an CSSO a earcú, a fhorbairt agus oiliúint a thabhairt dóibh.

Táscairí Feidhmíochta

- Cead cuí a fháil ón Roinn Airgeadais do bhaill foirne dlí agus iad a earcú de réir mar a bhíonn riachtanach;
- A chinntiú go mbíonn iondúchtúchán leordhóthanach á sholáthar d'oibreoirí dlí nua ag teacht iseach;
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais shonracha oiliúna agus forbartha do bhaill foirne dlí nua.

Straitéis 2

Clár oiliúna straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i saincheisteanna dlí.

Táscaire Feidhmíochta

- Clár an CSSO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh oiliúint agus forbairt bhreise/leanúnach.

Straitéis 3

Cur i bhfeidhm cuí CBFF a chinntiú do na baill foirne dlí

Táscairí Feidhmíochta

- Na tosaíochtaí oiliúna agus forbartha comhtháite CBFF agus Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm;
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh do bhaill gach Rannáin agus Rannóige ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le spriocanna i CBFF, oideachas, oiliúint agus forbairt a bhaint amach.

Cuspóir 3

Cúnamh a thabhairt le seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú.

Strategy 1

Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chúnamh a thabhairt le seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú.

Táscairí Feidhmíochta

- Comhordú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais, Binsí agus Fiosrúcháin agus Oifigí Stáit eile a léiriú, le cruinnithe athbhreithnithe rialta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras agus feabhsú a chur air chun an cur chuige i leith dlíthíocht intíre agus ECJ a éascú agus a chomhordú.

Strategy 2

Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas maidir le cur i bhfeidhm beartas dlíthíochta agus láimhseáil saincheisteanna tras-Rannacha.

Táscairí Feidhmíochta

- Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre idir-rannacha agus coistí um shaincheisteanna tras-Rannacha, lena n-áirítear cur i bhfeidhm beartas tras-Rannach i gcás ina dtagann siad chun cinn;

- Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht ar an Ard-Aighne ar Choistí na Rialacha Cúirte agus Grúpa Úsáideoirí na Seirbhíse Cúirteanna.

Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

Cuspóir 1

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag forbairt agus ag feabhsú sainseirbhísí dlí le linn 2008 i réimsí a bhí tábhachtach do Ranna agus d'Oifigí cliaint. Ba é an príomhfhócas a bhí ann i rith na

bliana, i gcomhar le Ranna cliaint, na réimsí oibre a aithint atá ag déanamh leathnú ar na sainseirbhísí dlí a éilítear, cosúil le Conarthaí Tráchtála, dlíthíocht Tráchtála agus Bhunreachtúil, iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach, iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach, cásanna fostaíochta Státseirbhíse, dlíthíocht an Gharda Síochána, Tíolacadh do Ranna agus Oifigí Rialtais agus obair tearmainn, inimirce agus aisdúichithe.

Rinne MAC na hOifige plé rialta ar an tsaincheist a bhain lena hacmhainní a ath-imscaradh maidir le freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha na gcliant. Ath-imscaradh roinnt ball foirne i rith na bliana agus d'fhan roinnt ball eile in situ chun réimsí tábhachtach oibre a chlúdach:

- Ath-imlonnú beirt Fheidhmeannach Dlí sa Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn chun plé le cásanna maidir le Cúiteamh an Gharda Síochána.
- Ath-imlonnú Aturnae chun, inter alia, comhairle a chur ar fáil maidir le cásanna Chúiteamh an Gharda Síochána.
- Ath-imlonnú Feidhmeannaigh Dlí sa Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn chun plé le hiarratais ar Chúnamh Frithpháirteach.
- Ath-imlonnú Aturnae chun plé le hiarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach
- Ath-imlonnú Aturnae chun plé le Conarthaí Tráchtála.
- Soláthar leanúnach sainseirbhíse a phléann le hobair thearmainn, inimirce agus aisdúichithe
- Feidhmiú leanúnach an phainéil ar ghlao-dhualgas chun déileáil le Barántais Ghabhála Eorpacha, Eiseachadtaí, iarratais habeas corpus agus iarratais phráinneacha eile na Cúirte lasmuigh d'uaireanta oifige
- Feidhmiú leanúnach aonaid speisialta chun plé le dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe.
- Feidhmiú leanúnach foirne chun plé le dlíthíocht um mí-úsáid scoil lae.
- Feidhmiú leanúnach na foirne chun plé le cásanna leasa riachtanais speisialta,Cúran páistí agus taillí tithe bansltrais.

Seirbhís Ardchaighdeáin Custaiméirí

Lean an Oifig ar aghaidh in 2008 chun idirchaidreamh a dhéanamh, idir go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil le cliaint maidir le hábhair a bhaineann le seachadadh seirbhíse. Chuir an Oifig tús leis an bpróiseas um athbhreithniú a dhéanamh ar an

gCairt Chustaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta Custaiméirí agus iarshuirbhé ar leithligh an CSSO um shástacht chustaiméirí a rinneadh in 2007, tuarascáil athbhreithniú na gCairteacha, arna foilsiú ag Fitzpatrick Associates i mí an Mheithimh, 2007 agus Eagrán na dTreoirlínte 2008 um ullmhú na gCairteacha Custaiméirí agus na bPleananna/Treoracha Gníomhaíochta Custaiméirí á nglacadh san áireamh. Faoi dheireadh 2008, bhí dul chun cinn suntasach déanta maidir le Cairt Chustaiméirí 2008 – 2010 agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí nua 2008 – 2010 a fhorbairt.

Comparáidí le hoifigí dlí phoiblí eile i ndlínsí eile

Leagtar amach tuarascáil ar an tionscadal um chomparáidí a dhéanamh leis an bhfeidhm Chomhairleach in Oifig Shráid Mhuirfean agus leis an bhfeidhm dlí in Oifig an Phríomhaturnae Stáit i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

Bainistíocht Riosca

Lean baill foirne in CSSO ar aghaidh le cultúr na comhroinnte eolais a chur chun cinn i rith 2008, a bhí mar bhonn eolais ag seachadadh na comhairle dlí don Rialtas agus Ranna agus Oifigí Rialtais, trí fhreastal a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe Saincheisteanna Dlí agus cur le hullmhú na dTreoracha Tagartha Dlí. Leanadh leis an obair i rith na bliana maidir le pobail chleachtais a aithint, a bheadh á tacú ag na hOifigí, chun comhroinnt eolais a fheabhsú i réimsí criticiúla dlí. Lean Leabharlann CSSO agus an tAonad Fios Gnó ag cur scileanna taighde dlí chun cinn agus ag cuidiú le baill foirne leibhéal oilteachta a ghnóthú in úsáid na bhfoinsí leictreonacha maidir le faisnéis dlí.Ghlac baill foirne CSSO páirt sa Choiste Bainistíochta Eolais agus san Fho-Choiste Fios Gnó i gcomhthéacs forbairt straitéise nua bainistíochta eolais ar fud na hOifige.

Bainistíocht Riosca

Le linn 2007, ghlac an CSSO páirt ghníomhach i bhforbairt agus cur i bhfeidhm níos mó na mbeartas foirmiúla bainistíochta riosca laistigh den Oifig. I rith na bliana, rinneadh plé ar chúrsaí a bhaineann le riosca ag cruinnithe Rannáin agus Rannóige, agus ag cruinnithe áitiúla agus MAC Dlí. D'fhreastail Cinn Rannáin ar chruinnithe Chomhchoiste Bhainistíochta Riosca Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO i gcomhthéacs

straitéis bainistíochta riosca don Oifig go léir mar aon le clár rioscaí corparáideach agus cláir rioscaí le haghaidh Grúpaí aonair agus Aonaid Gnó.
Rinne Cinn Rannáin athbhreithniú ar na cláir riosca ag deireadh 2008 agus chuir siad ráiteas dearbhúcháin i gcrích ina thaobh sin de réir an bheartais bhainistíochta riosca. Ghlac an CSSO páirt i gcruinnithe chomh maith a reáchtáladh le heagraíochtaí na hearnála príobháidí, ag féachaint do chinneadh a dhéanamh faoi cad a d'fhéadfaí a fhoghlaim ina gcuid cur chuige maidir le riosca a bhainistiú sna heagraíochtaí sin.

Bainistíocht Airgeadais

I rith 2008, ghlac an CSSO páirt sa Tionscadal Tionscadal um Pleanáil Gnó do Leithdháileadh Acmhainní (RAB) de chuid na hOifige maidir le forbairt bhreise agus críochnú samhlacha creatlaí chun an costas barúlach a chinneadh le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar ar fud Rannán agus Rannóg, ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre agus castacht agus méid na hoibre. Déanann na samhlacha iniúchadh ar an nasc idir Meastacháin airgeadais agus Ráitis Straitéise agus aschuir na nOifigí.

Ghlac Cinn Rannáin páirt chomh maith sa phróiseas maidir le Ráiteas Aschuir Bliantúil na hOifige a fhorbairt, go sonrach i leith monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus aschuir a sheachadadh ar fud raon tascanna dlí roghnaithe a bhaineann le Clár an CSSO a chuirtear san áireamh sa Ráiteas.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

In 2008 ghlac na hAbhcóidí Parlaiminte páirt i bpróiseas um shamhail nua CBFF a dhaingniú, lena n-áiríodh Aiseolas Aníos laistigh den Oifig. Ag tús na bliana, comhaontaíodh Foirmeacha um Próifíl Róil le Cinn Rannáin agus Rannóige, tugadh faoi Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana agus tugadh líon suntasach athbhreithnithe bliantúla chun críche faoi dheireadh na bliana. Cuireadh oiliúint CBFF ar fáil d'Abhcóidí Parlaiminte nua laistigh de mhí amháin nó dhá mhí díobh tosú san Oifig.

Bainistíocht Dlíthíochta – olléilimh go háirithe

I rith na bliana, d'fhreastail baill foirne CSSO ar chruinnithe athbhreithnithe rialta le hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus le hoifigigh i Ranna ábhartha i gcomhthéacs na bainistíochta dlíthíochta, go háirithe olléilimh, ar mhodh straitéiseach. Rinneadh comhoibriú dlúth a chothabháil idir CSSO agus an

Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chomh maith maidir le bainistíocht dlíthíochta a bhaineann le mí-úsáid leanaí.

Lean an CSSO ar aghaidh ag feidhmiú saintionscnamh chun olldlíthíocht a bhainistiú, lena n-áirítear:-

- Seirbhís dlíthíochta um dhlí tearmainn a sholáthar chun tacaíochta a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na gníomhaireachtaí inimirce / tearmainn.
- Foirne tiomanta a sholáthar chun déileáil le riachtanais speisialta, leas leanaí agus dlíthíocht maidir le muirir tithe altranais.
- Ualach cásanna reatha na hOifige a bhaineann le mí-úsáid scoil lae agus cónaithe, a láimhseáil agus a chosaint go gníomhach nuair is cuí.
- Ualach na gcásanna a bhaineann le dlí fostaíochta na státseirbhíse a a láimhseáil agus a chosaint go gníomhach nuair is cuí.
- Na himeachtaí sibhialta go léir a glacadh i gcoinne an Gharda Síochána nó baill den Gharda Síochána a láimhseáil agus a chosaint go gníomhach nuair is cuí.

Dlíthíocht agus Idirghabhálacha na Cúirte Breithiúnais Eorpaí

Lean baill foirne dlí ar aghaidh ag déanamh comhoibrithe in 2008 le hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean maidir le treoir straitéise a sholáthar de réir mar is cuí chun bainistíocht éifeachtach leanúnach dhlíthíocht na Cúirte Breithiúnais Eorpaí (ECJ) a chinntiú. Bhí cruinnithe athbhreithnithe rialta le hAbhcóidí Comhairleacha agus oifigigh Roinne i gceist leis seo. Leagann **Aguisín J** den Tuarascáil seo amach mionsonraí roinnt de na cásanna ba thábhachtaí a tháinig os comhair na ECJ in 2008.

Aistriú na Seirbhíse Aturnae Stáit chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Faoi théarmaí an chomhaontaithe le Cumann na nAturnaetha Stáit um chomhaontú na freagrachta as an tseirbhís aturnae Stáit áitiúil a aistriú chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de bhun Thuarascáil Nally, lean na hAturnaetha Stáit ar aghaidh ag plé le roinnt obair shibhialta suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh, 2008. Rinne

an Oifig bainistíocht ghníomhach ar an obair a bhí fágtha go dtí an dáta sin agus bhain sí úsáid as an tréimhse idir an dá linn chun tuairim a fhoirmiú faoin méid oibre a bhí i gceist agus an riachtanas a bhí ann le soláthraithe seachtracha.

Soláthar seirbhísí dlí criticiúla lasmuigh de ghnáthuaireanta Oifige

Lean an Oifig ar aghaidh ag oibriú an phainéil dlí ar ghlao-dhualgas i rith 2007 chun bainistíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre. Beidh a thuilleadh ball foirne dlí ar fáil i rith na bliana don phainéal ar ghlao-dhualgas.

Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartais

I rith 2008, rinne an CSSO, i gcomhar le hOifig Shráid Mhuirfean, dul chun cinn suntasach ar an Tuarascáil faoi Chomh-athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais (VFM & P) an AGO/CSSO i ndáil le Scéim an Ard-Aighne a thabhairt chun críche. Rinneadh dul chun cinn chomh maith i rith na bliana chun Tuarascálacha um Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Gearrscríobhaithe agus Gnóthú Costas a thabhairt chun críche chomh maith.

Caibidil 7: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Gnóthú Sprioc 4

Sprioc 4 – Seirbhísí Tacaíochta Gnó

Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus do chliaint laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus na seirbhísí agus an tacaíocht sin a bheith nua-aimseartha gairmiúil.

Cuspóir 1

Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig.

Straitéis 1

Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO 2008 – 2010 a chur i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm;
- Pleananna Gníomhaíochta Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm maidir le Straitéisí Acmhainní Daonna.

Straitéis 2
Modheolaíocht sonraithe earcaíochta agus roghnúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar cumas Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO iarrthóirí ard-acmhainneacha oiriúnacha a mhealladh agus a roghnú.

Táscairí Feidhmíochta
- Athbhreithniú ar scileanna agus inniúlachtaí croílárnacha aitheanta do na baill foirne go léir san dá Oifig i gcomhar le Grúpaí/Rannáin/Rannóga/Aonaid Gnó de réir mar atá cuí;
- Úsáid leanúnach na tástála foirmiúla um inniúlacht agus ábaltacht tugtha isteach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;
- Oiliúint agus ionduchtú déanta ar bhaill foirne nua in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de 2 mhí dóibh tosú ar an bpost;

- Anailís a dhéanamh ar shocruithe oibre neamhghnácha do bhaill foirne laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO, iad a fhortheilgean agus beartas cuí a fhorbairt.

Straitéis 3

Straitéisí cuimsitheacha um Oiliúint agus Forbairt a fhorbairt san dá Oifig chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais réamh-mheasta sna trí bliana amach romhainn. Clár forbartha bainistíochta le cur san áireamh sa straitéis.

Táscaire Feidhmíochta

- Anailís a dhéanamh, i gcomhar le bainisteoirí sinsearacha, ar scileanna, eolas agus taithí foirne atá ag teastáil sna hOifigí chun a n-obair a dhéanamh, idir faoi láthair agus obair mheasta amach anseo;

- A leagan amach i bhfoirm straitéise conas is féidir na scileanna sin a thabhairt do bhaill foirne nua ag teacht isteach agus conas a thuilleadh forbartha a dhéanamh orthu i mbaill foirne níos sainoilte;

- Pleananna Gníomhaíochta a leagan amach mar chuid de doiciméid Straitéise chun a chinntiú go bhfuil go gcomhlíontar cuspóirí na Straitéise;

- Clár Foirmiúil Forbartha Bainistíochta d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO le cur i bhfeidhm;

- Cinnte a dhéanamh de, tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) go bhfuil riachtanais oiliúna agus forbartha straitéisí á gcomhlíonadh;

- Athbhreithniú eatramhach a dhéanamh ag deireadh 2008 chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a rinneadh i gcomparáid le haidhmeanna na straitéise.

Straitéis 4

Córas TF Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh.

Táscaire Feidhmíochta

- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Chórais Bhainistíochta Acmhainní Daonna san dá Oifig;

- Tuarascálacha bainistíochta cuí a fhorbairt.

Straitéis 5

Cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil do gach ball foirne.

Táscaire Feidhmíochta

- I gcomhthéacs athbhreithnithe rialta ar riachtanais na hOifige, cóiríocht bhreise oiriúnach a aithint d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO trí chomhairliúchán leanúnach le húdarás cuí;

- An spás oifige reatha a cothabháil agus aire a thabhairt dó go leanúnach;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus Pleananna Leanúnachais Ghnó gach bliain;

- Inrochtaine agus slándáil gach foirgnimh le coimeád faoi athbhreithniú.

Straitéis 6

Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas Comhpháirtíochta a athbhreithniú agus a fhorbairt.

Táscaire Feidhmíochta

- Athbhreithniú bliantúil ar an bpróiseas Comhpháirtíochta san dá Oifig.

Straitéis 7

Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Ionad Doiciméadaithe na CSSO.

Táscaire Feidhmíochta

- Athbhreithniú tugtha chun críche.

<u>Cuspóir 2</u>

Próisis bhainistíochta airgeadais a fhorbairt a rialaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar acmhainní airgeadais na hOifige, chun a chinntiú go ndéantar aschuir agus luach ar airgead a sheachadadh

Straitéis 1
Gnéithe an Phlean Tionscnaimh do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a chur i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

Táscairí Feidhmíochta

- MIF lándaingnithe agus úsáid fheidhmiúlacht iomlán FMS bainte amach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;

- Úsáid a bhaint as tuairisciú staitisticiúil mar chuid den Tuairisciú Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO le hathbhreithniú ag na Coistí Oifige áirithe;

- Tuairiscithe Bainistíochta feabhsaithe úsáidte in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;

- Creatlach Chostála úsáidte in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i gcomhar le tionscadal RAB agus Tuarascálacha Costála tosaigh ina gcuimsíodh faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais tugtha chun críche;

- Samhlacha RAB le nuashonrú gach bliain;

- Ráitis Aschuir Bhliantúla le cur faoi bhráid na Dála.

Straitéis 2

Acmhainn na hOifige a chothabháil chun FMS (Agresso) a oibriú.

Táscairí Feidhmíochta

- Scileanna croílárnacha a bheith ann chun acmhainn na hOifige a chothabháil le FMS a oibriú go héifeachtach;

- Comhlíonadh an cheanglais reachtúil maidir le Cuntas Leithghabhála Bliantúil a chur ar aghaidh;

- Ús agus cúiteamh a íoc faoin reachtaíocht um Íoc Pras, i gcás ina mbaineann feidhm leis, agus é a íoslaghdú é agus a thuairisciú de réir mar is cuí.

Straitéis 3

Athbhreithniú bliantiúil déanta ar mholtaí Thuarascáil Mullarkey maidir le cuntasacht na nArd-Rúnaithe agus athbhreithniú bliantúil déanta ar Oifigigh Cuntasaíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh d'fhrámaí ama socraithe.

Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithniú bliantúil déanta ag deireadh na bliana ar nósanna airgeadais inmheánacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus fíoraithe ag an gCoiste Iniúchta chun monatóireacht agus rialú gach ioncaim agus caiteachais a dheimhniú trí chórais éifeachyúla agus éifeachtacha;

  Athbhreithniú déanta ar Bheartas Riosca, Cláir Riosca do Ghrúpaí/Rannáin/Rannóga/Aonaid Ghnó agus athbhreithniú déanta ar Chlár Riosca Chorparáide in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO go débhliantúil ag an gCoiste Riosca agus tuairisciú déanta chuig na Coistí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla, na Príomhchoistí Comhairleacha Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta;

- Clár um Iniúchóireacht Inmheánach Bliantúil d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO, comhaontaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta. Iniúchtaí déanta agus moltaí curtha i bhfeidhm laistigh d'fhrámaí ama comhaontaithe;

- Tuarascáil Bhliantúil déanta chuig an gCoiste Iniúchóireachta maidir leis an gcur i bhfeidhm a dhéanann na hOifigí ar na Tuarascálacha Iniúchóireachta go léir;

- Clár um Athbhreithnithe ar Bheartas Luach ar Airgead in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i gcrích. Athbhreithnithe déanta, athbhreithniú seachtrach déanta orthu agus iad foilsithe.

<u>Cuspóir 3</u>

Córais TCF chostaséifeachtacha a chur i bhfeidhm a thacaíonn leis na gníomhaíochtaí go léir gairmiúla, idirbhearta, bainistíochta agus seachadta sheirbhíse san Oifig.

Straitéis 1

A thuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead na hOifige chun a chinntiú go dtacaíonn sé go héifeachtach leis an Oifig ó thaobh a riachtanais straitéiseacha agus oibriúcháin.

Táscairí Feidhmíochta

- An úsáid is mó is féidir a bhaint amach as an gcóras sna hOifigí le haghaidh gach cineáil ghnó;

- Meastóireacht a dhéanamh ar aiseolas ó bhaill foirne i gcás ina bhféadfaí an córas a fheabhsú;

- Feabhsuithe ceadaithe a chur i bhfeidhm.

Straitéis 2

A thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gCóras Banistíochta Airgeadais chun a chintiú go dtacaíonn sé go héifeachtúil leis an Oifig maidir le bainistíocht a feidhme airgeadais agus a riachtanais faisnéise bainistíochta.

Táscairí Feidhmíochta

- An úsáid is mó is féidir a bhaint as an gcóras sna hOifigí le haghaidh gach cineáil ghnó;

- Meastóireacht ar aiseolas ó bhaill foirne na hOifige maidir le réimsí ina bhféadfaí an córas a fheabhsú;

- Feabhsuithe ceadaithe a chur i bhfeidhm.

Straitéis 3

Córais TF chuí a chur i bhfeidhm chun tacú le Straitéise Bainistíochta Eolais Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

Táscairí Feidhmíochta

- Sainiú riachtanas gnó don chóras;
- Cur i bhfeidhm córas cuí Fios Gnó chun teacht leis an riachtanais a aithníodh.

Straitéis 4

Straitéis nua TF a fhorbairt don Oifig.

Táscaire Feidhmíochta

- Straitéis nua TF a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú le cuspóirí gnó na hOifige.

Straitéis 5

Ailtireacht theicniúil na hOifige a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leantar le bonn daingean a sholáthar le haghaidh sheachadadh na Seirbhísí TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

Táscaire Feidhmíochta

- Measúnú déanta ar fhorbairtí i TF agus leas bainte as deiseanna le feabhsú a dhéanamh.

<u>Cuspóir 4</u>

Clár um Nuachóiriú a chur i bhfeidhm, a thacaíonn le Spriocanna na hOifige a bhaint amach, agus a thagann i bpáirt le Clár um Nuachóiriú na Státseirbhíse.

Straitéis 1
Tiomantais aontaithe atá leagtha síos i bPleananna Gníomhaíochta um Nuachóiriú a chur i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de fhrámaí ama aontaithe.

Táscairí Feidhmíochta

- Dul chun cinn tuairiscithe i dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO ag teacht le spriocanna ama lárnacha agus fíoraithe go seachtrach ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse;

- Moltaí Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse gníomhaithe agus curtha i bhfeidhm roimh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a bheith curtha faoi bhráid ina dhiaidh sin.

Straitéis 2

Príomhthiomantais seachadta sheirbhíse na hOifige a sheachadadh de réir mar a leagtar amach sna Cairteacha Cliant agus Custaiméirí agus sa Treoir Seirbhíse Custaiméirí 2008 – 2010 agus sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí 2008 - 2010.

Táscairí Feidhmíochta

- Tomhas déanta ar leibhéil sástachta cliant agus custaiméirí in Oifig Shráid Mhuirfean (taobhanna AC agus Riaracháin) trí chruinnithe bliantúla an Phainéil Chliant agus Chustaiméirí;

- Tomhas déanta ar leibhéil sástachta cliant agus custaiméirí trí shuirbhéanna ar leithligh cliant agus custaiméirí Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

Straitéis 3

Tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach eagrúcháin i gcomhthéacs an Chláir Athbhreithnithe Eagrúcháin

Táscaire Feidhmíochta

- Athbhreithniú déanta agus Plean Gníomhaíochta um moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm forbartha agus curtha i gcrích laistigh d'fhrámaí ama comhaontaithe

Straitéis 4

- Athbhreithniú déanta agus Plean Gníomhaíochta um moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm forbartha agus curtha i gcrích laistigh d'fhrámaí ama comhaontaithe

Táscairí Feidhmíochta

- Tuarascálacha Bliantúla foilsithe do 2008, 2009 agus 2010 agus cuireadh ar fáil iad i bhformáidí inrochtana;

- Monatóireacht, athbhreithniú agus nuashonrú déanta go foirmiúil ag an nGrúpa Oibre ar an láithreán idirlín;

- Oibleagáidí na hOifige faoin na Achtanna um Shaoráil Faisnéise agus faoin Acht um Chosaint Sonraí comhlíonta.

Cuspóir 5

Rochtain a chur ar fáil do bhaill foirne ar an bhfaisnéis agus ar an eolas a bhíonn ag teastáil chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh trí fhorbairt straitéiseach na bainistíochta faisnéise agus eolais.

Straitéis 1

Cur chuige comhordaithe a bhunú maidir le heagrú bainistíochta faisnéise agus eolais ar fud na hoifige.

Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm straitéisí le haghaidh fhorbairt leanúnach na bainistíochta eolais in AGO agus CSSO;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le forbairt a dhéanamh ar thacsanomaíocht/stórchiste ar fud na hoifige don AGO/CSSO chun tacaíocht a thabhairt do phríomhfheidhmeanna gnó;

- Cur le saineolas gairmiúil maidir le forbairt leanúnach phleananna comhaid AGO/CSSO.

Straitéis 2

Réitigh theicniúla oiriúnacha a aithint agus a chur i bhfeidhm chun seirbhísí feabhsaithe leabharlainne, taighde agus fios gnó atá feabhsaithe a sheachadadh d'úsáideoirí.

Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithniú ar chomhréiteach ríomhirisí AGO/CSSO/ODDP chun a chinntiú go bhfuil riachtanais na n-úsáideoirí á gcomhlíonadh aige;

- Nósanna imeachta fios gnó AGO/CSSO a athbhreithniú. Bunachar sonraí fios gnó AGO/CSSO comhroinnte a roghnú agus a chur i bhfeidhm;

- Córas Bainistíochta Leabharlainne roinnte AGO/CSSO/ an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a athbhreithniú d'fhonn forbairt an Chórais Bainistíochta Leabharlainne amach anseo a phleanáil. Aon fhorbairtí nó feabhsúcháin riachtanacha don chóras a phleanáil/a chur i bhfeidhm;

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le leibhéal agus raon na seirbhísí ar fáil do na hAbhcóidí Comhairleacha a chuirtear ar iasacht chuig Ranna agus Oifigí Rialtais agus forbairt a dhéanamh orthu;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na seirbhísí leabharlainne agus taighde a sholáthraítear do dhlíodóirí seachtracha Rialtais.

Straitéis 3

Athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí feabhsaithe taighde agus fios gnó agus iad a chur i bhfeidhm.

Táscairí Feidhmíochta

- Leanúint le monatóireacht ar réimsí méadaithe speisialtóireachta sna hOifigí, agus cinntiú go léirítear iad sin inár seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnó;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil agus na struchtúir foirnithe a éilítear chun sainseirbhísí taighde a sheachadadh;

- Pobail chleachtais a aithint i bpríomhréimsí dlí agus tacaíocht a thabhairt dóibh sin le seirbhísí taighde i gcás ina mbíonn gá leo;

- Bearta a aithint chun tacú le forbairt scileanna neamhspleácha taighde do dhlíodóirí, lena n-áirítear athbhreithniú ar uirlisí cuí ríomhfhoghlama;

- Deiseanna le comhoibriú leis na hAonaid Oiliúna agus Forbartha agus na hAonaid TF a aithint chun an cur chuige maidir leis an soláthar oiliúna agus forbartha a chomhordú sna hOifigí;

- Tionscnaimh oiliúna/oideachais leabharlainne agus fios gnó a chorprú mar chuid de straitéisí oiliúna eagrúcháin.

Straitéis 4

Timpeallacht cuí fhisiciúil a sholáthar chun an rochtain ar ár mbailiúcháin priontaí agus saoráidí seomra léitheoireachta a mhéadú.

Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach bailiúchán priontaí;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas forbartha bailiúcháin chun a chinntiú go gcomhlíonann sé riachtanais na nOifigí.

<u>Cuspóir 6</u>

An fheidhm Chlárlainne agus Taifead a chothabháil agus a fhorbairt chun tacú le réimsí dlí, dréachtaithe agus riaracháin na hOifige.

Straitéis 1

Ionad éifeachtúil taifead agus córas comhdaithe a riaradh agus a chothabháil.

Táscairí Feidhmíochta

- Comhaid, idir dhlíthiúil agus riaracháin, dúnta go leictreonach agus comhaid fhisiciúla stóráilte go cuí le cartlannú a dhéanamh orthu níos déanaí;

- Oibleagáidí na nOifigí faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.

Straitéis 2

Straitéis staitisticiúil/sonraí a fhorbairt do na hOifigí.

Táscaire Feidhmíochta

- Sonraí cuí staitisticiúil a tháirgeadh le húsáid i mbainistíocht agus tuarascálacha eile.

Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

Oifig Shráid Mhuirfean

Cuspóir 1

Straitéis Acmhainní Daonna, Sráid Mhuirfean

Chuir an Oifig tús le cur i bhfeidhm na Straitéise Acmhainní Daonna 2008 – 2010 i rith 2008. Ba phríomhfhorbairt daingniú na samhla nua CBFF le linn na bliana.

Earcaíocht

I rith 2008, chuir an Oifig, dhá chomórtas ar leithligh ar bun, le cúnamh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, **d'fholúntais ag Abhcóide Comhairleach Grád III agus Dréachtóir Parlaiminte Cúnta Grád II.** Rinneadh na hinniúlachtaí a bheadh ag teastáil le haghaidh na poist seo a mheas go cúramach i gcomhar leis na hAonaid bhainteacha agus léiríodh é sin i ndoiciméadú an chomórtais. Cuirtear na riachtanais sin san áireamh sa phróiseas roghnaithe agus bhí an Oifig an-sásta le caighdeán na n-iarrthóirí a ghlac poist bhuana leis an Oifig.

Lean an Oifig ar aghaidh ag cur réimse leathan socruithe neamhghnácha oibre ar fáil i rith na bliana.

Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS)

Lean an Oifig ar aghaidh ag úsáid an Chórais nua Bhainistíochta Acmhainní Daonna PeopleSoft i rith 2008. Faoi dheireadh na bliana, bhain an Oifig úsáid iomlán an

chórais amach atá curtha i bhfeidhm go hiomlán in ionaid an chórais a úsáideadh roimhe sin.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Ba é fócas na hOifige i rith 2008 an tsamhail nua CBFF a chur i bhfeidhm a thuilleadh, lena n-áirítear Aiseolas Aníos laistigh de chultúr na hOifige. Cuireadh oiliúint ar fáil do gach ball foirne nua ar an tsamhail nua laistigh de mhí amháin nó dhá mhí dóibh tosú ag obair san Oifig. Ag tús 2008 spreagadh do gach ball foirne a thosaíochtaí nó a tosaíochtaí oiliúna agus forbartha a léiriú don bhliain i gcomhthéacs bhailchríoch na bhFoirmeacha um Próifíl Róil CBFF.Maidir leis an leibhéal eagrúcháin, sheachaid an Oifig Clár cuimsitheach modúlach Oiliúna agus Forbartha do na baill foirne go léir ag an meánleibhéal agus an leibhéal sinsearach bainistíochta. Áirítear 5 modúl ar an gClár, a chuimsíonn Bainistíocht agus Ceannaireacht san Oifig, Céim chun Cúil: Smaointeoireacht Straitéiseach, Foirne a Stiúradh chun Torthaí a ghnóthú, Daoine eile a bhainistiú chun Torthaí a ghnóthú agus Daoine eile a Fhorbairt chun Torthaí a ghnóthú.

Cóiríocht

Lean an Oifig ar aghaidh le riachtanais chóiríochta na hOifige a choimeád faoi athbhreithniú in 2008 agus chuaigh sí i mbun idirchaidrimh le hionadaithe ón Roinn Airgeadais agus Oifig na nOibreacha Poiblí, ag féachaint do spás oifige breise a cheadú an-chóngarach d'Oifig Shráid Mhuirfean. Mar thoradh ar an staid airgeadais a bhí ag éirí níos measa, cuireadh cinneadh faoi chóiríocht bhreise a sholáthar siar.

An Coiste Comhpháirtíochta

Bhí páirt lárnach ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean i gcónaí i rith 2008 maidir le forbairt leanúnach an chultúir athraithe san Oifig. Tháinig an Coiste le chéile **8** n-uaire go rialta le linn na bliana. Ba é an fócas a bhí ag an gCoiste, a ndéantar ionadaíocht air ar fud na Oifige, plé le saincheisteanna croílárnacha a bhain leis an Oifig agus ábhair maidir le cur i bhfeidhm an Chláir Nuachóirithe ar fud na Seirbhíse Poiblí. Thuairiscigh Foghrúpaí don Choiste i rith na bliana, ar bunaíodh iad chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna cosúil le Straitéis Acmhainní Daonna, Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, CBFF, Oiliúint agus Forbairt, *I dTreo 2016,* Nósanna Imeachta Promhaidh agus Gradaim as Feidhmíocht Eisceachtúil.

Ionadaíocht Inscne

Ag deireadh 2008 lean an Oifig ar aghaidh ag dul os cionn spriocanna an Rialtais maidir le mná a fhostú. Ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 43%, agus ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 46%.

Is iad seo a leanas na figiúirí do bhaill foirne buana ag deireadh 2008:

Grád	**Baineann**		**Fireann**	
	Líon	(%)	Líon	(%)
An tArd-Stiúrthóir	1	(100)	0	(0)
An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte	1	(100)	0	(0)
Céad Dréachtóir Parlaiminte	0	(0)	1	(100)
An Leas-Ardstiúrthóir	0	(0)	1	(100)
Rúnaí Cúnta	3	(33)	6	(67)
Príomhoifigeach	10	(37)	17	(63)
Príomhoifigeach Cúnta	11	(46)	13	(54)

Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas

Comhlíonann comhréir na mball foirne faoi mhíchumas ag deireadh 2008 sprioc an Rialtais. Lean an Oifig ar aghaidh ag feabhsú a inrochtaineachta, trína láithreán gréasáin chomh maith agus chinntigh sí gur glacadh riachtanais daoine faoi mhíchumas san áireamh maidir le gach obair athchóirithe nó cothabhála a rinneadh.

De réir an chleachtais a bunaíodh sna blianta roimhe sin maidir leis na comórtais earcaíochta go léir, chuir an Oifig an Coimisiún um Cheapacháin Poiblí ar an eolas go raibh saoráidí oiriúnacha san Oifig agus go raibh sí toilteanach daoine le míchumais a fhostú.

Oiliúint agus Forbairt

Lean Aonad Oiliúna agus Forbartha Oifig Shráid Mhuirfean ar aghaidh ag soláthar ardchaighdeán deiseanna oiliúna agus forbartha i rith 2008, agus an fhreagracht atá air as pleanáil, eagrú agus meastóireacht na gcúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil do na baill foirne go léir a chur i gcrích.

Spreagadh don fhoireann i rith na bliana agus rinneadh éascaíocht dóibh maidir le tabhairt faoi oiliúint a aithníodh ina bhFoirmeacha um Próifíl Róil le haghaidh 2008. Leag an Oifig a thuilleadh béime ar an tábhacht a bhaineann le CBFF don fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus phearsanta agus rinneadh gach iarracht an tiomantas atá aici do scileanna agus poitéinseal a fhorbairt don fhoireann go léir a chur i gcrích.

Ba é €522,155 an caiteachas foriomlán ar oiliúint agus forbairt in 2007.Bhí 4.9% den dáileadh párolla don bhliain i gceist leis an tsuim sin. Tá liosta iomlán na gcúrsaí ar freastalaíodh orthu agus miondealú ar an gcaiteachas oiliúna mar chuid d'**Aguisín H** den Tuarascáil seo.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Straitéis Acmhainní Daonna

Ba é an fócas a bhí ann don Oifig i rith 2008 an Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm i ndáil leis an Straitéis Acmhainní Daonna. Rinne MACanna áitiúla agus Príomh-MACanna faoi seach athbhreithniú ar ghnéithe an Phlean Ghníomhaíochta gach sé mhí agus gach bliain. Faoi dheireadh 2008, bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Oifig maidir leis na réimsí tosaíochtaí seo a leanas den Phlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm:

Earcaíocht

I rith 2008, líon an Oifig na folúntais inmheánacha seo a leanas:- Leas-Phríomhaturnae Stáit Cúnta, Príomh-Aturnae, Ard-Aturnae Stáit, Ard-Fheidhmeannach Dlí**,** Príomh-Oifigeach Cúnta agus Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin. D'éirigh le triúr ball foirne an clár inmheánach Oiliúna Aturnae a chríochnú i rith 2008 agus ceapadh chuig an ngrád Aturnae Stáit iad. D'éirigh le ball foirne amháin an Scéim um Fheidhmeannach Dlí faoi Oiliúint a chríochnú agus ceapadh mar Fheidmeannach Dlí iad. Rinne an Oifig, le Cúnamh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sannacháin chuig na gráid Aturnae Stáit, Feidhmeannaigh Dlí, Oifigigh Foirne agus Oifigigh Chléireachais. Líonadh post an Leabharlannaí Dlí in 2008. Rinneadh breathnú cúramach ar na hinniúlachtaí a bhí riachtanach do gach ceann de na poist seo agus léiríodh iad i ndoiciméadú an chomórtais. Glacann an próiseas

roghnaithe na riachtanais sin san áireamh agus táthar an-sásta san Oifig le caighdeaán na n-iarrthóirí a fhreastail ar agallamh.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Rinneadh bainistíocht, monatóireacht agus athbhreithniú ar chéimeanna na próifíle róil, an athbhreithnithe eatramhaigh agus an athbhreithnithe bhliantúil den timthriall CBFF 2008, lena n-áirítear Beartas um Shoghluaisteacht Foirne agus aiseolas aníos agus eisíodh treoracha agus treoirlínte cleachtais. Rinneadh a thuilleadh forbartha ar oibriú foirne mar chroí-inniúlacht don bhliain 2009 agus moladh cúig chroí-inniúlacht eile a cheadaigh Comhpháirtíocht agus oibríodh córas tuairiscithe chomh maith chun inniúchadh a dhéanamh le haghaidh comhleanúnachais agus cur i bhfeidhm cuí CBFF a fhíorú.

Cuireadh clár oiliúna dhá lá ar CBFF ar fáil do bhaill foirne nua san Oifig i rith 2008.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2008, (Tagraíonn I.R. 807 den 2007), ní mór do na haturnaetha go léir a fhostaíonn an Stát Clár éigeantach um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a dhéanamh. Le linn an timthrialla a thosaigh an 1 Eanáir 2008, ní mór go mbeadh 10 n-uair an chloig ar taifead. Ní mór don aturnae aonair taifead a choimeád ar an oiliúnt a fuarthas, toisc go bhféadfaidh Dlí-Chumann na hÉireann iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais sin faoin bpróiseas. Oibríodh córas tuairiscithe chun iniúchadh a dhéanamh le haghaidh comhlíonta.

Cóiríocht

I rith 2008, bhí plé leanúnach ar bun leis an OPW maidir le soláthar cóiríochta breise d'fhoireann na hOifige.

Oiliúint agus Forbairt agus cúrsaí oiliúna a soláthraíodh in 2008

Leagann Aguisín H den Tuarascáil seo amach mionsonraí maidir le hoiliúint agus forbairt agus cúrsaí oiliúna a soláthraíodh d'fhoireann CSSO i rith 2008. Cuireadh tús le clár um fholláine ag an obair san Oifig in 2008 faoi mhéala agus feasacht ar ailse chraicinn do bhaill foirne. Rinneadh clár cuimsitheach um oiliúint TF a fheidhmiú go

céimneach i rith 2008. D'fhreastail baill foirne ar oiliúint Ionduchtúcháin chomh maith i rith 2008.

An Chairt Dínite

Sheol an Oifig a Cairt Dínite ag tús 2008, ar fhreastail an-chuid ball foirne air. Reáchtáladh seimineáir um Thimpeallacht Oibre dhearfach chomh maith do bhaill foirne le linn 2008.

Ionadaíocht Inscne

Faoi dheireadh 2008, lean an Oifig ar aghaidh ag sárú na spriocanna Rialtais maidir le mná a fhostú. Ag deireadh na bliana, ba ionann comhréir na foirne ag an leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta agus os a chionn a bhí ina mná agus 60%, agus ba ionann na mball foirne mná ag an leibhéal Príomh-Oifigigh nó os a chionn agus 48%.

Inrochtaine do Dhaoine faoi Mhíchumas

Faoi dheireadh 2008, sháraigh comhréir na foirne faoi mhíchumas an sprioc Rialtais 3%.

An Coiste Comhpháirtíochta

I rith 2008, lean an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag cur le forbairt leanúnach an chultúir athraithe san Oifig. Tháinig an Coiste le chéile ar an dara Máirt de gach mí i rith na bliana. Phléigh an coiste le saincheisteanna a tháinig chun cinn ón gclár um nuachóiriú m.sh. CBFF, an Ráiteas Straitéise agus dul chun cinn faoi *I dTreo 2016,* chomh maith le cóiríocht agus saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta. Thuairiscigh foghrúpaí don Choiste i rith na bliana, ar bunaíodh iad chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna cosúil le hAcmhainní Daonna (lena n-áirítear CBFF, Oiliúint, Cleachtas agus Nósanna Imeachta Acmhainní Daonna), Áitribh, Beartas Gaeilge, Beartas TF, Cumarsáid Oifige, Sláinte agus Sábháilteacht, Sóisialta, Rátáil CBFF agus Beartais Ghlasa.

Cuspóir 2

Creatlach na Bainistíochta Faisnéise (MIF)

Díríodh an fócas do na hOifigí i rith 2008 ar dhaingniú agus cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Tionscadail MIF na nOifigí. Lean Bord an Tionscadail MIF orthu ag déanamh monatóireachta ar cur i bhfeidhm Plean an Tionscadail agus tacaíocht acu ó Fho-Ghrúpa. Faoi threoir an Bhoird, rinneadh obair chun forbairt bhreise a dhéanamh ar fheidmiúlacht an Chórais Bhainistíochta Airgeadais agus forbairt na dtuarascálacha bainistíochta laistigh den chóras ACME. Rinne na hOifigí a thuilleadh dul chun cinn i rith na bliana chun forbairt a dhéanamh ar chomhéadan idir an Córas nua Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistíochta Airgeadais. Cabhróidh an fhorbairt seo, nuair a chuirfear i bhfeidhm go homlán í in 2009 le tosaíochtaí eile, idir airgeadais agus neamhairgeadais agus ceanglais tuairiscithe faisnéise bainistíochta costála a aithint.

Forbraíodh Tuarascálacha feabhsaithe Bainistíochta agus Costála le linn 2008 agus cuireadh ar fáil iad do Choistí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO, Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO agus don lucht bainistíochta sinsearach. Déanann an fhaisnéis seo éascaíocht cheana féin d'fheasacht chostais níos fearr i measc na ndaoine sin atá freagrach as dáileacháin acmhainní.

I mí an Mhárta, 2008, chuir na hOifigí Ráitis Aschuir Bhliantúla ar leithligh faoi bhráid na Dála le breathnú i gcomhthéacs an phróisis Mheastacháin.

Córas Bainistíochta Airgeadais

Lean na hOifigí ar aghaidh ag déanamh a thuilleadh forbartha agus leabaithe ar Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso i rith 2008. Tá ríomhaistriú airgid mar ghné den FMS le roinnt blianta anuas anois. Leanann an AGO ar aghaidh ag spreagadh do sholáthraithe chun íocaíocht ar earraí agus seirbhísí a ghlacadh tríd an modh seo. Sáraíonn méid na n-íocaíochtaí ríomhaistrithe airgid 98% d'íocaíochtaí rialta anois.

Cuireadh córas rianaithe shócmhainne i bhfeidhm go hiomlán san Oifig agus cinnte á dhéanamh go ndéantar córais leordhóthanacha rialaithe a chothabháil ar na

sócmhainní go léir. Thug na hAonaid TF agus Seirbhísí faoi iniúchtaí ar shócmhainní, agus scanóir barrachód á úsáid, i rith na bliana.

Tá úsáid á baint go leanúnach as an gcóras maidir le raon iomlán seirbhísí airgeadais a sholáthar don Oifig, lena n-áirítear ullmhú:

- an Chuntais Leithghabhála 2007;
- tuarascálacha míosúla airgeadais don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus don Roinn Airgeadais;
- an Ráitis Aschuir Bhliantúil 2008.

Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na nArdrúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey)

Choimeád na hOifigí rialuithe inmheánacha airgeadais faoi athbhreithniú i rith 2008, a ndearnadh athbrhreithniú ar ghnéithe díobh chomh maith i gcomhthéacs iniúchtaí sonracha inmheánacha.

Rinne Coiste Bainistíochta Riosca na nOifigí athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca na nOifigí, lena n-áirítear an beartas bainistíochta riosca, an clár riosca chorparáide agus cláir riosca do thaobhanna dlí agus riaracháin an dá Oifig. De réir an bheartais bhainistíochta riosca, rinne Cinn na nGrúpaí dlí agus Aonad Gnó athbhreithniú ar cláir riosca agus chuir siad ráitis dearbhúcháin faoi bhráid an Rúnaí leis an bPríomhchoiste Comhairleach Bainistíochta i lár 2008.

An Coiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta, ar a bhfuil triúr pearsanra seachtrach agus ionadaí ó gach Oifig, le chéile **4** huaire i rith 2008. I measc na n-ábhar ar pléadh leo, rinneadh na Tuarascálacha Iniúchóireachta seo a leanas, a gcuirtear síos orthu sa Chlár um Iniúchóireacht Inmheánach do 2008, a bhreathnú agus a athbhreithniú:

- Imscrúdú ar Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas in Oifig an Ard-Aighne, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.
- Iar-Imscrúdú ar Nósanna Imeachta Míosúla in Oifig an Ard-Aighne, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Bhí post an iniúchóra inmheánaigh folamh don tréimhse ó dheireadh mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh, 2008, nuair a líonadh ar bhonn buan é.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú chomh maith ar fhorbairtí sna tionscadail MIF agus ACME agus straitéis bainistíochta riosca na nOifigí.

Plean um Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus Beartas

I rith 2008 rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach ar Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartais a thabhairt chun críche. Rinneadh a thuilleadh athbhreithnithe ar Thuarascáil um Chomh-athbhreithniú VFM agus Beartais Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO ar Riaradh Scéim an Ard-Aighne i lár 2008 tar éis breathnuithe a chuir an tArd-Stiúrthóir agus an Príomh-Aturnae Stáit ar aghaidh.

Cuireadh an dréacht-Tuarascáil um an tAthbhreithniú ar Chothabháil Leabhar Reachtanna Leictreonach na hÉireann (eISB) ar aghaidh chuig páirtithe leasmhara le trácht a dhéanamh uirthi agus chuig an meastóir seachtrach le measúnú cáilíochta a dhéanamh uirthi i mí Aibreáin, 2008.

Rinneadh dul chun cinn chomh maith i rith na bliana chun Tuarascálacha um Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Gearrscríobhaithe agus Gnóthú Costas a thabhairt chun críche chomh maith.

Íocaíochtaí Úis faoi Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas

Tabhadh €25.55 ar an iomlán in Oifig Shráid Mhuirfean in íocaíochtaí úis phionóis i rith 2008.

Tabhaíodh suim iomlán €4,399 sa CSSO, in ús pionóis i rith na bliana faoi reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas.

Féach **Iarscríbhinn E** chun breathnú ar Thuarascálacha na nOifigí um Chleachtais Íocaíochta do 2008.

Cuspóir 3

An Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME)

Díríodh fócas i rith 2008 ar a thuilleadh daingnithe a dhéanamh ar chóras nua ACME agus dianú na hoiliúna úsáideora ar úsáid an chórais. Sholáthair baill foirne na deisce cabhrach tacaíocht go leanúnach d'úsáideoirí go léir an chórais.

An Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna(HRMS)

Déantar cur síos thuas ar an dul chun cinn a gnóthaíodh maidir le cur i bhfeidhm an HRMS i gCuspóir 1 den Chaibidil seo.

Seirbhísí Bainistíochta Leanúnachais Ghnó

Rinne Aonaid TF Shráid Mhuirfean agus CSSO comhordú ar thionscadal i rith 2008 chun Plean Bainistíochta Leanúnachais Ghnó trasoifige a fhorbairt. Cinnteoidh cur i bhfeidhm iomlán an Phlean go bhfuil cumas níos fearr ag na hOifigí chun leanúint ar aghaidh le seirbhísí croílárnacha gnó a sholáthar do chliaint i gcás bagartha poitéinsiúla ar sheachadadh na seirbhísí.

Córais TF tugtha de réir riachtanais ghnó, straitéise agus oibriúcháin na nOifigí

Rinne na hAonaid TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO athbhreithniú rialta ar chrua-earraí, ar bhogearraí agus ar bhonneagar i rith 2008 chun cinntiú go bhfuil sé ag comhlánú riachtanais na nOifigí.

Forbairt an Inlín in CSSO

Cuireadh Inlíon CSSO i bhfeidhm go céimneach i mí Mhárta 2008. Bhí leathanaigh html i gceist le forbairt an inlíon, chomh maith le haistriú na ndoiciméad go léir oifige ó Bhord Bullaitín Inmheánach na CSSO in *Lotus Notes*. Áiríodh orthu sin, aistriú foirmeacha CBFF, doiciméid bheartas na hOifige agus foirmeacha agus faisnéis Acmhainní Daonna.

Áiríodh ar an bhforbairt sin chomh maith, bunú nasc leis na hacmhainní inmheánacha, cosúil le heolairí teileafóin na CSSO agus na AGO, Bileoga Pá ar Líne agus VisionTime, chomh maith le láithreáin ghréasáin eile ábhartha.

Cuspóir 4

Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016*

Bhí na hOifigí tiomanta go hiomlán i gcónaí i rith 2008 do na forálacha ábhartha den chlár *I dTreo 2016* a chur i bhfeidhm I mí an Mheithimh, 2008, chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a gCeathrú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn ar leithligh maidir le cur i bhfeidhm an dá Oifig ar an bPlean Gníomhaíochta Athbhreithnithe Modernisation faoi *I dTreo 2016.* Ar bhonn na dTuarascálacha sin um Dhul Chun Cinn, bheartaigh an CSPVG go raibh foireann an dá Oifig agus an Choimisiúin um Athchóiriú ar an Dlí cáilithe d'íocaíocht na mbreisithe pá a bhí dlite i rith na bliana sin. Foilsíodh na Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn ar láithreán gréasáin na hOifige.

Suirbhéanna ar Shástacht na gCliant agus na gCustaiméirí

Thug Oifig Shráid Mhuirfean faoi iarshuirbhéanna ar shástacht na gcliant agus na gcustaiméirí ag na taobhanna Comhairleacha agus Riaracháin agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte i mí Mhárta agus mí Iúil, 2008, faoi seach. Bhí torthaí an tsuirbhé, a ndearnadh iad a thagarmharcáil i gcoinne thorthaí an tsuirbhé roimhe, an-dearfach i gcomparáid le torthaí shuirbhé 2004 sna príomhréimsí cumarsáide, freagrúlachta agus tráthúlachta, cruinnis agus caighdeán na n-aschur agus seachadta seirbhíse.

Foilseacháin QCS

De réir forbairtí ag an leibhéal lárnach, chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus an CSSO tús leis an bpróiseas maidir le Cairteacha athbhreithnithe Cliant agus Custaiméirí 2008 – 2010, Treoir Seirbhíse Cliant 2008 – 2010 (Sráid Mhuirfean) agus an Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2008 – 2010 (CSSO) a fhorbairt ag deireadh 2008. Glacfaidh na Cairteacha, an Treoir agus an Plean nua na tuarascálacha ar na hiarshuirbhéanna um shástacht chliant agus chustaiméirí a rinneadh san dá Oifig san áireamh, chomh maith le tuarascáil an athbhreithnithe ar na Cairteacha arna foilsiú ag *Fitzpatrick Associates* i mí an Mheithimh, 2007 agus Eagrán 2008 na dTreoirlínte um ullmhú Cairteacha Custaiméirí agus Pleananna/Treoreacha Gníomhaíochta Custaiméirí.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tar éis fhoilsiú Chomhscéim AGO/CSSO na nOifigí um fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm, ar cuireadh tús leis i mí an Mheithimh, 2007, chuir na hOifigí Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm chun éascaíocht a dhéanamh do mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime.

Leagann an Scéim, a chlúdaíonn tréimhse trí bliana ón dáta tosaithe, tiomantais na hOifige amach do sheirbhísí áirithe a sholáthar trí mheán na Gaeilge, as Béarla agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go soláthrófar aon tseirbhís nach gcuireann an Oifig ar fáil trí mheán na Gaeilge laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Is iad na Coistí áitiúla Comhairleacha Bainistíochta agus Comh-Phríomhchoiste Comhairleach Bainistíochta AGO/CSSO laistigh de na hOifigí a bheidh freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

I rith 2008, chomhlíon an Oifig na tiomantais a leagadh amach sa Scéim go hiomlán. Áiríodh orthu sin:

- Foilseacháin as Gaeilge agus i mBéarla; m.sh. An Ráiteas Straitéise 2008-2010 (arna thabhairt chun críche i mí Feabhra, 2008);
- Tábhacht chomhionann na leaganacha Gaeilge agus Béarla de láithreáin ghréasáin a choimeád;
- Freagra a thabhairt as Gaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear as Gaeilge;
- Baill foirne dlí a bhfuil Gaeilge acu a shannadh in imeachtaí dlí ar bith a thionscnaítear trí Ghaeilge;
- Abhcóidí atá líofa sa Ghaeilge a ainmniú in imeachtaí dlí ar bith a thionscnaítear trí Ghaeilge;
- An Ghaeilge a chur chun cinn go gníomhach I gcoitinne I measc ball foirne agus spreagadh a thabhairt do bhaill foirne chun freastal ar oiliúint ar an nGaeilge. (Tá triúr ball foirne ag freastal ar ranganna Gaeilge le Gaelagras faoi láthair agus cuireann an tOifigeach Oiliúna eolas timpeall faoi dheiseanna cúrsaí Gaeilge go rialta);
- Athbhreithniú déanta ag Oifig an Choimisinéir Teanga ar oibriú na Scéime i mí an Mheithimh/Iúil, 2008. Ba chuimhniú na

saincheisteanna a ardaíodh maidir le hOifig Shráid Mhuirfean chun bogadh ar aghaidh go tapa le foilsiú an Leabhráin nuashonraithe um Shaoráil Faisnéise agus go n-oibreoidh córas chun athbhreithniú ar líon na mball foirne atá líofa sa Ghaeilge a chinntiú.

Foilseacháin

De réir mar a léiríodh i gCaibidil 3 den Tuarascáil, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise 2008 - 2010 chun na hathruithe ar an Rialtas a fógraíodh i mí na Bealtaine 2008 agus forbairtí eile deireanacha a ghlacadh san áireamh. Tugadh an t-athbhreithniú chun críche ag deireadh 2008 agus cuireadh Ráiteas Straitéise faoi bhráid an Ard-Aighne lena bhreathnú de réir na sprioclíne reachtúla.

Comhlíonadh Riachtanas Riaracháin

Choimeád an Oifig comhlíonadh in Oifig Shráid Mhuirfean agus i CSSO leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, an tAcht um Chartlann Náisiúnta agus reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta faoi athbhreithniú i rith na bliana. Bhí socruithe san dá Oifig sásúil den chuid is mó le linn na bliana.

Láithreán Gréasáin

Lean na hAonaid TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus in CSSO ar aghaidh ag bainistiú cur i láthair agus dearadh an láithreáin gréasáin i rith na bliana chomh maith le foilsiú ábhar ar láithreán gréasáin na nOifigí. Is acmhainn thábhachtach agus gléas tagartha anois é ag custaiméirí, cliaint agus ag an bpobal i gcoitinne. Cuirtear Rochtain ar fáil ar m.sh. Leabhar Reachtanna na hÉireann, *I dTreo 2016,* Pleananna Athbhreithnithe Gníomhaíochta agus um Dhul Chun Cinn, nósanna imeachta a bhaineann le habhcóidí seachtracha a fhostú agus foilseacháin na nOifigí.

Cuspóir 5

I rith 2008, díríodh an fócas d'Oifig Shráid Mhuirfean agus Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó ar sheachadadh leanúnach seirbhísí ardchaighdeáin faisnéise, taighde agus fios gnó dlí chuig baill foirne san dá Oifig. Sholáthair na hAonaid seirbhísí ar fáil chomh maith d'Abhcóidí Comhairleacha a cuireadh ar iasacht chuig Ranna Rialtais, d'aturnaetha stáit a sannadh chuig na Binsí éagsúla Fiosrúcháin, don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla agus d'Aturnaetha Áitiúla Stáit.

Ar roinnt de na seirbhísí tábhachtacha a chuir na hAonaid ar fáil, áiríodh: iLink (catalóg leabharlainne ar líne), catalógú, rangú agus coimriú a dhéanamh ar ábhair dhlíthiúla, rochtain ar bhailiúchán mór dlí i bhformáid chruachóipe agus leictreonach araon, bunachar fios gnó dlí, seirbhísí faisnéise/taighde dlí, oiliúint i scileanna faisnéise, seirbhísí feasachta reatha, léamh profaí reachtaíochta agus rochtain ar leabharlanna seachtracha agus seirbhísí faisnéise seachtracha.

Seirbhísí feabhsaithe faisnéise agus taighde dlí

Lean an dá Aonad ar aghaidh ag soláthar seirbhísí taighde dlí i rith 2008 don fhoireann go léir. Sholáthair Taighdeoirí Dlí in Oifig Shráid Mhuirfean taighde áitiúil agus tacaíocht fios gnó do Ghrúpaí scoite Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte mar thacaíocht don speisialtóireacht leanúnach dlí laistigh den Oifig. D'fhreastail siad chomh maith ar chruinnithe grúpa dlí, i gcás ina raibh sé indéanta, ar mhaithe le cur lena n-eolas ar shaincheisteanna lenar bhain leas don Oifig.

Lean na hAonaid ar aghaidh ag soláthar raon seirbhísí feasachta reatha i rith 2008 agus sholáthair siad rochtain ar raon leathan acmhainní faisnéise dlí agus treoracha tagartha dlí trí leathanaigh inlín na nAonad.

Lean na hAonaid ar aghaidh le hoiliúint a sholáthar do bhaill foirne dlí agus riaracháin faoi fheidhmchláir leabharlainne agus bunachair shonraí faisnéise dlí i rith na bliana. Bhí an deis ag baill foirne chun leas a bhaint as cláir oiliúna foirmiúla scileanna faisnéise chomh maith le seisiúin oiliúna saincheaptha aonair.

Bainistíocht Eolais

Lean an dá Aonad ar aghaidh ag cur cultúr comhroinnte eolais chun cinn i rith na bliana, laistigh de na hOifigí féin agus idir eatarthu. Chomhroinn baill foirne dlí sa dá Oifig eolas a bhí acu ar ábhair ábhartha shuime trí mheán na gcruinnithe um shaincheisteanna dlí. D'fhoilsigh an dá Aonad cúig eagrán de na Bullaitíní Dlí agus ECHR i rith na bliana.

Chuir na hAonaid leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh i rith na bliana maidir le forbairt Straitéise nua Bainistíochta Eolais agus forbairt amach anseo ar fheidhmchlár fios gnó de réir phríomh-mholadh na Straitéise KM.

I rith 2008, lean Coiste Bainistíochta Eolais, a raibh ionadaithe foirne ar an AGO agus an CSSO araon mar chuid de, orthu ag déanamh forbartha ar Straitéis nua Bainistíochta Eolais don tréimhse 2009 – 2012, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Straitéis Bainistíochta Eolais na nOifigí. Áiríodh ar thascanna sonracha ar tugadh fúthu le linn 2008, an méid seo a leanas:

- Cleachtadh mionsonrach ar an gcleachtas is fearr agus litríocht ar Bhainistíocht Eolais dlí;
- Creatlach um chomhairliúchán forbartha ar fud na nOifigí i mí Aibreáin 2008;
- Doiciméad comhairliúcháin forbartha (Bealtaine-Meitheamh, 2008), arbh é mar ábhar na gcruinnithe fócasghrúpa ar fud na nOifigí le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go dtí Deireadh Fómhair 2008;
- Tosú an phróiseas um an Straitéis seo a dhréachtú i mí na Samhna, 2008.

Rinne Foghrúpa Choiste Bainistíochta Eolais na nOifigí dul chun cinn suntasach maidir le roghanna a aithint um fhorbairt amach anseo ar fheidhmchlár fios gnó agus áiríodh air sin, athbhreithniú ar riachtanais agus sonraíochtaí úsáideoirí. Tá na riachtanais sin chomh maith le roinnt moltaí maidir le fios gnó mar chuid den Straitéis nua Bainistíochta Eolais.

Ina theannta sin, cuireadh réiteach le haghaidh marcáil agus seoladh doiciméad ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) le próifiliú ar an bhfeidhmchlár reatha fios gnó i mí Mhárta 2008, tar éis moltaí a rinne Foghrúpa Choiste Stiúrtha TF na nOifigí ag deireadh 2007.

Iarscríbhinn A

Billí Rialtais a Foilsíodh i rith 2008

Teideal an Bhille

1 An Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint 2008
2 An Bille Airgeadais Uimh. 3 de 2008
3 An Bille um Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008
4 An Bille um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2008
5 An Bille um Thacaíocht do Mhic Léinn 2008
6 An Bille um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe) (Orduithe a Dhaingniú) 2008
7 An Bille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2008
8 An Bille um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid) 2008
9 An Bille Um Chomhlíonadh An Dlí Fostaíochta 2008
10 An Bille fán Ombudsman um Sheirbhísí Dlí 2008
11 An Bille um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008
12 An Bille Ceimiceán 2008
13 An Bille Craolacháin 2008
14 An Bille Deochanna Meisciúla 2008
15 An Bille Eadrána 2008
16 An Bille um Éilliú a Chosc (Leasú) 2008
17 An Bille um Fhorbairt Príosúin (Rúin a Dhaingniú) 2008
18 An Bille Toghcháin (Leasú) 2008
19 An Bille Ombudsman (Leasú) 2008
20 Bille na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008
21 An Bille Cuanta (Leasú) 2008
22 An Bille um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008
23 An Bille fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2008
24 An Bille um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra 2008
25 An Bille Meabhair-Shláinte 2008
26 An Bille Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008
27 An Bille Gáis (Leasú) 2008
28 An Bille Airgeadais (Uimh. 2) 2008
29 An Bille um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) (Uimh. 2) 2008

30 An Bille Sláinte 2008
31 An Bille Leithreasa 2008
32 An Bille um Fhorbairt Tionscail 2008
33 An Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008

Iarscríbhinn B

Bille Poiblí a Achtaíodh in 2008

Teideal an tAcht	
1	An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2008
2	An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008
3	An tAcht Airgeadais 2008
4	Achta na bPasanna 2008
5	An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2008
6	An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008
7	An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008
8	An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008
9	An tAcht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe) (Orduithe A Dhaingniú) 2008
10	An tAcht um Fhorbairt Príosúin (Rúin a Dhaingniú) 2008
11	An tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid) 2008
12	Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge)
13	An Bille Ceimiceán 2008
14	An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008
15	An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008
16	An tAcht um Chosc ar Thrialacha Núicléacha 2008
17	An tAcht Deochanna Meisciúla 2008
18	An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008
19	An tAcht Meabhair-Shláinte 2008
20	An tAcht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra 2008

21 An tAcht Sláinte 2008
22 An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008
23 An tAcht Leithreasa 2008
24 An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) (Uimh. 2) 2008
25 An tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2008

Iarscríbhinn C

Oifig an Ard-Aighne

Vóta 3, Oifig Shráid Mhuirfean

Toradh do 2008 agus Meastachán do 2009

Toradh do 2008 agus Meastacháin ar an tsuim a mbeidh gá léi sa bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2009, i gcomhair tuarastail agus speansas in **Oifig an Ard-Aighne**, lena n-áirítear deontas i gcabhair.

	Seirbhís **RIARACHÁN**	**Meastachán Soláthair 2008 €000**	**Toradh Sealadach 2008 €000**	**Meastachán Soláthair 2009 €000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	11,180	10,665	11,191
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	284	220	208
A.3.	SPEANSAIS THEAGMHASACHA	1,030	1,037	850
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	208	114	143
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ BAINTEACHA	1,031	824	850
A.6.	SPEANSAIS ÁITRIBH OIFIGE	313	348	252
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA	75	68	25
A.8.	ATHBHREITHNITHE LUACH AR AIRGEAD AGUS BEARTAIS	60	70	-
A.9.	SAINEOLAITHE DLÍ AR CONRADH	1,100	1,115	1,017
	FO-IOMLÁN	**15,281**	**14,461**	**14,536**
	SEIRBHÍSÍ EILE			
B.	RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE			

	hEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	36	34	38
C.	AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ (DEONTAS I gCABHAIR)	4,162	3,554	3,581
D.	SPEANSAIS GHINEARÁLTA DLÍ	80	60	78
	Oll-Iomlán	**19,559**	**18,109**	**18,233**
	Asbhain			
E.	LEITHREASUITHE I gCABHAIR	8	30	733
	Iomlán Glan	**19,551**	**18,709**	**17,500**

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Vóta 13

Toradh do 2008 agus Meastachán do 2009

Toradh do 2008 agus Meastacháin ar an tsuim a mbeidh gá léi sa bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2009, i gcomhair tuarastail agus speansas in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	Seirbhís **RIARACHÁN**	**Meastachán Soláthair 2008 €000**	**Toradh Sealadach 2008 €000**	**Meastachán Soláthair 2009 €000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	16,124	15,441	16,303
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	227	91	127
A.3.	SPEANSAIS THEAGMHASACHA	1,467	1,344	1,288
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	566	414	466
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ BAINTEACHA	1,248	901	893
A.6.	SPEANSAIS ÁITRIBH OIFIGE	1,089	295	605
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA	121	101	29
A.8.	ATHBHREITHNITHE LUACH AR AIRGEAD AGUS BEARTAIS	- 487	- -	- 443
A.9.	SAINEOLAITHE DLÍ AR CONRADH	66	5	46
	FO-IOMLÁN	**21,395**	**18,592**	**20,200**
	SEIRBHÍSÍ EILE			

B.	TÁILLÍ D'ABHCÓIDÍ	15,888	17,798	15,151
C.	SPEANSAIS GHINEARÁLTA DLÍ	4,500	3,976	3,976
	Oll-Iomlán	**41,783**	**39,327**	**39,327**
	Asbhain			
D.	LEITHREASUITHE I gCABHAIR	500	705	3,441
	Iomlán Glan	**41,283**	**35,886**	**35,886**

(a) Aistríodh an fhreagracht as príomhchuid na feidhme seo (a raibh an tSeirbhís Áitiúil Aturnae Stáit mar theideal uirthi roimhe seo) chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Iarscríbhinn D

Vóta 3

Oifig an Ard-Aighne

Ráiteas Aschuir 2008

1. Ráiteas Misin

Is é Misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí..

Clúdaíonn an Ráiteas Misin seo atá mar chuid den Ráiteas Straitéise an Oifig ina hiomláine agus áirítear air taobh Comhairleach na hOifige, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Oibríonn trí chuid na hOifige go dlúth lena chéile chun a gcomh-mhisean a bhaint amach. Ní chlúdaíonn an Ráiteas Aschuir seo Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a bhfuil Vóta ar leithligh aici.

2. Spriocanna Ardleibhéil:

Glacann an Ráiteas Aschuir Vóta na hOifige san áireamh faoi thrí Chlár:

- An tSeirbhís Chomhairleach a sholáthraíonn comhairle dlí agus a stiúireann straitéis dlithíochta do chliaint.
- Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas (OPC) a sholáthraíonn seirbhís dréachtaithe reachtaíochta don Rialtas.
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (LRC), comhlacht neamhspleách a mhaoinítear trí Chabhair i nDeontas ón Vóta, a choimeádann an dlí faoi athbhreithniú.

Is iad seo a leanas na spriocanna ardleibhéil do gach ceann de na Cláir sin:

Clár Comhairleach

Sainseirbhís ardchaighdeáin Abhcóidí Comhairle a chur ar fáil don Ard-Aighne agus dualgais a oifige á gcomhlíonadh aige trí shainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar ar mhodh freagrach, éifeachtúil agus éifeachtach i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas. Téann Abhcóidí Comhairleacha i mbun idirchaidreamh dlúth le Dréachtóirí Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, de réir mar a bhíonn cuí, agus a n-obair á déanamh.

Clár Parlaiminte

Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil éifeachtúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Riaracháin

Tá sprioc ardleibhéil ag rannóga Riaracháin na hOifige chomh maith chun seirbhísí tacaíochta nua-aimseartha gairmiúla corparáideacha agus gnó a sholáthar don tSeirbhís Chomhairleach agus d'Oifig na nAbhcóidí Paraliminte, chomh maith le cliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Clár an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

An dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus saineolach, agus moltaí a dhéanamh dá leasú, faoin gClár um Athchóiriú an Dlí agus mar thoradh ar iarratais shonracha ón Ard-Aighne; chun Athráitis Dlí Reachtúil agus chun an tEolaire Reachtaíochta (Tábla Croineolaíoch na Reachtanna) a chothabháil.

3. Buiséad Iomlán de réir Foinse Mhaoinithe

	Meastachán 2007 €000	Toradh 2007 €000	Meastachán 2008 €000	% Athraithe ar Thoradh
Speansais Vótáilte	19,220	16,134	19,551	21
Cistí LRC Neamhvótáilte	8	38	8	-79
Ollchaiteachas Iomlán	**19,228**	**16,172**	**19,559**	**21**
Leithreasuithe i gCabhair	47	68	6	-91
Caiteachas Glan	**19,275**	**16,240**	**19,565**	**20**

Tháinig na Leithreasuithe i gCabhair go príomha ó aisíocaíocht ag tús 2007 le hAbhcóide Parlaiminte Cúnta atá ar iasacht in eagraíocht eile.

4. Tuairisciú ar Thascairí Feidhmíochta

Déanann an Oifig bainistíocht ar a feidhmíocht mar seo a leanas:

- Príomhthascairí Feidhmíochta a liostaítear ina Ráiteas Straitéise.
- Na Pleananna Grúpa aonair/Aonaid Ghnó.
- Na Foirmeacha aonair um Próifíl Róil Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta.
- Tuarascálacha Airgeadais Míosúla don Choiste Comhairleach Bainistíochta.
- Tuarascálacha Tionscadail don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus Grúpaí ábhartha Stádais Tionscadail.
- A Tuarascáil Bhliantúil.
- A Pleananna Gníomhaíochta agus Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn curtha faoi bhráid an Ghrúpa Fhíorúcháin um Fheidhmíocht na Státseirbhíse.

Déanann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí bainistíocht ar a feidhmíocht mar seo a leanas:

- Príomhthascairí Feidhmíochta a liostaítear ina Ráiteas Straitéise.
- Tuarascálacha Ráithiúla Plean Ghnó.
- Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta aonair comhtháite mar chuid dá Plean Gnó.
- Tuarascálacha do chruinniú míosúil a Coiste Bhainistíochta.
- Áirítear ar a Tuarascáil Bhliantúil athbhreithniú iomlán gníomhaíochtaí, a chlúdaíonn:
  - > Iarratais an Chláir um Athchóiriú an Dlí agus an Ard-Aighne;
  - > Athráitis Dlí Reachtúil; agus
  - > An tEolaire Reachtaíochta.
- > • Ar na Pleananna Gníomhaíochta agus Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn de chuid na hOifige curtha faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse, áirítear gníomhaíochtaí an Choimisiúin um Athchóiriú ar an Dlí agus tuarascálacha um dhul chun cinn.

5. Miondealú ar Ollchaiteachas Iomlán ag an gClár

	Meastachán 2007 €000	Toradh 2007 €000	Meastachán 2008 €000	%Athraithe ar Thoradh
Clár Comhairleach	7,713	7,017	8,655	23
Seirbhís Dréachtaithe Reachtaíochta	6,605	5,588	6,742	21
Clár um Athchóiriú an Dlí	4,957	3,635	4,168	15
Ollchaiteachas Iomlán an Chláir	**19,275**	**16,240**	**19,565**	**20**
Pá agus Pinsin Státchiste san áireamh san olliomlán thuas	11,868	10,868	13,367	23
Líon fostaithe agus pinsinéirí bainteacha na Státseirbhíse	**162**	**146**	**168**	**15**

Clár 1 – Comhairle Dlí.

Sprioc ardleibhéil:

Sainseirbhís ardchaighdeáin Abhcóidí Comhairle a chur ar fáil don Ard-Aighne agus dualgais a oifige á gcomhlíonadh aige trí shainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar ar mhodh freagrach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Príomhstraitéisí:
Príomhthiomantais na hOifige i dTreoir Seirbhíse Cliant na hOifige 2008 – 2010 agus Cairt Chliant agus Chustaiméirí a sheachadadh d'Abhcóidí Comhairleacha agus Riarachán.

Comhoibriú dlúth a chothabháil le OPC, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus comhairleoirí dlí Roinne maidir le hobair dlí a láimhseáil.

Timpeallacht eagrúcháin a chothabháil a dhéanann saineolas, inniúlachtaí, acmhainn agus cumas gach baill foirne aonair ag na leibhéil uile a fhorbairt agus a fheabhsú chun a róil a chur i gcrích ar mhodh gairmiúil agus eiticiúil.

Caiteachas Cláir	**Meastachán 2007 €000**	**Toradh 2007 €000**	**Meastachán 2008 €000**	**%Athraithe ar Thoradh**
Reatha	3,968	3,531	4,373	24
Pá Riarachán an Chláir Neamhphá	734 112	805 84	747 163	-7 94
Caiteachas Tacaíochta	2,899	2,597	3,372	30
Ollchaiteachas an Chláir	**7,713**	**7,017**	**8,655**	**23**
Líon na mball foirne fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)	**ar an gClár amhail an 31 Nollaig 2007**			51
Staitisticí Aschuir	Sprioc 2007	Aschur a Gnóthaíodh 2007	Sprioc 2008	% Athraithe ar Aschur a Gnóthaíodh
Comhaid Iarratais Chomhairligh	****	1,311	1,311	-
Comhairle maidir le Comhaid Dlíthíochta ar bhain an líon seo acu le: Caingne Bunreachtúla* Cásanna Íogaire Eile*	****	2,202	2,414	+10%
	-	217	-	
	-	157	-	
Comhairle maidir le Comhaid a Dhréachtú	****	42	42	-

**** Níor socraíodh aon spriocanna i Ráiteas Aschuir 2007
* Amhail an 30 Samhain, 2007

Sonraí Aschuir

Tá éascaíocht bhreise á déanamh ag córais nua faisnéis don Oifig (lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) chun staitisticí gnó níos cuimsithí agus níos úsáidí a fhorbairt. Beidh tairbhí an tionscadail seo ar fáil don chuid is mó den bhliain dar críoch 2008 nuair a bheidh ar cumas na hOifige (le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit) treochtaí agus méideanna oibre a rianú maidir le dlíthíocht lena mbaineann an Stát agus comhairlí a iarradh agus a tugadh.

Faoin mbliain dar críoch, beidh an Oifig in ann freisin staitisticí a thuairisciú bunaithe ar líon na n-iarratas comhairleach dlí, agus na n-iarratas a comhlíonadh, maidir le comhaid i gcoitinne i rith na bliana. Baineann éagsúlacht le hiarracht/líon na gcomhairlí ó chomhad go comhad agus tá comhaid ann a éilíonn méid suntasach comhairle ar feadh tréimhsí leanúnacha.

Spriocanna do 2008

Is éard atá i gceist le hobair Oifig an Ard-Aighne comhairle dlí a sholáthar dá cliaint mar fhreagairt ar a n-iarratais. Bíonn sé deacair uaireanta chun méid na n-iarratas den chineál sin a réamh-mheas agus baineann éagsúlacht leo idir réimsí éagsúla dlí. Ní féidir leis an Oifig méideanna a rialú.

Clár 2 – Seirbhís Dréachtaithe Reachtaíochta.

(Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) leis an Rialtas).

Sprioc ardleibhéil:

Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

.

Príomhstraitéisí:

Comhoibriú le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais.

- Príomhthiomantais na hOifige i dTreoir Seirbhíse Cliant na hOifige 2008 – 2010 agus Cairt Chliant agus Chustaiméirí a sheachadadh do Dhréachtóirí Parlaiminte.
- Comhoibriú a dhéanamh le hAbhcóidí Comhairleacha maidir le comhaid dlí a láimhseáil.
- Oiliúint a chur ar Dhréachtóirí Parlaiminte agus iad a fhorbairt.
- Cur leis an bpróiseas leanúnach a bhaineann le hAchtanna an Oireachtais a dheanamh níos inrochtana agus níos éasca le táirgeadh.
- Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit – ag obair leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus Státseirbhísigh a ghlacann páirt sa phróiseas reachtaíochta.

Caiteachas an Chláir	**Meastachán 2007 €000**	**Táirgeacht 2007 €000**	**Meastachán 2008 €000**	**% Athraithe ar Tháirgeacht**
Reatha	3,507	2,993	3,592	20
Pá Riarachán an Chláir	652	655	674	3
Neamhphá	106	293	337	15
Caiteachas Tacaíochta	2,340	1,647	2,139	30
Ollchaiteachas an Chláir	**6,605**	**5,588**	**6,742**	**21**
Líon na mball foirne fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)				30

Staitisticí Aschuir	Sprioc 2007	Aschur a Gnóthaíodh 2007	Sprioc 2008	% Athraithe ar Aschur a
Billí Foilsithe	***	38	40	5
Billí atá fós idir lámha ag deireadh na bliana	***	26	***	
Leasuithe Chéim an Choiste agus na Tuarascálacha ar Bhillí	***	4,022	***	
Ionstraimí Reachtúla críochnaithe	***	314	300	-4
Ionstraimí Reachtúla fós idir lámha ag deireadh na bliana	***	122	***	

***Socraíonn an Rialtas tosaíochtaí agus ceadaíonn sé iad i gcomhthéacs an Chláir um Reachtaíocht Rialtais do gach seisiún de chuid na Dála tríd an 'A' liosta. Déanann an Coiste maoirseacht ar gach Bille Rialtais molta ón am a chuirtear san áireamh é sa Chlár um Reachtaíocht Rialtais go dtí go bhfuil sé imithe trí Thithe an Oireachtais.

In aon bhliain faoi leith, rialaíonn ceanglais na Rann urraithe saolré dhul chun cinn na mBillí a bhfuil said freagrach astu. Chomh maith leis an ‘A’ liosta, tugtar tosaíocht freisin do reachtaíocht éigeandála a eascraíonn as

cinntí na gcúirteanna nó freagairtí ar chonspóidí sóisialta, eacnamaíocha nó polaitiúla i measc nithe eile. Imríonn líon na leasuithe a n-éilítear iad a dhréachtú in aon bhliain faoi leith tionchar freisin ar aschur foriomlán na mBillí agus na nAchtanna don bhliain sin. Dá bhrí sin, féadtar go ndíreofar dréachtú acmhainní na OPC, mar a léiríonn na figiúirí do 2007, den chuid is mó ar leasuithe a dhréachtú ar Bhillí a tionscnaíodh le linn na mblianta roimhe sin. Is tasc fíorthábhachtach é seo de chuid na OPC.

Tá sé deacair líon cruinn a chur ar éilimh Ranna an Rialtais in aon bhliain faoi leith ar sheirbhísí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas maidir le hIonstraimí Reachtúla ag tús na bliana toisc nach bhfuil aon chlár lárnaithe le haghaidh sheachadadh na Ionstraimí i gcodarsnacht leis na Billí. Braitheann aschur na nIonstraimí Reachtúla ar chineál agus ábhar na nIonstraimí a éilítear.

Clár 3 – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Sprioc Ardleibhéil:

An dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus saineolach, agus moltaí a dhéanamh dá leasú, faoin gClár um Athchóiriú an Dlí agus mar thoradh ar iarratais shonracha ón Ard-Aighne; chun Athráitis Dlí Reachtúil agus chun an tEolaire Reachtaíochta a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta.

Príomhstraitéisí:

- Imscrúdú réimsí áirithe den dlí sa Chlár reatha um Athchóiriú an Dlí 2008 – 2014 de chuid an Choimisiúin a chuireann síos ar 37 tionscadal go mionsonrach chun an dlí a athbhreithniú i 9 réimse ar leith, a thabhairt chun críche an méid is féidir.
- Clár um Athráitis Dlí Reachtúil.
- An tEolaire Reachtaíochta a Uasghrádú agus a Chothabháil.

Caiteachas Cláir	**Meastachán 2007 €000**	**Táirgeacht 2007 €000**	**Meastachán 2008 €000**	**% Athraithe ar Tháirgeacht**
Reatha	1,417	1,380	1,662	20
Riarachán Cláir – Pá Neamhphá	165 7	170 7	179 8	5 14
Caiteachas Tacaíochta	3,368	2,078	2,319	12
Ollchaiteachas an Chláir	**4,957**	**3,635**	**4,168**	**15**
Líon na mball foirne fostaithe ar Chlár (coibhéisí lánaimseartha) amhail 31 Nollaig				23
Staitisticí Aschuir	Sprioc 2007	Aschur a Gnóthaíodh 2007	Sprioc 2008	% Athraithe ar an Aschur a Gnóthaíodh
Tuarascálacha/Athráitis	5	5	10	100
Páipéir Chomhairliúcháin	5	5	5	-
Aschuir Eile	-	27	***	-

Áiríodh méadú ar chostais foirne i nDeontas i gCabhair an Choimisiúin in 2007 chomh maith le soláthar eisceachtúil do chóiríocht le freastal a dhéanamh ar líon méadaithe agus rinneadh soláthar freisin d'obair a bhain le haistriú freagrachta chuig an gCoimisiún ó Oifig an Ard-Aighne as Athráiteas na Reachtaíochta agus as an Eolaire Reachtaíochta a ullmhú. Bhí leibhéal na gcostas a tabhaíodh i soláthar foirne níos lú ná a measadh toisc go ndearnadh an-chuid den earcaíocht ag deireadh 2007.

In 2007, reáchtáil an Coimisiún 3 mhórchomhdháil phoiblí, 5 sheimineár, rinne sé cur i láthair do Choiste an Oireachtais um Cheartas, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan, rinne sé cur i láthair don Choiste Idir-Rannach um Fhorbairtí Ilaonaid, chuir sé páipéir i láthair do bhreis is 20 comhdháil arna n-eagrú ag comhlachtaí eile agus reáchtáil sé os cionn 40 cruinniú le comhlachtaí leasmhara a bhain le clár oibre an Choimisiúin.

***Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún in 2008 mórchomhdháil phoiblí amháin (Comhdháil Bhliantúil) a reáchtáil, roinnt seimineár a reáchtáil, páipéir a chur i láthair do chomhdhálacha a eagraíonn comhlachtaí eile agus cruinnithe a reáchtáil le comhlachtaí leasmhara maidir le clár oibre an Choimisiúin. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh chomh maith lena obiar ar phlean oibre a fhorbairt do ríomh-Thíolacadh in Éirinn.

Vóta 13

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Ráiteas Aschuir 2008

1. Ráiteas Misin

Is é Misean na hOifige an caighdeán is airde de sheirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí.

Clúdaíonn an Ráiteas Misin seo atá mar chuid den Ráiteas Straitéise an Oifig an Ard-Aighne ina hiomláine agus áirítear air taobh Comhairleach na hOifige, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Oibríonn trí chuid na hOifige go dlúth lena chéile chun a gcomh-mhisean a bhaint amach. Ní chlúdaíonn an Ráiteas Aschuir seo Oifig an Ard-Aighne a bhfuil Vóta ar leithligh aici.

Is éard atá i gceist go príomha le hobair na CSSO, go príomha, seirbhísí aturnae maidir le saincheisteanna dlí shibhialta a sholáthar don Ard-Aighne agus Ranna/Oifigí an Rialtais.

Cuirtear an Ráiteas Aschuir i láthair in dá Chlár: an tseirbhís a chuireann an CSSO ar fáil agus maoiniú na nAturnaetha Stáit áitiúla dá n-obair thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Ard-Aighne.

2. Spriocanna Ardleibhéil:

Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí sna réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle ardchaighdeáin dlí a sholáthar maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.

3. Buiséad Iomlán de réir Foinse Mhaoinithe

	Measteacháin 2007 €000	**Toradh 200 €000**	**Measteachán 2008 €000**	**% Athraithe ar Thoradh**
Caiteachas Vótáilte	50,157	47,487	41,283	-13
Leithreasuithe i gCabhair	270	1,142	500	-56
Caiteachas Glan	**50,427**	**48,629**	**41,783**	**-14**

4. Tuairisciú ar Tháscairí Feidhmíochta

Déanann an Oifig bainistíocht ar fheidhmíocht mar seo a leanas:

- Príomhtháscairí Feidhmíochta a liostaítear ina Ráiteas Straitéise.
- Na Pleananna Grúpa aonair/Aonaid Ghnó.
- Na Foirmeacha aonair um Próifíl Róil Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta.
- Tuarascálacha Airgeadais Míosúla don Choiste Comhairleach Bainistíochta.
- Tuarascálacha Tionscadail don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus Grúpaí ábhartha Stádais Tionscadail.
- Tuarascáil Bhliantúil na hOifige
- Pleananna Gníomhaíochta agus Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn de chuid na hOifige curtha faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse.

5. Miondealú an Ollchaiteachais Iomláin ag an gClár

	Meastacháin 2007 €000	**Táirgeacht 2007 €000**	**Meastacháin 2008**	**%Athraithe ar Tháirgeacht**
Seirbhís Aturnae	38,627	37,329	41,783	12
Aturnaetha Áitiúla Stáit	11,800	11,300	0	n/a
Ollchaiteachas an Chláir	**50,427**	**48,629**	**41,783**	**-14**
Pá agus Pinsin Státchiste a áirítear san Olliomlán	15,527	13,936	16,161	16
Líon na bhfostaithe agus pinsinéirí bainteacha Seirbhíse Poiblí	250	239	249	4

6. Mionsonraí Cláir aonair:
Clár 1 – Seirbhís Aturnae

Clár 1 – Seirbhís Aturnae

2. Spriocanna Ardleibhéil:
Sainseirbhís aturnae ar ardchaighdeán a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí, sna réimsí dlíthíochta, soláthar comhairle dlí agus in ábhair mhaoine agus idirbhearta.

Príomhstraitéisí:
Seirbhís aturnae a sholáthar do Ranna agus Oifigí Rialtais agus béim ar leith á leagan ar sheirbhís ardchaighdeáin sna réimsí seo a leanas:

- Cosaint na gcaingne Bunreachta a tionscnaíodh i gcoinne an Stáit, idir an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach.
- Ionadaíocht ar an Stát sa Chúirt Bhreithiúnais Eorpach.
- Láimhseáil iarratas ar Bharántais Ghabhála Eorpacha, Eiseachadadh agus Cúnamh Frithpháirteach
- Cosaint gach cáis tráchtála a threoirítear chuig an Oifig.
- Cosaint na nósanna imeachta go léir athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus habeus corpus thar ceann Ranna, Oifigí agus chliaint an Rialtais.
- Seirbhís dlíthíochta dlí tearmainn a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na gníomhaireachtaí inimirce / tearmainn.
- Seirbhís tíolacais agus dlí mhaoine a sholáthar don Stát.
- Na nósanna imeachta sibhialta go léir a thionscnaítear i gcoinne an Gharda Síochána nó a chomhaltaí a chosaint.
- Déileáil le cásanna mí-úsáid leanaí a eascraíonn as mí-úsaid in institiúidí cónaithe agus scoileanna lae.
- Seirbhís aturnae a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt do Ranna agus Oifigí Rialtais maidir le nósanna imeachta a thionscnamh thar ceann an Stáit.
- Seirbhís aturnae a sholáthar d'Oifigí Stáit i sainréimsí teicniúla.
- Ionadaíocht ar pháirtithe Stáit i gcánachas na gcostas dlí os comhair na Máistrí Fómhais.
- Gnóthú agus cánachas costas.
- Comhairle a chur ar fáil maidir le conradh tráchtála do chliaint Roinne agus an conradh sin a ullmhú.
- An cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm mar thacaíocht do sheachadadh seirbhísí dlí trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise, eolas ardchaighdeáin agus tuiscint ar an gcleachtas dlí.

	Measatachán 2007 €000	Táirgeacht 2007 €000	2008 Estimate €000	%Change on Outturn
Caiteachas Cláir				
Reatha	30,745	29,294	31,720	8
Riarachán Cláir - Pá	1,805	2,667	3,093	16
Neamhphá	6	23	62	170
Caiteachas Tacaíochta	6,071	5,345	6,908	29
Ollchaiteachas an Chláir	**38,627**	**37,329**	**41,783**	**12**
Líon na mball foirne fostaithe (coibhéisí lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2007				239

Staitisticí Aschuir	Sprioc 2007	Aschur a Gnóthaíodh 2007	Sprioc 2008	% Athraithe ar Aschur a Gnóthaíodh
Dlí Poiblí[9] [10]	Cinntear leibhéal an		Tá an Oifig	
Cásanna nua	éilimh ar	880	tiomanta dá	
Cásanna dúnta	sheirbhísí	996	hacmhainn	
Cásanna fós ar Bun	na hOifige	3,620	fhoriomlán	
Comhairleach [11]	trína Ranna		agus bonneagar	
Cásanna nua	agus Oifigí	816	don tseirbhís	
Cásanna dúnta	cliaint	158	a chothabháil	
Cásanna fós ar Bun	Rialtais.	2,462	bheadh	
Maoin Stáit	Féadtar a bheith ag		inchurtha le leibhéal an	
Cásanna nua	súil le roinnt	1,591[14]	éilimh in 2008	
Cásanna dúnta	éilimh	577	(coigeartuithe	
Cásanna fós ar Bun	ionchais trí	7,580	a chur san	
Seirbhísí Tearmainn agus Dlí[12]	thagairt don bhliain		áireamh de réir mar a	
Cásanna nua	roimh ré.	2,653	léirítear	
Cásanna dúnta		2,999	i bhfonota 5).	
Cásanna fós ar Bun		7,074		
Ceartas agus Dlí Coiteann [13]				
Cásanna nua		563		
Cásanna dúnta		816		
Cásanna fós ar Bun		3,481		
Iomlán				
Cásanna nua		6,503		
Cásanna dúnta		5,546		
Cásanna fós ar Bun		24,217		

[9] Áirítear ar na cásanna seo dlíthíocht tráchtála agus bhunreachtúil a tionscnaíodh i gcoinne an Stáit agus, cásanna athbhreithnithe breithiúnaigh chomh maith.

[10] Pléann an Rannán Dlí Phoiblí leis an gcuid is mó de na dúshláin bhunreachtúla a tionscnaíodh i gcoinne an Stáit. Ó mhí na Samhna 2007 i leith, phléigh an Rannán seo, i gcomhar leis an Rannán Tearmainn, le 217 Caingean Bhunreachtúil.

[11] Áirítear ar na cásanna seo, cásanna conartha thráchtála, cásanna ECJ, cásanna binse agus cásanna um chearta fostaíochta.

[12] Áirítear ar Sheirbhísí Dlí ionchúisimh airí, cásanna chúiteamh an Gharda Síochána, achomhairc luachála, agus cásanna cuntasaíochta costais dlí. Áirítear ar chásanna tearmainn gach cás tearmainn, dídeanaithe agus cónaitheachta a thagann chun cinn as feidhmeanna bainteacha seo an Rialtais.

[13] Áirítear ar na cásanna seo, eiseachadadh, cásanna EAW, aistriú daoine faoi phianbhreith, ionchoisní agus láithris na Cúirte Dúiche i mBaile Átha Cliath. Áirítear orthu freisin, díobhálacha pearsanta agus éilimh thortacha i gcoinne an Stáit, cosúil leis na réimsí mí-úsaid linbh, dlíthíocht an Gharda Síochána agus dlíthíocht a thionscnaíonn státseirbhísigh.

[14] Cuirtear figiúirí a thugtar do chásanna nua sa Rannán um Maoin Stáit i leith éilimh áirithe Roinne scéimbhainteacha. Tá éileamh níos airde, ná mar a bhíothas ag súil leis, cruthaithe acu sin ar sheirbhísí áirithe dlí. Tá na comhaid seo faoi athbhreithniú faoi láthair chun críche soláthairtí breise ball foirne dlí, cur i bhfeidhm réiteach um fhoinsiú allamuigh agus / nó éifeachtúlachtaí a aithint.

Soláthraítear figiúirí d'aschuir ualaigh oibre ó chórais oidhreachta. Measann an Oifig go mbeidh an figiúr atá le hainmniú don bhliain 2009 á sholáthar óna córas nua bainistíochta cásanna agus taifead agus go ndéanfaidh sé éascaíocht do thuairisciú níos cruinne agus níos srathaithe. Léiríonn figiúirí éilimh mhéadaitheacha ar sheirbhísí dlí sna cuid is mó réimsí. Baineann impleacht leis an treocht seo i gcónaí maidir leis an Oifig i dtéarmaí meastachán, acmhainní daonna agus beartais bhainistíochta.

Clár 2 – Aturnaetha Stáit Áitiúla

Príomhstraitéisí:

- Ionadaíocht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Ard-Aighne i stiúradh gnó lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath

	Meastachán 2007 €000	**Toradh 2007 €000**	**Meastachán 2008 €000**	**% Athraithe ar Thoradh**
Caiteachas an Chláir				
Faoi láthair	11,800	11,300	0	n/a
Riarachán an Chláir - Pá - Garpí				
Caiteachas Tacaíochta				
Ollchaiteachas Cláir	**11,800**	**11,300**	**0**	**n/a**

Tugtar luach saothair anois do 32 Aturnae Stáit trí Vóta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Aschuir:

Ionadaíocht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcásanna coiriúla lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath.

Ionadaíocht an Ard-Aighne i gcásanna sibhialta lasmuigh de chásanna sibhialta lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath

Iarscríbhinn E

Ráiteas faoi Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2008

Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO

Ráiteas um Chomhlíonadh leis An Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Comhlíonann na híocaíochtaí cuí a rinne an Oifig seo téarmaí an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. .

Cuireadh treoirlínte i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloífí leis an Acht, agus scaipeadh ar an bhfoireann oibre ar fad iad in Eanáir 1998, agus cuireadh foireann oibre ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is í an aidhm atá leis na treoirlínte seo ná glanadh pras na sonrasc a éascú agus úis, pionóis agus cúiteamh a eascraíonn a sheachaint. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar nósanna imeachta airgeadais san Oifig go rialta, a tugadh suas chun dáta níos luaithe i mbliana, lena n-áirítear nósanna imeachta chun a chinntiú go gcloítear leis an Reachtaíocht.

Is iad seo a leanas na príomh-nósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Mura n-aontaítear ar a mhalairt trí chonradh scríofa, baineann an sprioc ama 30 lá um íoc pras le gach íocaíocht.
- Iarrtar ar fhoireann oibre a chinntiú go bhfuil ainm duine tugtha ar shonraisc nuair a chuirtear ordú isteach le haghaidh earraí agus seirbhísí chun moill a sheachaint chun teacht ar an duine a chuir an t-ordú isteach chun críocha deimhniúcháin.
- Déantar gach sonrasc a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais agus déantar dáta a stampáil orthu láithreach. Is é an dáta seo an dáta óna ríomhtar an tréimhse íoctha atá leagtha síos.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais scanadh ar na sonraisc go léir a fhaightear ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais, a luaithe a fhaightear san Aonad Airgeadais iad.
- Nuair a fhaightear na hearraí nó an tseirbhís, dá dtagraíonn an sonrasc, san Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc i gceart le híoc trí fhógra earraí faighte (GRN) a ghiniúint ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. A luaithe is a dhéantar an próiseas GRN, is féidir le baill foirne san Aonad Airgeadais leanúint ar aghaidh le híoc an tsonraisc.
- I gcás nach bhfuil sé de chumas ag an Aonad ábhartha GRN a ghiniúint do na hearraí mar thoradh ar ordú neamhchomlánaithe, neamhsholáthar seirbhís iomláine srl. ba chóir fógra a thabhairt don Aonad Airgeadais agus ní thosófar an tréimhse 30 lá go dtí go soláthraítear na hearraí nó an tseirbhís go hiomlán don Oifig.
- Cuireadh comhairle ar bhaill foirne maidir leis an ngá le GRN a ghiniúint a luaithe is a fhaightear na hearraí nó an tseirbhís san Oifig nó comhairle a chur ar an Aonad Airgeadais mura bhfuil sé de chumas acu GRN a ghiniúint i leith an tsonraisc áirithe. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar an bpróiseas GRN

mar thoradh ar bhaill foirne a bheith ar saoire srl.

- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá agóid ann ina leith, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Tá na nósanna imeachta seo á gcur i bhfeidhm ag an Aonad Airgeadais, agus tá taifead scríofa de na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ar fáil.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta ar a bhfuil íocaíocht dlite, agus déanann siad iarracht chun a chinntiú go bhfuil an íocaíocht déanta laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Sa chás go mbíonn íocaíocht á déanamh lasmuigh den tréimhse ama atá leagtha síos, déanann an tAonad Airgeadais an t-ús a ríomh de réir an Achta agus na Rialachán.
- Cuireann an Córas Bainistíochta Airgeadais dátaí dlite íocaíochtaí i gcuimhne don fhoireann oibre san Aonad Airgeadais.

Tá Tuarascáil na hOifige um Chleachtais Íocaíochta do 2007 ar fáil thíos.

Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil um Chleachtais Íocaíochta do 2008

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Ginearálta

- Chomhlíon na híocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocaíochtaí Déanacha

- Rinneadh íocaíochtaí arbh ionann iad agus €3.821 milliún san iomlán sa bhliain 2008 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí lena mbaineann an Reachtaíocht.
- Íocadh ús íoca phrais arbh ionann é agus €25.55 ar an iomlán i rith na bliana. Tháinig sé seo chun cinn i ndáil le híoc déanach 3 shonrasc arbh ionann iad agus €20,173.57 ar an iomlán, ar íocadh iad 3, 4 agus 10 lá déanach faoi seach. Is ionann é sin agus níos lú ná 0.527% de na híocaíochtaí iomlána. Níor íocadh cúiteamh ar íocaíochtaí déanacha le linn 2008, ná ní raibh éileamh ar bith ina thaobh sin.

OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

Ráiteas um Chomhlíonadh leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Cuireadh treoirlínte i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, agus scaipeadh ar an bhfoireann ar fad iad in Eanáir 1998, agus cuireadh foireann oibre ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is í an aidhm atá leis na treoirlínte seo ná glanadh pras na sonrasc a éascú agus pionóis úis a eascraíonn a sheachaint. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar nósanna imeachta airgeadais san Oifig go rialta.

Is iad seo a leanas na príomh-nósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Mura n-aontaítear ar a mhalairt trí shocrú i scríbhinn, baineann an sprioc ama 30 lá um íoc pras le gach íocaíocht.
- Cuirtear ar aghaidh gach sonrasc a fhaightear díreach chuig an Aonad Airgeadais de réir mar a stampáiltear an dáta orthu. Is é an dáta seo an dáta óna ríomhtar an tréimhse íoctha atá leagtha síos.
- Cláraíonn an fhoireann san Aonad Airgeadais an Sonrasc ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais nua, agus seolann siad an sonrasc ar aghaidh ansin chuig an Oifigeach atá ag láimhseáil an ceannacháin a bhaineann leis an sonrasc.
- Tá an fhoireann curtha ar an eolas gur chóir gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais láithreach nuair a fhaightear é. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar shonraisc mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire srl.
- Más gá sonrasc a cheartú má tá díospóid ann ina leith, leantar na nósanna imeachta a shainítear san Acht. Tá na nósanna imeachta seo á gcur i bhfeidhm ag an Aonad Airgeadais, agus tá taifead i scríbhinn de na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ar fáil.
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht chun a chinntiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Sa chás go mbíonn íocaíocht á déanamh lasmuigh den tréimhse ama atá leagtha síos, déanann an Córas Bainistíochta Airgeadais an t-ús a ríomh go huathoibríoch agus déanann an tAonad Airgeadais é a sheiceáil de láimh de réir an Achta agus na Rialachán.

Íocaíochtaí Úis faoi reachtaíocht maidir le hÍoc Pras Cuntas

Tabhaíodh suim iomlán €4,399 in ús pionóis sa CSSO, i rith na bliana faoi reachtaíocht maidir le hÍoc Pras Cuntas.

TUARASCÁIL UM CHLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA DON BHLIAIN 2008

OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

Baineann feidhm le téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 maidir le híocaíochtaí a dhéanann an Oifig seo nó a dhéantar thar ceann na hOifige seo, seachas párolla agus speansais áirithe eile Oifige.

Thug Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit Córas Bainistíochta Airgeadais nua isteach i mí Iúil 2004. Nuair a tugadh isteach an córas nua seo, ghlac an tAonad Airgeadais d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit freagracht as gach íocaíocht ó Vóta na hOifige, seachas Párolla agus Tuarastail (A1 Fotheideal). Tá an córas deartha go sainiúil chun monatóireacht agus rialáil a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí an Achta.

Sa riar bheag cásanna nach mbíonn íocaíochtaí déanta laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis chuí.

Íocaíochtaí lenar bhain Íocaíochtaí Prasa ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2008:

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir:	€8,123,615
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha go léir (faoi €320 san áireamh):	€305,783
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha go léir (os cionn €320):	€112,714
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí iomlána:	5.15%
An líon d'íocaíochtaí déanacha os cionn €320:	2
An Méid Úis a Íocadh:	€4,399
An Méid Úis mar Chéatadán d'Íocaíochtaí Iomlána:	0.068%
Táscaire leathan maidir le Fad Moilleanna:	51 Days

Iarscríbhinn F

Ionadaíocht Oifige ar Choistí agus ar Ghrúpaí Oibre i 2007

Bord Comhairleach na hOifige Náisiúnta Leanaí
Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Grúpa Comhairleach an Realtaíocht Seírbhísí Airgeadais

Grúpa Athbhreithnithe um Chothromaíocht sa Dlí Coiriúil

An Grúpa um Rialáil Níos Fearr

Líonra Bainistíochta an Athraithe

An Cóiste an Rialacha an Chuírt an Chúirt Chuarda

Gréasán Oifigeach Oiliúna na Státseirbhíse
An Coimisiún um Dhaonlathas tríd an Dlí
An Coimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe
Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
An Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

An Chomhairle Chomhairleach do Thomhaltóirí
Cumann na nDlíodóirí Corparáideacha agus Poiblí
Coiste Chomhairle na hEorpa um an Dlí Riaracháin
Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um an Dlí Teaghlaigh
Coistí na Rialacha Cúirte
Fóram na Seirbhíse Cúirteanna
Grúpa Úsáideoirí na Seirbhíse Cúirteanna
Coiste na Cúirte Achomhairc
An Coiste um Chódú an Dlí Choiriúil
An Fhoireann Thras-Rannach um Bonneagar
An Coiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí Airgeadais
Grúpa Tras- Rannach um Treorsch Seirbhísí
Grúpa Tras-Rannach um Méadú an AE agus Saorghluaisteacht
Grúpa Oibre an AE um Próiseáil Sonraí Dlí
Grúpa Oibre an AE um an Dlí Conarthaí
Grúpa an AE um Maoirseacht an Choinbhinsiúin Idir-Rialtasaigh
Líonra na nAthbhreithneoirí Caiteachais

An Grúpa Oibre Idir-rannach um Shaoráil Faisnéise

An Coiste un Rialacha an Chúirt Dhúishe

Líonra na nOifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise

Grúpa Líonra Úsáideoirí na Saorála Faisnéise

Grúpa Oibre an Gharda Síochána um Ghrinnfhiosrúcháin

Grúpa Forfheidhmiúcháin an Gharda Síochána um Ghrinnfhiosrúcháin

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Líonra Bainisteoirí Leabharlainne an Rialtais

Foireann Meastóireachta Greco

Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

Fóram Bainisteoirí Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise

Grúpa Oibre Dlí na Sochaí Faisnéise

An Grúpa Forfheidhmiúcháin um Shaincheisteanna Cúitimh

Grúpa Forfheidhmiúcháin na nArd-Rúnaithe

An Coiste Idir-rannach um Athchóiriú ar Phósadh

An Coiste Comhordaithe Idir-rannach um Ghnóthaí Eorpacha

Grúpa Idir-rannach um Dhlíthíocht Riachtanais Oideachais Speisialta

Grúpa Oibre Idir-rannach um Tháillí Teaghlaigh Altranais

Coiste Idir-rannach um Shaincheisteanna Núicléacha

Grúpa Idir-rannach um Dhlíthíocht Mí-Úsáid Leanaí

Grúpaí Oibre Idir-rannach um Míchumas

Coiste Idir-rannach um Bonneagar

Coiste Idir-rannach um Chabhracha Stáit

Grúpa Idir-rannach um moladh an Choimisiúin i gcomhair Gníomhaireacht Rialaithe Iascaireachta Eorpach

An Grúpa Idir-rannach um Choinbhinsiún an AE

An Grúpa Idir-rannach um Shaincheisteanna Reachtaíochta don tSochaí Faisnéise

An Grúpa Idir-rannach um Imscrúdú an Oireachtais ar Reachtaíocht an AE

An Tascfhórsa Idir-rannach um Thuarascáil an Choimisiúin ar Stádas Daoine faoi Mhíchumas

An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh

Grúpa Idir-rannach um Farbairtaí multi-ionad

An Líonra Iniúchóireachta Inmheánaí

Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta

An Sainghrúpa Idirnáisiúnta um Dhliteanas Núicléach (INLEX)

An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn

An Grúpa Airí agus Rúnaithe um Ábhair Eorpacha

Coiste Stiúrtha um Sciúradh Airgid (taobh oifigiúil)

An Grúpa Comhairleach “Gan Locht”

Tuaisceart Éireann (grúpaí éagsúla a bhaineann le hábhair Thuaisceart Éireann)

Coiste Dlí Núicléach (An Ghníomhaireacht um Fhuinnimh Núicléach, brainse den OECD)

Líonra na nOifigeach Pearsanra

Líonra CBFF

An Coiste um an Dlí Poiblí – An Cumann Barra Idirnáisiúnta

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeann Oifigí

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialála Aonair

Coiste Idirchaidrimh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

An Coiste Stiúrtha um an Tionscadal Píolótach chun nós imeachta mionéileamh ar líne a bhunú

An Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

Fo-ghrúpa Cumarsáide an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpaí Forfheidhmithe an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

An Cóiste um Rialacha um Usachúirt

An Grúpa um Straitéis Cánach

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe um an Dlí Trádála Idirnáisiúnta)

Grúpa Oibre UNCITRAL um Eadráin

Grúpa Oibre UNICTRAL um Shaincheisteanna Slándála

Grúpa Oibre UNCITRAL um Ríomhthráchtáil

Grúpa Oibre UNCITRAL um Dhlí Dócmhainneachta

UNIDROIT

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú an Dlí Cuideachtaí

An Grúpa Oibre um Sheirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

Iarscríbhinn G

Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean

Oifig an Ard-Aighne	Iarratais a Fuarthas	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iarratais a Ceadaíodh	Iarrarais a Ceadaíodh go Páirteach
1998	22	6	16	0	4	1
1999	27	7	20	0	2	4
2000	25	3	22	0	3	3
2001	23	4	19	0	2	2
2002	22	4	18	0	3	1
2003	18	3	15	0	5	4
2004	6	2	4	0	2	0
2005	3	1	2	0	0	0
2006	6	0	6	0	1	0
2007	1	1	0	0	0	0
2008	**5**	**1**	**4**	**0**	**2**	**0**
Total	158	32	126	0	24	15

Oifig an Ard-Aighne	Iarratais a Diúltaíodh	Iarratais a diúltaíodh faoi alt 46 (1) (b) (Figiúr san áireamh in Iomlán na nIarratas a diúltaíodh)	Iarratais a Aistríodh	Iarratais a aistarraingíodh nó a láimhseáladh lasmuigh SF	Cásanna Beo	Athbhreithnithe Inmheánacha a Fuarthas	Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise	Líon na dTáillí	Suim a gearradh
1998	15	12	1	0	1	6	2	0	Nil
1999	21	18	0	1	0	6	0	0	Nil
2000	18	14	0	1	0	4	0	0	Nil
2001	16	13	0	0	3	2	2	0	Nil
2002	20	20	0	0	1	0	0	0	Nil
2003	9	9	0	1	0	1	1	3	€45
2004	4	3	0	0	0	0	0	4	€60
2005	2	2	1	0	0	0	0	1	€15
2006	5	5	0	0	0	0	0	6	€90
2007	1	1	0	0	0	0	0	0	Nil
2008	**1**	**1**	**0**	**1**	**1**	**0**	**0**	**3**	**€45**
Iomlán	112	98	2	4	n/a	19	5	17	€255

Staitisticí don bhliain 2008

Oifig an Ard-Aighne

Oifig an Ard-Aighne	Iarratais a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Foireann	Eile
01/01/08 to 31/12/08	5	2	1	0	0	2

Staitisticí ón 21 Aibreán 1998 go dtí an 31 Nollaig 2007

Oifig an Ard-Aighne	Iarratais a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Foireann	Eile
21/04/98 to 31/12/07	158	43	34	3	5	73

Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	Iarratais a Fuarthas	Pearsanta	Neamhphearsanta	Measctha	Iarratais a Ceadaíodh	Iarratais a Ceadaíodh go Páirteach
1998	17	14	3	0	10	0
1999	9	3	6	0	4	0
2000	23	11	12	0	15	4
2001	9	6	3	0	5	0
2002	9	5	4	0	2	0
2003	6	2	4	0	0	1
2004	3	1	2	0	0	0
2005	2	2	0	0	2	0
2006	2	0	2	0	0	0
2007	3	2	1	0	2	0
2008	**6**	**6**	**0**	**0**	**2**	**0**
Iomlán	89	52	37	0	42	5

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	Iarratais a Diúltaíodh	Iarratais a diúltaíodh faoi alt 46 (1) (b) (Figiúr san áireamh in Iomlán na nIarratas a diúltaíodh)	Iarratais a Aistríodh	Iarratais a aistarraingíodh nó a láimhseáladh lasmuigh SF	Cásanna Beo	Athbhreithnithe Inmheánacha a Fuarthas	Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise	Líon na dTáillí	Suim a gearradh
1998	4	4	2	0	1	1	0	0	Nil
1999	4	4	1	0	1	3	1	0	Nil
2000	5	2	0	0	0	1	1	0	Nil
2001	4	3	0	0	0	1	1	0	Nil
2002	7	7	0	0	0	0	0	0	Nil
2003	1	1	2	2	0	1	0	0	Nil
2004	0	0	0	2	1	0	0	0	Nil
2005	0	0	0	0	0	0	0	0	Nil
2006	2	2	0	0	0	1	0	1	15
2007	0	0	0	1	0	0	0	1	15
2008	**2**	**0**	**1**	**0**	**1**	**0**	**0**	**0**	**Nil**
Total	29	23	6	5	4	8	3	2	30

Staitisticí don bhliain 2008

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	Iarratais a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Foireann	Eile
01/01/08 to 31/12/08	3	0	0	0	2	1

Staitisticí ón 21 Aibreán 1998 go dtí an 31 Nollaig 2008

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	Iarratais a Fuarthas	Iriseoirí	Gnó	Oireachtas	Foireann	Eile
21/04/98 to 31/12/08	83	12	2	0	34	35

Iarscríbhinn H

Oiliúint agus Forbairt - Oifig Shráid Mhuirfean

Bhain an chuid is mó d'oiliúint na hOifige in 2007 le cur i bhfeidhm (leanúnach) chóras nua leictreonach bainistíochta cásanna na hOifige (ACME). Sheachaid oiliúnóirí seachtracha an oiliúint seo go hinmheánach agus léirítear í sna costais a bhaineann le comhairleacha agus oiliúnóirí seachtracha sa tábla thíos.

Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt – 2008

Mír	*Caiteachas €*
Seimineáir, Comhdhálacha agus Cúrsaí Oiliúna	230,686.82
Aisíoc Táillí	24,917.00
Costas comhairleach agus oiliúnóirí seachtracha	29,426.67
Oiliúint TF	10,504.72
Tuarastail agus forchostais oiliúnóirí	87,442.60
Costas riaracháin	73,164.77
Costas cúrsaí ar fhreastail oiliúnóirí orthu	360.00
Ceannachán ábhar nua oiliúna	2,119.92
Máistreacht in Anailís Bheartais	
Eile	63,532.59
Iomlán	**522,155.09**
Costas iomlán Párolla A1	**10,665,000**
Caiteachas ar T & D mar % de chostas tuarastail	**4.9%**

Oiliúint agus Forbairt 2008 - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Miondealú Chaiteachas Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar Oiliúint agus Forbairt 2008

Ba ionann an caiteachas iomlán ar Oiliúnt agus Forbairt in 2008 agus €287,603.73

- Roinneadh an leithdháileadh buiséid oiliúna i dtrí réimse shonracha::
- **Buiséad Tarmligthe**
- Bhí €91,140.36 i gceist leis an gcaiteachas iomlán don Bhuiséad Tarmligthe i rith 2008.
- **Aisíocaíocht Táillí**
- D'éiligh 23 duine ar an iomlán aisíocaíocht táillí maidir leis an scéim um Aisíocaíocht Táillí I 2008. Ba í €58,648.00 an tsuim a aisíocadh faoin scéim seo in 2008.
- **Ciste Sealbhaíochta**

  Ba é €137,815.37 an caiteachas ciste Sealbhaíochta don bhliain 2008. Úsáideadh an ciste sin chun íoc as an gClár Oiliúna agus Forbartha don Lucht Bainistíochta agus Baill Foirne Shinsearacha chomh maith le caiteachas ar oiliúint le haghaidh, ionaid do chúrsaí a reachtáladh i rith na bliana, oiliúint eile ar nós Garchabhrach srl.

-

Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt - 2008

Nithe	*Caiteachas €*
Ciste Sealbhaíochta	€137,815.37
Aisíocaíocht Táillí	€58,648.00
Buiséad Tarmligthe	€91,140.36
Tuarastail agus forchostais oiliúnóirí	€85,187.70

Iomlán	**€372,791.43**
Iomlán na gCostas Párolla A1	**€15,442,290**
Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt mar % den chostas tuarastail	**2.41%**

Iarscríbhinn I

Cairt Eagraíochta:


An tArd-Aighne
Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte
An tArd-Stiúrthóir
An Leas-Ardstiúrthóir
Dréachtóirí Parlaiminte
Grúpa 1
Grúpa 2
Grúpa 3
Riarachán
An Ceann Riaracháin
Aonad Bainistíochta Acmhainní Daonna
AonadLeabharlainne/Fios Gnó
Aonad TF
An tAonad um Bainistíocht
Aonad Airgeadais
An tAonad Iniúchta Inmheánaigh
Oifigí
An
Aonad Seirbhísí
Abhcóidí Comhairleacha
Grúpa A
Grúpa B
Grúpa C
Grúpa D
Grúpa E


An Príomh-Aturnae Stáit
Rannóg na Sócmhainní Coiriúla
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
An Rannán Comhairleach
An Príomh-Aturnae Stáit Cúnta
An Rannóg Shainchomhairleach
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
Cásanna um Dhlíthíocht Stáit agus na hEorpa
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
Commercial Contracts Section
Principal Solicitor
An Rannán um Maoin Stáit
An Príomh-Aturnae Stáit Cúnta
An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt
Príomh-Aturnae
An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta (Ard)Aturnae Stáit
An Rannóg um Oifig na nOibreacha Poiblí agus Sláinte agus Leanaí
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
An Rannán Dlí Poiblí
An Príomh-Aturnae Stáit Cúnta
Rannóg Tráchtála agus Bunreachta
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha
Príomh-Aturnae
An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí
An Príomh-Aturnae Stáit Cúnta
An Rannóg Tearmainn
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
An Rannóg Seirbhísí Dlí
An Príomh-Fheidhmeannach Dlí
An Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn
An Príomh-Aturnae Stáit Cúnta
Rannóg na nÉileamh Tortach
Príomh-Aturnae
An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta
An Príomh-Aturnae
Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta
Leas-Chúntóir an Phríomh-Aturnae Stáit
An Rannán Riaracháin
Ceann Riaracháin Príomhoifigeach
An tOifigeach Acmhainní Daonna
Príomhoifigeach Cúnta
Teicneolaíocht Faisnéise
Bainisteoir TF
Leabharlann agus Fios Gnó
Leabharlannaí Dlí
Aonad na gCuntas
Príomhfheidhmeannach
Aonad Seirbhísí Oifige
Príomhfheidhmeannach
An tAonad Oiliúna agus Forbartha
Príomhfheidhmeannach
Aonad na dTaifead agus Clárlainne Oifigeach Bainistíochta

Iarscríbhinn J

CÁSANNA ARD-CHÚIRTE Ó 2008 LENAR BHAIN AN STÁT

Sergejs Rimsa v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnas tugtha an 11/01/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne dhlíthiúlacht a choinneála ar feitheamh a ghéillte d'údaráis na Laitvia mar thoradh ar neamhábaltacht údáráis na Laitvia ticéid a fháil ó Ríge go dtí Baile Átha Cliath agus comhaontaíodh é idir údaráis lárnacha an dá thaobh.

Eamon Dunne v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar
Breithiúnas tugtha an 15/01/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a choinneála tar éis a athghabhála díreach tar éis a scaoilte saor a d'ordaigh Edwards J an 3 Eanáir 2008.

Thomas Kavanagh agus Joanne Byrne v Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha an 15/01/2008
Lorg na gearánaigh dearbhú go raibh an tAcht um Fháltais ó Choireacht 1996 go léir, nó codanna de, aimréireach leis an mBunreacht, chomh maith le dearbhú go raibh an tAcht céanna go léir, nó codanna de, ar neamhréir le Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine.

T.K. agus J.B. v Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha an 15/01/2008
Rinne na gearánaigh agóid i gcoinne chinneadh na réamh-shaincheisteanna i gcás lenar bhain agóid i gcoinne an Achta um Fháltais ó Choireacht 1996.

B. Doe agus Anor. v Na Coimisinéirí Ioncaim
Breithiúnas tugtha an 18/01/2008
Thionscnaigh na gearánaigh réamhiarratas ag lorg cead chun imeachtaí a eisiúint faoi ainm breige.

Thomas Donnelly v Coimisinéir an Gharda Síochána, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha an 18/01/2008
Lorg an gearánach damáistí ar dhíobhálacha pearsanta (caillteanas suntasach agus do-athraithe éisteachta) a líomhnaíodh gur tharla dó le linn dó obair a dhéanamh mar ionramálaí madra don chosantóir.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Eamon Devlin
Breithiúnas tugtha an 24/01/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte faoi Bharántas Gabhála Eorpach chuig Tuaisceart Éireann i ndáil le cionta calaoise ar fhoras go raibh ceist ann cibé an ndearnadh an cion i gcríoch iomlán an bhallstáit feidhmiúcháin nó i gcuid de.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Marek Ster
Breithiúnas tugtha an 24/01/2008

Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte do Phoblacht na Seice de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta maidir le mhórdhíobháil choirp a dhéanamh agus goid.

Eamon Dunne v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar
Breithiúnas tugtha an 25/01/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne dhlíthiúlacht a choinneála agus shíneadh an ama um an leabhar fianaise a sheachadadh de bhun alt 4B(3) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (arna chur isteach ag alt 9 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999).

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Barry Callaghan
Breithiúnas tugtha an 31/01/2008
Cás Comhairliúcháin luaite i ndáil le cosantóir a cúisíodh le deochanna meisiciúla a dhíol go neamhdhleathach ag praghas lascaine in áitreabh ceadúnaithe.

Elaine Farrell v Alan Whitty, an tAire Comhshaoil, Éire agus an tArd-Aighne agus Biúró Árachóirí Mótar na hÉireann
Breithiúnas tugtha an 31/01/2008
Bhain na himeachtaí seo le léirmhíniú ar conas a chuirtear Treoir ón CE i bhfeidhm.

Keith Farrell v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Edwards J an 05/02/2008
Lorg an t-iarrthóir athbhreithniú breithiúnach d'ordú toirmisc ar fhoras moille ionchúisí.

Marie Fuller agus Ors. v An tAire Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta agus an tAire Airgeadais
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J an 08/02/2008
Is éard a bhí i gceist leis na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh seo gur lorg na hiarrthóirí go n-íocfaí a dtuarastal iomlán leo agus go ndéanfaí a dteidlíochtaí pinsin a aischur faoi dá mbeidís ar fáil chun a ngnáthdhualgais a chomhlíonadh cé nach raibh siad ar fáil le hobair a dhéanamh iarbhír toisc go raibh siad ar stailc.

Patrick Kenny v An Breitheamh John Coughlan, agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 08/02/2008
Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh i gcás inar lorg an t-iarrthóir ord certiorari maidir lena chiontú i gcion tiomána.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Thomas Ollsen
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 20/02/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte chuig an tSualainn de bhun Barántais Ghabhála Eorpach ar fhoras go mbeadh a cheart ar shaoirse bainte uaidh *inter alia* dá ghéillfí é toisc nach mbeadh sé I dteideal iarratas a dhéanamh ar scaoileadh réamhthrialach sa tSualainn.

A.C. (A Minor) v an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Dunne J an 21/02/2008
Lorg an t-iarrthóir urghaire ag cur srian ar an bhfreagróir as aon chéimeanna eile a ghlacadh in ionchúiseamh coiriúil ar coirloisceadh.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v John Ward
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 04/03/2008

Rinne an freagróir agóid i gcoinne a eiseachadta go dtí Sasana de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le hionchúiseamh cionta ar chúrsa na córa a shaobhadh agus ar thiomáint is trúig bháis.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Michael Breen
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 04/03/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a eiseachadta go dtí Geirsí (Oileáin Mhuir nIocht) de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil lena éalú ó phríosún Sasanach le linn dó téarma príosúin 10 mbliana a chur isteach.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí -v- Marian-Constantin Ciobanica
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 05/03/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Rómáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta goide.

Kevin Treacy v An Breitheamh Dúiche Aenas McCarthy agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag McGovern J an 06/03/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithniúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne cinneadh díspeagtha cúirte ina aghaidh.

Kevin Treacy v An Breitheamh Dúiche Tom O'Donnell agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh
Breithiúnas tugtha ag McGovern J an 06/03/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithniúnaigh inar lorg an t-iarrthóir faoisimh ar fhoras gur diúltaíodh éisteacht chothrom a thabhairt dó.

O'Shea Fishing Co. Ltd v An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
Breithiúnas tugtha ag Clarke J an 07/03/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne cinneadh a rinneadh roimhe sin maidir le dáileadh an chuóta ronnaigh.

J. agus E. Davy (t/a as Davy) v An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Kelly J on 13/03/2008
Achomharc agus iarratas ar athbhreithniú breithiúnach i ndáil le cinneadh a rinne an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

Nangles Nurseries v Na Coimisinéirí Luachála
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J an 14/03/2008
Lorg an t-achomharc seo trí chás sonraithe, a chinneadh cibé ar chinn an Binse Luachála go cuí gur 'phlandlann' a bhí i gceist le limistéar talún faoin Acht Luachála 2001.

Mark Christopher Breslin agus Ors. v Seamus McKenna agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J an 20/03/2008
Lorg na gearánaigh ordú cúirte follasaithe le trascríbhinní ó imeachtaí coiriúla a úsáid in imeachtaí sibhialta.

John J. Riney v Gobharnóir Phríosún Theach an Locháin agus an tArd Aighne
Breithiúnas tugtha ag Edwards J an 21/03/2008 agus 22/03/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a choinneála as mainneachtain fíneáil a íoc i ndiaidh dó a chiontú i gcion oird phoiblí sa chás gur ordaíodh dó fíneáil a íoc, nó in ionad íocaíochta, go gcuirfí i bpríosún é ar feadh 80 lá.

Vicky Leonard v Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Éire agus an tArd Aighne
Breithiúnas tugtha ag Dunne J an 31/03/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne díshealbhaithe maidir le halt 62 d'Acht na dTithe 1966 ar bhonn chomhoirúnacht an bhirt leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Barry O'Sullivan v an Ceannfort i gCeannas ar Stáisiún an Gharda Síochána, Stáisiún Garda Togher Garda Station, Corcaigh; Andrew Creighton v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Dunne J an 01/04/2008
Ba chás é seo a luadh ina ndearnadh breathnú ar léirmhíniú alt 29 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v James Anthony Tighe (a/k/a Bernard Tighe)
Breithiúnas tugtha ag Feeney J an 03/04/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne bhronnadh oird srianta mar chúnamh le hord comhoibrithe choigistíochta thar ceann an Ríochta Aontaithe.

Pat Jennings v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an Breitheamh Donagh McDonagh
Breithiúnas tugtha ag Sheehan J an 07/04/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ord toirmisc chun srian a chur ar na freagróirí as leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh an iarrthóra.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Florin Gheorgie; An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Violeta Corina Gheorgie
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 09/04/2008
Rinne na freagróirí agóid i gcoinne a ghéillte don Rómáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta caimiléireachta agus brionnaithe ag eascairt as idirbheart maoine.

Gary Breen v Gobharnóir Phríosún Chruithneachtáin,
an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J an 11/04/2008
Bhain an t-ábhar leis an gceist cibé ar cheadaigh na húdaráis phríosúin do chomhphríosúnach ionsaí a dhéanamh ar an ngearánach nó an raibh siad faillíoch toisc gur cheadaigh siad don ionsaí tarlú.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Clive Kavanagh
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 13/04/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ísiltír de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta drugaí.

Michael Berry agus Ors. v Judge Aeneus McCarthy agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J an 14/04/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a thriailte go hachomair ar fhoras go raibh sárú déanta ar a cheart ar thriail ghasta trí mhainneachtain na n-ionchúisitheoirí chun éisteacht iomlán a thabhairt dó laistigh de thréimhse ama réasúnta in imeachtaí na Cúirte Dúiche.

J.McD. v P.L. agus B.M.
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 16/04/2008
Lorg an t-iarrthóir orduithe caomhnóireachta agus rochtana maidir le leanbh a gineadh trí dheonachán speirme a rinne an chéad fhreagróir.

Anne Donegan agus Ors. v An tAire Iompair, Aer Rianta cpt agus Dunloe Ewart plc
Breithiúnas tugtha ag McGovern J an 17/04/2008
Ba réamh-shaincheist í seo maidir le cibé an bhféadfadh éilimh an ghearánaigh sna himeachtaí substainteacha a thionscain nó a choinneáil i gcoinne na chéad chosantóir, ag féachaint d'fhorálacha alt 58 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998.

Darren Clake v An tAire Cosanta, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Irvine J an 18/04/2008
Lorg an gearánach damáistí ar dhíobhálacha fisiciúla a tharla dó i ndiaidh ionsaí moirtéir ar an gcompún a ndearnadh é a shuíomh ann.

Chris Fitzpatrick & John Ryan v F.K. agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 25/04/2008
Lorg na gearánaigh cinneadh a fháil ar an tsaincheist a bhain leis na coinníollacha ian bhféadfaidh cúirt idirghabháil a dhéanamh i gcás othair aosaigh, nach bhfuil *non compos mentis* agus ar dhiúltaigh siad cóireáil leighis, agus údarú a thabhairt d'ospidéal an cóireál sin don othar.

Thomas O'Leary v Ceannfort Michael Maher
Breithiúnas tugtha ag Clark J an 25/04/2008
Athbhreithniú breithiúnach maidir le cinneadh chun deimhniú arm tine a dhiúltú don iarrthóir.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Thomas O' Malley
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J an 01/05/2008
Bhain an cás sonraithe seo le cinneadh pointí áirithe dlí a d'eascair as cúiseamh tiomána os cionn na teorann dlíthiúla alcóil.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Jaroslaw Stankiewicz
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 02/05/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Phólainn de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

Sergejs Rimsa v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 02/05/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Laitvia de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

William Goodison v Ceannfort D.J. Sheahan
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 02/05/2008
Athbhreithniú breithiúnach maidir le cinneadh chun deimhniú arm tine a dhiúltú don iarrthóir.

Mark O'Neill, Elizabeth O'Brien agus Frank Massey v An Taoiseach, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Máistir na hArd-Chúirte, an tUasal Edmund Honohan, S.C. an 07/05/2008
Lorg na gearánaigh ord follasaithe catagóirí sonraithe doiciméad d'fhonn éisteacht chothrom a fháil don chaingean.

AHP Manufacturing B.V. (t/a Wyeth Medica Ireland) v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comshaoil, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag O'Higgins J on 08/05/2008
Lorg na freagróirí cead a cur ar leataobh, ar tugadh é chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach maidir le mainneachtain an iarrthóra chun cloí leis na teorainneacha ama um agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí a rinne an dara hiarrthóir.

Anthony Donegan v Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 08/05/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne díshealbhaithe i leith alt 62 d'Acht na dTithe 1966 ar bhonn chomhoiriúnacht an bhirt leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Bertie Ahern v Binse Mahon
Breithiúnas tugtha ag Kelly J an 08/05/2008
Athbhreithniú breithiúnach ina ndearnadh breathnú ar phribhléid pharlaiminte agus pribhléid dlí gairmiúil i gcomhthéacs an cheistithe os comhair an Bhinse.

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta v An Coimisinéir Luachála
Breithiúnas tugtha ag McCarthy J an 08/05/2008
Imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a rinne agóid i gcoinne chinneadh an fhreagróra maidir lena rátaí cinntiúcháin i leith mhaoin an iarrthóra.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Charles Hall
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 30/05/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ríocht Aontaithe de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh maidir le pianbhreitheanna maidir le hearraí goidte a láimhseáil, goid agus éalú ó choimeád dlíthiúil.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Thomas Martin McCague
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 30/05/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ríocht Aontaithe de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta comhcheilge agus dleacht mháil a imghabháil go calaoiseach.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Vera Dunkova
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 30/05/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte do Phoblacht na Seice de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cion goide.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Martin Lynch
Breithiúnas tugtha ag McCarthy J an 05/06/2008
Cás sonraithe ón gCúirt Dúiche maidir le pointe dlí a bhain le léirmhíniú focail i gcion reachtúil ciaptha de réir alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

James Bowes v Gobharnóir Phríosún Chorcaí
Breithiúnas tugtha ag Abbott J an 10/06/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a choinneála toisc gur forghéilleadh a phribhléidí go léir de bharr ábhar araíonachta.

Patrick O'Doherty v an tArd-Aighne, Comhairle Cathrach Luimní agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Sheehan J an 10/06/2008
Lorg an gearánach faoiseamh urghaire a chuir srian ar Comhairle Cathrach Luimnigh agus Fianna Fáil ó chomhalta nua a chomhthogh chun folúntas ócáideach a líonadh tar éis éirí as Comhairleora.

James Byrne v Gobharnóir Phríosún Mhuinseo
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 10/06/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a choinneála maidir lena athghabháil de bhun barántais atheisithe.

Ralph Keane agus Anor. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Hanna J an 10/06/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg na hiarrthóirí ordú toirmisc i gcoinne ionchúisimh ar chontúirt mheargánta in éagmais fianaise nua.

Cussens, Jennings agus Kingston v T.G. Brosnan (Cigire Cánach)
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 11/06/2008
Ba chás sonraithe é seo de bhun an Achta Chomhdhlúite Cánacha 1997 ina ndearna na hiarrthóirí agóid i gcoinne cinnidh nach raibh siad díolúnaithe ó CBL a íoc ar dhíolachán na dtithe a bhí tógtha acu.

Gerard Neeson v an Breitheamh Patrick Brady agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 11/06/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a rinne iarracht ordú a chur ar neamhní ar dhiúltaigh sé deimhniú cúnamh dlí a bhronnadh air agus ordú toirmisc nó bac ar mharthain na n-imeachtaí ina aghaidh.

Antonio Casimiro Lopes v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnas tugtha ag Hanna J an 11/06/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne mhéid na ndamáistí a bronnadh air ar bhonn idirdhealú ciníoch.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Simon Martin Ross
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 13/06/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne a ghéillte don Ríocht Aontaithe de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Olimpia Iordache
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 13/06/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne a ghéillte don Rómáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cion goide.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Roman Snela
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 13/06/2008
Rinne náisiúnach Polannach i gcoinne a ghéillte don Ghearmáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta a rinneadh sa Ghearmáin.

Teahan agus Ors. v An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 18/06/2008
Rinne na hiarrthóirí agóid i gcoinne bailíocht fodhlí ar fhoras gur sháraigh sé a gcearta ar nósanna imeachta cothroma.

Bryan David Bennets v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar, an Breitheamh Dúiche William Early agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnas tugtha ag Birmingham J an 20/06/2008
Rinne an t-iarrthóir, iarrthóir tearmainn ón Afraic Theas, agóid i gcoinne a choinneála a bunaíodh ar fhoras réasúnta gurbh bhagairt thromchúiseach é an t-iarrthóir ar an ord poiblí in Éirinn.

Kathleen Fitzpatrick v Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Mhuire, Touraneena agus an tAire Oideachais agus Eolaíochta
Breithiúnas tugtha ag Irvine J an 24/06/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne iarratas na chéad fhreagróra go gcuirfí imscrúdú neamhspleách míochaine a chur ar aghaidh sular fhill sé ar an obair tar éis saoire breoiteachta fhadtréimhseach.

Liam Grogan v An Bord Parúil agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnas tugtha ag McMahon J an 27/06/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar bhain an tsaincheist a bhí le breathnú le cibé ar cheangail an Bunreacht go gcuirfí cúnamh dlí ar fáil don iarrthóir le haghaidh aighneachtaí dlí a ullmhú don bhord parúil.

Desmond Fogarty v An Breitheamh Dúiche Hugh O'Donnell agus an Stiúrthóir Ioncúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 27/06/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar líomhain an t-iarrthóir gur sáraíodh nósanna imeachta cothroma agus laofacht maidir le conas a pléadh lena chás tiomána neamhairí.

Colin Harvey v an Breitheamh Dúiche Claire Leonard agus an Stiúrthóir Ioncúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 03/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a rinne agóid i gcoinne dlínse Bhreithimh Dhúiche chun an t-iarrthóir a chur ar ais os comhair Cúirte a bhí tar éis pianbhreith ar fionraí a fhorchur agus nár dhuine chiontaithe é an t-iarrthóir ag an am.

Ronan McCarron v Ceannfort Peadar Kearney
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 04/07/2008
Athbhreithniú breithiúnach maidir le cinneadh chun deimhniú arm tine a dhiúltú don iarrthóir.

An tAire Talmhaíochta v John Barry agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Edwards J an 07/07/2008
Acomharc ar cheist dlí i gcoinne cinnidh a rinne an Binse Achomhairc Fostaíochta maidir le stádas fostaíochta na bhfreagróirí.

Brian Kelly v An tAire Cosanta agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Dunne J an 08/07/2008
Is éard a bhí i gceist leis na himeachtaí seo cibé ar bhain feidhm le halt 17(3) d'Acht na gCúirteanna 1981 maidir leis na himeachtaí a comhréitíodh – .i. cibé an féidir a rá gur "cinneadh" na himeachtaí sin san Ard-Chúirt.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Krzysaztof Wroblewski
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 09/07/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Phólainn de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh maidir le cionta goide agus creidmheas a fháil trí dhúmas bréige.

John Ahern agus Ors. v An tAire Talmhaíochta agus Bia, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 11/07/2008

Lorg na gearánaigh ordú a d'ordaigh dá n-iaraturnaetha chun comhaid a sheachadadh agus go gcuirfí iocaíocht chostas cánaithe na n-iaraturnaetha siar ar feitheamh toradh rathúil a n-éileamh maidir le dearbhuithe agus damáistí a d'eascair as cur i bhfeidhm an réimis chuóta bhainne roimh 1990.

Leathanbhanda Náisiúnta v An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Breithiúnas tugtha ag McGovern J an 11/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a raibh sé mar aidhm aige cinneadh a chur ar neamhní chun clúdach leathanbhanda satailíte a eisiamh ó léarscáil a d'ullmhaigh an tAire.

***Celtic Roads Group (Dundalk) Limited* v An Coimisinéir Luachála agus Anor.; *West-Link Toll Bridge Limited* v An Coimisinéir Luachála agus Anor.**
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 11/07/2008
Achomharc cinnidh déanta ag an gcéad fhreagróir a rinne agóid i gcoinne an mhodha lenar ríomhadh athbhreithniú na rátaí maidir le hoidhreachtáin.

M.J.L. v Éire agus an tArd-Aighne agus Anor.
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 14/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir dearbhú go raibh alt 5 den Acht um Fhoréigean Baile 1996 míbhunreachtúil agus dá bhrí sin, nár chóir go mbeadh feidhm ag ordú cosanta a rinneadh ina choinne ar bhonn an *ex parte*.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlív Florin Hahui
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 18/07/2009
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Rómáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cion robála.

C.D. v An tAire Sláinte agus Leanaí agus an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C
Breithiúnas tugtha ag Herbert J an 23/07/2008
Lorg an t-achomharcóir athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Mháistir Fómhais maidir le táillí treoracha aturnaetha.

Louis O'Regan v An Bord Pleanála
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 24/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir cead chun agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an fhreagróra.

J.B. v An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne agus Anor.
Breithiúnas tugtha ag Hanna J an 25/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne a choinneála leanúnaí san Ospidéal Lárnach Mearbhaill.

Jonathan Gormley v An Breitheamh Dúiche Bryan Smith agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 29/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne cinnidh chun é a thriail ar díotáil tar éis cinneadh a rinneadh níos luaithe chun na hionchúisimh a dhiúscairt go hachomair.

Mary Weir v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 29/07/2008
Ba chás sonraithe é seo ón gCúirt Dúiche inar ardaíodh ceisteanna maidir le ceanglas reachtúil údaraithe scríofa chun seicphointe a bhunú agus cibé ar leor údarú béil.

S.McD. (Mionaoiseach) v An tAire Oideachais agus Eolaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 29/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir, leanbh le huathachas, agóid i gcoinne chinneadh na chéad fhreagróra chun deireadh a chur le deontas teagaisc sa bhaile.

Prendergast -v- An tÚdarás um Ardoideachas, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 30/07/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne na riachtanas iontrála le haghaidh cúrsaí céime leighis in Éirinn.

J. & E. Davy (t/a Davy) v An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 30/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne chumhachtaí reachtúla agus bunreachtúla nós imeachta na chéad fhreagróra.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Istvanne Ficzere
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 30/07/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ungáir de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cion caimiléireachta.

Frank Prendergast -v- An tÚdarás um Ardoideachas, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 30/07/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne dhlíthiúlacht agus bhunreachtúlacht an chuóta maidir leis na háiteanna ar fáil do mhic léinn AE le hiontráil ar chúrsaí céime leighis in Éirinn.

An Breitheamh Alan P. Mahon, an Breitheamh Mary Faherty agus an Breitheamh Gerald B. Keys v Noel Lawlor, (Riarthóir Ad Litem Eastát Liam Lawlor, éagtha) agus Hazel Lawlor
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 30/07/2008
Imeachtaí a d'eascair as sraith mhorgáistí breithiúnais a dearbhaíodh mar dhea-mhuirearaithe maidir le húinéir na talún a fuair bás ó shin.

June Traynor v An Breitheamh Catherine Delahunt, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána
Breithiúnas tugtha ag McMahon J an 31/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir go nochtfadh na freagróirí doiciméid áirithe, ar táirgeadh iad le linn imscrúduithe an tríú freagróir.

***Dandean Limited* v *Talebury Properties Limited*, Gerard Barrett agus Catherine Barrett**
Breithiúnas tugtha ag Edwards J an 31/07/2008
Lorg an t-iarrthóir orduithe faoin Acht um Pleanáil 2000, lena n-áirítear urghaire go scorfadh na freagróirí d'fhorbairt neamhúdaraithe ar an láithreán, go ndéanfaidís na tailte a athchóiriú chuig an mbail bhunaidh a bhíodh orthu roimh an bhforbairt, agus go ndéanfaí an fhorbairt de réir an cheada phleanála a bhronn an Bord Pleanála.

An tAire Oideachais agus Eolaíochta v An Coimisinéar Faisnéise
Breithiúnas tugtha ag McGovern J an 31/07/2008
Bhain an t-ábhar seo le hachomharc ó chinneadh an fhreagróra gan doiciméad a dheimhniú mar thaifead díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Hazel Lawlor v Comhaltaí ón mBinse Fiosrúcháin um Ábhair agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála
Breithiúnas tugtha ag Murphy J an 31/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir faoisimh maidir le caighdeán an chruthúnais a éilítear sula ndéanann an binse cinntí fiorais agus soláthar costas.

John Paul Kelly v Gobharnóir Phríosún Mhuinseo
Breithiúnas Charleton J an 31/07/2008
Lorg an t-iarrthóir sna himeachtaí seo athbhreithniú breithiúnach a fháil ar chinneadh gan teanntáin ar a fhiacla a chur ar fáil dó.

R.C. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J an 31/07/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir toirmeasc a fháil ar a thriail choiriúil a bhí ar feitheamh os comhair na Cúirte Coiriúla.

Stephen Doherty agus Anthony Carroll v Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 01/09/2008
Lorg na gearánaigh urghaire idirbhreitheach ag cur srian ar an gcosantóir ó phionós araíonachta fionraí neamhíoctha a chur i bhfeidhm ar feitheamh na caingne.

Funmilayo Bashir v Gobharnóir Phríosún Mhuinseo (An Dochas) agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnas tugtha ag Sheehan J an 02/09/2008
Rinne an t-iarrthóir, iarrthóir tearmainn, agóid i gcoinne a coinneála i bpríosún.

***Deerland Construction Ltd.* v An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus Anor.**
Breithiúnas tugtha ag Kelly J an 10/09/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir faoisimh maidir le cinneadh a rinne an chéad fhreagróir chun ceadúnas dobharshaothraithe a bhronnadh agus i gcoinne an dara freagróir as diúltú breathnú a dhéanamh ar iarratas ar léas imeall trá.

Patrick Hickey, Drishlawn Limited, Hickey's Pharmacy Ltd., Wheaton Pharmacy Ltd., Gleeson's Pharmacy Ltd., Philip Dillon Ltd., Estherfield ltd., DGM Pharmacies Ltd. (t/a Hickeys Pharmacy v Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Breithiúnas tugtha ag Finlay Geoghegan J an 11/09/2008
Rinne na gearánaigh agóid gur sháraigh conarthaí áirithe foirme caighdeánaí inar laghdaigh an cosantóir aisíocaíocht chostas na ndrugaí go haontaobhach, ar fodháileadh iad faoi scéim na Seirbhísí Ginearálta Míochaine, comhaontuithe conraitheora cógaslainne pobail.

John Kearney v Gobharnóir Phríosún Luimnigh
Breithiúnas tugtha ag Clarke J an 18/09/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú le haghaidh *habeas corpus* ar an mbonn gur cuireadh moill ar sheachadadh a iarratais chuig an Ard-Chúirt ag gobharnóir an phríosúin.

Comhairle Contae Chorcaí v Slattery Pre-cast Concrete Limited, Patrick Slattery, Rose Slattery agus Declan Slattery; Brian Froggat, William Cashin agus Dennis Daly v Slattery Pre-cast Concrete Limited, Rose Slattery, Declan Slattery Patrick Slattery
Breithiúnas tugtha ag Clarke J an 19/09/2008
Lorg na gearánaigh orduithe forfheidhmiúcháin chun srian a chur ar ghnó na gcosantóirí chuig an méid a gcuireadh síos air sa bhunchead coinneála.

Marie Monahan v An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Edwards J an 06/10/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne cinnidh a rinne an chéad fhreagróir chun cúnamh dlí a dhiúltú maidir le fógra fágála a eisíodh d'áit chónaithe chosanta.

Comhairle Contae Chorcaí v An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Vincent D'Arcy (Cigire don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta)
Breithiúnas Hedigan J an 07/10/2008
Ba chás comhairleach sonraithe é seo maidir leis an dlí a rialaíonn cumhachtaí reachtúla an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i leith sábháilteacht oibreacha bóthair agus rioscaí a bhaineann le húsáid dromchlaí bóthair shealadaigh.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Micheál Ó Fallúin
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 08/10/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ríocht Aontaithe de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cion comhcheilge le calaois a dhéanamh.

North Wall Property Holding Company Ltd. agus Sean Dunne v Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath agus and North Quay Investments Ltd. (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Finlay Geoghegan J an 09/10/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna na hiarrthóirí agóid i gcoinne cinnidh a rinne an chéad fhreagróir maidir le forbairt mholta.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Anthony Abimboia
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 15/10/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ghearmáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh I ndáil le ciontú éignithe.

Dona Sfar v An Breitheamh Dúiche Flann Brennan, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 16/10/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne sáraithe líomhnaithe ar an gceart maidir le nósanna imeachta cothroma.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe v Samuel Kingston Construction Limited agus Geoffrey F. Hawker
Breithiúnas tugtha ag McMahon J an 17/10/2008
Lorg an gearánach dámhachtain an fhreagróra dara luaite a chur ar ais agus/nó a chur i leataobh faoi fhorálacha an Achta Eadrána 1954.

John Reilly v An Breitheamh Michael Patwell agus Comhairle Baile an Chóibh agus an tArd-Aighne (Páirtithe Fógra)
Breithiúnas McCarthy J an 17/10/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú chun ordú an bhreithimh fhreagróra a chur ar neamhní agus dearbhú go raibh foráil san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 neambhailí.

Peter Dunne v Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas, John O'Brien agus Matthew McHugh
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 17/10/2008
Líomhain an gearánach faillí ghairmiúil mar thoradh ar fhaillí na gcosantóirí.

Jason Mulligan v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra Gharda Linda Ryan)
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 29/10/2008
Sa chás sonraithe seo ón gCúirt Dúiche, rinne an t-achomharcóir agóid i gcoinne a chiontaithe ar chionta oird phoiblí.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra Gharda Francis W. McMahon) v John Rafferty
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 29/10/2008
Sa chás sonraithe seo ón gCúirt Dúiche rinneadh agóid i gcoinne chirte an Bhreitheamh Dúiche mar ábhar dlí maidir leis an ionchúiseamh a dhíbhe i gcoinníollacha inar aithin an bhileog chúisimh suíomh an chiona mar an tsráid ar ar iarr an Garda ar an gcúisí a ghluaisteán a stopadh ag taobh an bhóthair in ionad na sráide ar stop an Garda an cúisí ar dtús.

Ryanair Limited v Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath Plc
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J an 29/10/2008
Lorg an gearánach ordú ag cur srian ar an gcosantóir ó chur isteach ar shuiteáil bhothanna féinseirbhíse in Aerfort Bhaile Átha Cliath ar feitheamh thoradh na n-imeachtaí.

Brendan Rafferty v An tAire Talmhaíochta agus Bia agus Forbartha Tuaithe, Éire agus an tArd-Aighne; John Elmore v An tAire Talmhaíochta agus Bia agus Forbartha Tuaithe, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag McGovern J an 31/10/2008
Rinne na gearánaigh agóid i gcoinne leibhéal an chúitimh a bronnadh tar éis ciondíothú ainmhithe chun cosc a chur ar scaipeadh an ghalair Crúibe is Béil.

S.M. v An Coimisinéir Meabhairshláinte, An Binse Meabhairshláinte, Stiúrthóir Cliniciúil Ospidéal Phádraig, Baile Átha Cliath
Breithiúnas tugtha ag McMahon J an 31/10/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne na cumhachta a tugadh do síceolaí comhairleach chun ordú athnuachana a dhéanamh "nach faide ná 12 mí" gan téarma níos sainithe a shocrú.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Jonathan Finnegan
Breithiúnas tugtha ag Clark J an 05/11/2008
Ba achomharc é seo trí chás sonraithe ciontaithe ar dhiúltú samplaí anála a sholáthar faoi reachtaíocht um thrácht ar an mbóthar.

John Lyons, Angela Lyons, Aoife Lyons (Mionaoiseach), Daragh Lyons (Mionaoiseach) agus Ciara Lyons (Mionaoiseach) v Executive Travel Group Ltd agus Panter Associates Ltd (t/a Tour

America) v S.L.E. Worldwide Travel Ltd Europea agus Novae Corporate Underwriting Ltd (Tríú Páirtithe) agus Kindlon Insurances Ltd (t/a K.M.T. Travel Insurance Services) (Fógrapháirtí)
Breithiúnas McMahon J an 06/11/2008
Lorg an fógrapháirtí go gcuirfí fógra tríú páirtí eisithe ag an dara cosantóir ar leataobh ar bhonn moille.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v An Breitheamh James O'Connor, agus Cyril O'Brien (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Budd J an 10/11/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar tháinig réamh-shaincheist chun cinn ó choinbhleacht fíricí tar éis don Ard-Chúirt cead *ex parte* a thabhairt don DPP chun iarratas a dhéanamh ar ordú ag cur ordú a rinne an freagróir a dhíbhigh an t-ionchúiseamh i gcoinne an pháirtí fógra ar chion tráchta ar bhóthar ar neamhní.

J.D. v An Coiste Athbhreithnithe Sásamh d'Institiúidí Cónaitheacha, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 11/11/2008
Athbhreithniú breithiúnach ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne cinnidh a rinne an chéad fhreagróir ag séanadh sásamh ar bhonn lánaoise.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath v Liam Gallagher
Breithiúnas O'Neill J an 11/11/2008
Sa chás comhairleach seo a sonraíodh ón gCúirt Dúiche ina ndearnadh agóid i gcoinne nósanna imeachta a bhí mar chuid den reachtaíocht um thithe.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Kaspars Koncis
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 12/11/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Laitvia de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta goide agus ionsaí.

Comhairle Contae na Mí v Patrick Shiels
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 13/11/2008
Lorg an t-iarrthóir orduithe faoi reachtaíocht phleanála chun srian a chur ar an bhfreagróir ó fhorbairt neamhúdaraithe chairéil a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh léi, an freagróir a thoirmeasc ó dhiansaothrú ar bith a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí cairéalaithe agus ó innealra, trealamh ná ábhair ar bith a úsáideadh i ndáil leis an bhforbairt neamhúdaraithe a bhaint ó na tailte.

Patrick Reilly v Comhairle Buirge Dhroichead Átha
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 19/11/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne aois scoir éigeantaigh chomhraiceoirí dóiteáin.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Mircea Remus Contras
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 19/11/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Iodáil de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le hiontráil neamhúdaraithe agus brionnú doiciméad riaracháin agus gáinnéal a dhéanamh orthu sin.

Thomas Murphy v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Breitheamh Flann Brennan agus an Chúirt Choiriúil Speisialta
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 19/11/2008

Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú ag cur cinneadh a rinne an dara freagróir ar neamhní maidir le cur chun a thrialach a leasú, ar an mbonn gur sáraíodh a cheart bunreachtúil ar nósanna imeachta cothroma.

Joseph Magee v Patrick Murray agus Dennis Roche
Breithiúnas tugtha ag Birmingham J an 24/11/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm ar dheimhniú arm tine.

Joanne Tuohy v Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus Elizabeth Cleary (Tríú Páirtí Molta)
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 25/11/2008
Bhain an cás seo le ceist na gcostas a d'eascair tar éis cinneadh rúin a d'eisigh an Tríú Páirtí Molta agus rogha na Cúirte faoi Ordú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Ferenc Horvath
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 25/11/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Ungáir de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le 17 cion.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Darius Tomella
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 27/11/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Phólainn de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh i ndáil le calaois.

Augustin Ferradas Martinez v Éire, an tArd-Aighne agus an Breitheamh Dúiche James McNulty
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 27/11/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne comhréireacht an fhorghéillte éigeantaigh ghabhála agus ghléis i leith dhlí an AE agus an phrionsabail um scaradh cumhachtaí faoin mBunreacht.

Manorcastle Limited v An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 28/11/2008
Rinne an t-achomharcóir cinneadh an fhreagróra a achomharc maidir le ceadúnas an iarrthóra chun gníomhú mar oibreoir turais a athnuachan bunaithe ar staid trádála an iarrthóra.

J.J. Quigley (Inspector of Taxes) v Robert Harris
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 28/11/2008
Sa chás sonraithe seo, lorg an Coimisinéir Achomhairc léirmhíniú ar fhoráil den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra Gharda Martin O'Brien) v Keith O'Sullivan
Breithiúnas tugtha ag Charleton J an 01/12/2008
Sa chás sonraithe seo ón gCúirt Dúiche rinne an cúisí/freagróir agóid i gcoinne fhoirm an fhógra mhuirir sheasta a úsáideadh in ndáil le hionchúiseamh gur sháraigh sé luasteorainn speisialta.

P.K. v Stephen Deignan, Matthew Gaffney agus an tAire Oideachais
Breithiúnas tugtha ag Dunne J an 02/12/2008

Bhain na himeachtaí seo le hiarratas ar dhíbhe imeachtaí ar fhoras moille míchuí agus doleithscéil ina ndearnadh líomhaintí i leith mí-úsáid fhisiciúla, síceolaíochta agus ghnéasach.

David Rawson v An tAire Cosanta
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 02/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú ag cur an t-ordú a d'ordaigh a urscaoileadh ón arm ar neamhní.

Carol English v Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Breitheamh Brophy agus an tAire Sláinte agus Leanaí
Breithiúnas tugtha ag McMahon J an 05/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú chun ciontú faoi reachtaíocht cúram leanaí a chur ar neamhní, i ndáil le líon na ndaoine fásta inniúla a bhí ag déanamh maoirseachta ar leanaí réamhscoile.

John Campbell v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 05/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú toirmisc maidir le trí ionchúiseamh ionsaí gnéasaí ar fhoras moill ionchúiseach.

Thomas Griffin v An Bord Pleanála, agus Primark, Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Brendan McCann (Fógrapháirtithe)
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J an 05/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir cinneadh an fhreagróra maidir le cead a thabhairt bhronnadh ar an gcéad fhreagróir a chur ar neamhní.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra Gharda Alan Carroll) v Greg Carpenter
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 08/12/2008
Sa chás seo sonraithe ag an gCúirt Dúiche, iarradh ar an gCúirt cibé an raibh an Breitheamh Dúiche ceart ó thaobh an dlí de agus an cás á chur amach aige i gcoinníollacha inar phléadáil an cúisí ciontach cheana féin sa chion agus inar thug an Breitheamh Dúiche faoi deara ina dhiaidh sin nach raibh an ráiteas a ceanglaíodh faoin reachtaíocht um thrácht ar an mbóthar sínithe ag Garda agus inar athraigh an cosantóir a phléadáil sular n-ionchúisíodh é.

Biúró Árachóirí Mótar na hÉireann v Paula Stanbridge agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J an 08/12/2008
Thionscain an gearánach imeachtaí ag iarraidh airgead a íocadh le bean chéile/máthair na gcosantóirí atá éagtha anois, a aisghabháil de bhun bhreithiúnas 1994, inar shéan cosantóirí áirithe scair faoi dhíthiomnacht.

Zivas Fitzgerald v An Breitheamh John O'Neill agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Clark J an 09/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú chun ciontú faoin reachtaíocht um thrácht ar an mbóthar a chur ar neamhní.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v An Breitheamh Geoffrey Browne, agus Michael Mullane (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag McMahon J an 09/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú maidir le nochtadh déanta ag an bhfreagróir a chur ar neamhní.

L.McG. v An tOnórach, an Breitheamh Yvonne Murphy, Breitheamh na Cúirte Cuarda agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Hanna J an 09/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú chun toirmeas a chur ar fhoilsiú ainmneacha an chúisí nó an pháirtí dhíobhálaithe i gcás ciorrú coil.

L.C. Autolink Ltd agus Lee Cullen v Joseph Feehily David Ward, Brian Harkin, na Coimisinéirí Ioncaim, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J an 12/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg na hiarrthóirí agóid a dhéanamh i gcoinne roinnt cinntí a rinne na ceathrar freagróirí céadluaite, arbh oifigigh sna Coimisinéirí Ioncaim iad, chun ceithre ghluaisteán a choimeád agus a urghabháil ar an mbonn go raibh na cinntí sin *ultra vires* agus neamhdhleathach.

An tArd-Aighne v Liam Rafferty (t/a Carhill Car Sales)
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J an 12/12/2008
Lorg an gearánach ordú de bhun forála den Acht Airgeadais 2001 maidir le forghéilleadh agus daoradh sé fheithicil mar gheall ar neamhíocaíocht na cánach cláraithe feithicle.

Anthony Shields v The Director of Public Prosecutions
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J an 12/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú ag cur toirmeasc ar a thriail ar an mbonn gur cuireadh moill ar bharántas binse a fhorghníomhú.

P.G. v Michelle Branigan agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Coimisiún Meabhairshláinte (Fógrapháirtithe)
Breithiúnas tugtha ag McCarthy J an 12/12/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne bunreachtúlacht a coinneála de bhun ordú athnuachana athsholáthair faoin Acht Meabhairshláinte.

Laurence Pullen agus Ors. v Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus faoi ordú, an Coimisiún um Chearta an Duine (Amicus Curiae) agus an tArd-Aighne (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Irvine J an 13/12/2008
Rinne na gearánaigh agóid i gcoinne reachtaíocht na dtithe (ar lorg an chéad chosantóir barántas sealúchais faoi, tar éis gearán maidir le hiompraíocht neamhchomharsanach) ar an mbonn go raibh gá le héisteacht neamhspleách a fháil sa chás go bhféadfadh na gearánaigh agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh iompraíochta frithshóisialta a rinne an cosantóir, ar bhonn cirt é an toradh sin maidir leis an tionóntacht a scor, sular cuireadh an barántas i bhfeidhm.

E.P.I., N.A.I. (Mionaoiseach) agus J.T.I. (Mionaoiseach) v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 16/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar cheistigh na hiarrthóirí oibiachtúlacht chinntí idirbhreitheacha a rinne an Chúirt roimhe sin le linn imeachtaí a chuirfeadh cosc ar éisteacht lánchothrom agus neamhspleách.

M.F. Quirke and Sons v Micheal Maher
Breithiúnas tugtha ag Herbert J an 16/12/2008

Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú ag cur cinneadh an fhreagróra ar neamhní chun diúltú deimhniú a eisiúint le haistirú agus úsáid phléascán ag cairéal.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Janusz Mazurkiewicz
Breithiúnas tugtha ag Peart J on 17/12/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Phólainn de bhun Barántaus Ghabhála Eorpaigh I ndáil le cion i gcoinne maoine.

J.M. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an Breitheamh Dúiche Sean McBride
Breithiúnas tugtha ag McCarthy J an 17/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú ag cur srian ar an DPP ó hionchúiseamh leanúnach dhá chúiseamh ionsaí gnéasaí ina choinne.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Jaroslaw Nowakowski
Breithiúnas tugtha ag Peart J on 17/12/2008
Rinne an freagróir agóid i gcoinne a ghéillte don Phólainn de bhun Barántaus Ghabhála Eorpaigh i ndáil le cionta goide, briollaithe agus sealúchais agus soláthair drugaí.

Kanwell Developments Ltd. v Na Coimisinéirí Ioncaim
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J an 17/12/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne íocaíochtaí CBL a fhritháireamh ag na cosantóirí.

Vera Dooley agus Ors. v Comhairle Baile Chill Airne agus Comhairle Contae
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 18/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir costais ó na freagróirí, tar éis mainneachtain roinnt faoiseamh a fháil trí iarratas a rinneadh níos luaithe ar athbhreithniú breithiúnach.

Varis Mednis v Breitheamh Dúiche Geoffrey Browne, agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 18/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir ordú ag cur a chiontú ar thiomáint ar meisce.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra Enda O'Dwyer) v Mark O'Sullivan
Breithiúnas tugtha ag Hanna J an 18/12/2008
Sa chás comhairleach seo sonraithe ón gCúirt Dúiche, tháinig an cheist chun cinn cibé an raibh sé dleathach saoirse a bhaint ó dhuine a bhí le hionchúiseamh i gcion ar bith chun éascaíocht a dhéanamh don nós imeachta bileog chúisimh i gcás nach raibh cúis ar bith chun a chreidiúint nach bhfreagródh an duine toghairm agus iarmhairtí toraidh maidir leis an bpointe seo.

Angela Pearce v Comhairle Contae na hIarmhí agus Shay Boyhan (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Hanna J an 19/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an t-iarrthóir agóid i gcoinne cinnidh a rinne an t-údarás pleanála áitiúil faoi alt 261(7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

J.P. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Murphy J an 19/12/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne bhunreachtúlacht alt 3 an Achta um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha)1993.

Z.S. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Murphy J an 19/12/2008
Rinne an gearánach agóid i gcoinne bhunreachtúlacht alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Leasú) ar an mbonn nach bhfuil gné mheabhrach mar chuid de.

Bula Limited (Faoi Ghlacadóireacht), Bula Holdings, Thomas C. Roche, Thomas J. Roche, Richard Wood agus Michael Wymes v Tara Mines Limited agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Dunne J an 19/12/2008
Lorg na gearánaigh ordú chun iarratas ar chead le forghníomhú ordaithe chostas a eisiúint, arna bhronnadh ag beirt de na cosantóirí (arbh é an tAire Fuinnimh duine amháin acu sin), a dhíbhe i gcoinne ceathrar de na gearánaigh, ar fhoras moille agus de bhun dhlínse bhunúsach na cúirte.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v an Breitheamh Dúiche Bridget Reilly, agus Moorehouse agus Ors. (Fógrapháirtithe)
Breithiúnas tugtha ag Cooke J an 19/12/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir orduithe lochtacha a ndearnadh iad i leith na bhfógrapháirtithe a chur ar neamhní, nó mar mhalairt air sin, ordú *mandamus* leis an mBreitheamh freagróra a ordú chun éisteacht le hiarratas a rinne an DPP chun na lochtanna a réiteach faoin "riail earráide" agus cinneadh a dhéanamh air.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath v Martin Gavin agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Peart J an 19/12/2008
Lorg an gearánach chun ionad campála an luchta siúil a bhaint dá thailte arbh ábhar conartha iad le díol, agus ar bhraith críochnú an chonartha sin ar shealúchas folamh a bheith ann.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Adriano Martins Costa and Jose Claudio Batista
Breithiúnas tugtha ag Kearns J an 21/01/2008
Lorg na hiarrthóirí cead chun ciontuithe i ndúnmharú a achomharc ar bhonn fianaise a líomhnaíodh a bheith neamhleor.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Michael Joseph Kelly
Breithiúnas tugtha ag Kearns J an 01/02/2008
Lorg an t-iarrthóir chun a chiontú dúnmharaithe a chur ar neamhní ar bhonn gur áitíodh go raibh "fíricí nua-aimsithe" ann.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Linda Mulhall
Breithiúnas tugtha ag Macken J an 08/02/2008
Lorg an t-iarrthóir athbhreithniú ar an bpianbhreith a cuireadh uirthi mar thoradh ar easpa tuarascálacha promhaidh agus síceolaíochta ag am na pianbhreithe.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Wayne Dundon
Breithiúnas tugtha ag Macken J an 13/02/2008
Lorg an t-iarrthóir cead chun an ciontú maidir le bagairt dúnmharaithe a achomharc, ar fhoras earráide i ndlí an bhreithimh thrialach, míthreorú an bhreithimh thrialach don ghiúiré, mainneachtain an bhreithimh thrialach chun focáil a idirdhealú ó chomharthaí agus déine na pianbhreithe a gearradh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Martin Stafford
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan J an 14/02/2008
Lorg an t-iarrthóir go ndéanfaí athbhreithniú ar phianbhreith a gearradh ar an bhfreagróir, ar fhoras go raibh an phianbhreith níos boige ná mar is cóir.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v P.A.
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 21/02/2008
Lorg an t-iarrthóir chun a chiontú a achomharc ar bhonn cois ar bolg.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Abdulakim Yusuf
Breithiúnas tugtha ag Kearns J an 13/03/2008
Rinne an t-achomharcóir pianbhreitheanna a cuireadh i bhfeidhm faoi alt 11 den Acht um Cheartas Coiriúil1984 a acomharc chun léirmhíniú a shoiléiriú maidir le cibé an gceanglaíonn an t-alt sin go ngearrfaí pianbhreitheanna comhleanúnacha carnacha.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v M.J.
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 14/03/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne a chiontaithe ar bhonn earráid bhreithiúnach.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v T.O'R.
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 14/03/2008
Lorg an t-iarrthóir cead chun achomharc a dhéanamh i gcoinne a chiontaithe in éigniú ar fhoras nach raibh fianaise áirithe cloiste ag an ngiúiré agus chúiseamh an bhreithimh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v James Kennedy
Breithiúnas tugtha ag Kearns J an 14/04/2008

Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne pianbhreithe a cuireadh air tar éis a chiontaithe in ionsaí mígheanasach ar bhonn a aoise agus a shláinte.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Martin Joyce
Breithiúnas tugtha ag Macken J an 21/04/2008
Rinne an t-achomharcóir achomharc i gcoinne a chiontaithe i gcion earraí toirmiscthe a choimeád contrártha le reachtaíocht airgeadais ar fhoras go raibh an barántas cuardaigh neamhbhailí agus go ndearna an breitheamh trialach earráid i ndlí trí chead a thabhairt do na hionchúisitheoirí chun a gcás a athoscailt agus mainneachtain an bhreithimh thrialach chun an t-iarrthóir a éigiontú.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Colm Maguire
Breithiúnas tugtha ag Macken J an 07/05/2008
Rinne an t-iarratasóir achomharc i gcoinne a chiontaithe as a bheith mar bhall d'eagraíocht neamhdhleathach ar fhoras nach raibh dóthain fianaise os comhair na cúirte trialach, lena bhféadfadh an t-iarrthóir a chiontú sa chion a ionchúisíodh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Kim Kavanagh
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J on 24/07/2008
Lorg an t-iarrthóir cead chun ciontú agus pianbhreith maidir le goid a achomharc ar fhoras go ndearna an breitheamh trialach earráid sa dlí agus, leoga, trí chead a thabhairt fianaise áirithe a thabhairt ar aird, go ndearna an breitheamh trialach earráid sa dlí agus leoga, trí thrácht chodarsna agus dhochrach a dhéanamh agus go ndearna an breitheamh trialach earráid sa dlí agus leoga, trí dhiúltú cead a thabhairt d'fhinné cosanta a ghairm, ach níos déanaí tugadh cead d'fhaisnéis i dtuarascáil na finné sin a úsáid sa chroscheistiú.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v A.D.
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 25/07/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne a chiontaithe in éigniú ar bhonn go ndearna an breitheamh trialach earráid sa dlí maidir le mainneachtain an cás a tharraingt siar ón ngiúiré ag dúnadh an cháis ionchúisimh; go raibh cinneadh na giúiré ainbhreitheach agus gur mhainneachtain an breitheamh tiralach chun a rialú go raibh agallamh agus fístéip amháin neamh-inghlactha.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v G.K.
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 31/07/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne pianbhreith saoil a gearradh nuair a ciontaíodh é i gcion tromionsaí gnéasaí ar bhonn coinníollacha eiscachtúla an chiontóra.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Gerard Quigley
Breithiúnas tugtha ag Macken J an 11/12/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne a phianbhreithe tar éis dó pléadáil ciontach in iarracht a dhéanamh roisín cannabais a shealbhú ar fhoras na slí a léirmhínítear forálacha pionóis sa reachtaíocht u m mí-úsáid drugaí.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Michael Breen
Breithiúnas tugtha ag Fennelly J an 16/12/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne a chiontaithe i sealbhú arm tine i gcoinníollacha amhrasacha ar bhonn na fianaise ar glacadh léi sa triail.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Darren Larkin
Breithiúnas tugtha ag Kearns J an 19/12/2008

Rinne an t-iarrthóir acomharc i gcoinne pianbhreithe a cuireadh air tar éis dó a chiontú in iarracht ar dhúnmharú agus sealbhú arm tine agus lóin lámhaigh le hintinn beatha a chur i gcontúirt.

An Pobal (An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v Cuan de Paor agus Anor.
Breithiúnas tugtha ag Hardiman J an19/12/2008
Lorg an t-iarrthóir go ndéanfaí athbhreithniú ar phianbhreith an fhreagróra ar fhoras go raibh sé níos boige ná ba chóir.

CÁSANNA NA CÚIRTE UACHTARAÍ ÓN MBLIAIN 2008 LENAR BHAIN AN STÁT

Maidir le *Tralee Beef and Lamb Ltd.* (Faoi Leachtú) Kavanagh v Delaney agus Anor.
Breithiúnas tugtha ag Hardiman J an 01/02/2008
Ba achomharc é seo ó ordú na hArd-Chúirte i gcoinne ordú srianta a bronnadh faoi reachtaíocht na gcuideachtaí.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Ciaran Francis Tobin
Breithiúnas tugtha ag Fennelly J an 25/02/2008
Rinne an Stát achomharc i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte a dhiúltaigh an freagróir a ghéilleadh don Ungáir de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh tar éis a chiontaithe i dtionóisc mharfach trácht bóthair trí fhaillí.

P. O'C. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 04/03/2008
Rinne an DPP achomharc i gcoinne ordú toirmisc ó leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh i gcoinne an fhreagróra.

McFarlane v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan, Fennelly agus Kearns JJ an 05/03/2008
Lorg an t-achomharcóir go ndéanfaí cinneadh maidir le cibé ar sháraigh moill san éisteacht agus cinneadh na n-imeachtaí a bhain le hionchúiseamh an iarrthóra i gcionta i 1983 a cheart maidir le triail a fháil de réir cúrsa cuí dlí.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v *Independent Newspapers (Ireland) Ltd.* agus Ors.
Breithiúnais tugtha ag Geoghegan, Fennelly agus Hardiman JJ an 05/03/2008
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina ndearna an freagróir agóid i gcoinne dhlínse na Cúirte agus ina ndearna an t-iarrthóir/achomharcóir agóid i gcoinne chinneadh an hArd-Chúirte chun diúltú ordú a dhéanamh ag ordú astú, tiomnú agus/nó forlámhú shócmhainní na bhfreagróirí agus gach duine acu ar dhíspeagadh coiriúil cúirte maidir le hábhar a foilsíodh sa *Evening Herald* in 2004.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v David Johnston
Breithiúnas tugtha ag Macken J an 12/03/2008
Rinne an freagróir achomharc i gcoinne rialú na hArd-Chúirte ag ordú a ghéillte don Ríocht Aontaithe de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh ar fhoras moille agus gur réasúnach a bheith ag súil nach n-ionchúiseofaí é.

Algimantas Butenas v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ an 12/03/2008

Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a choinneála ar feitheamh a ghéillte don Liotuáin de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

Patrick Brennan agus Ors. v Gobharnóir Phríosún Phort Laoise agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan J an 12/03/2008
Rinne na hachomharcóirí agóid i gcoinne ordú na hArd-Chúirte ag tabhairt diúltaithe dá scaoilte ar iarratais *habeas corpus*.

John Devoy v An Breitheamh Dúiche James Scally agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnais tugtha ag Denham agus Kearns JJ an 07/04/2008
Ba achomharc é seo a rinne an dara hachomharcóir ó ordú na hArd-Chúirte ag cur toirmisc ar thriail an fhreagróra ar bhonn moill ionchúiseach.

Martin Maher v An tAire Leasa Shóisialaigh
Breithiúnas tugtha ag Denham J an 09/04/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc i gcoinne dhiúltú na hArd-Chúirte chun *certiorari* a cheadú maidir le cinneadh oifigigh bhreithiúnachta agus ina dhiaidh sin, oifigeach achomharc an fhreagróra, nach raibh an t-iarrthóir i dteideal sochar míchumais a fháil toisc nach raibh an t-iarrthóir in ann obair a dhéanamh.

J.F. v An tAire Sláinte agus Leanaí
Breithiúnais tugtha ag Denham agus Finnegan JJ an 10/04/2008
Rinne an t-achomharcóir agóid i gcoinne dámhachtana a bronnadh faoin Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 go dtí 2006.

J.T. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Denham J an 17/04/2008
Rinne an t-iarrthóir achomharc ó bhreithiúnas na hArd-Chúirte ag diúltú toirmeas a chur ar a thriail sa Chúirt Chuarda Choiriúil maidir le 104 ionchúiseamh in ionsaí mígheanasach.

P.D. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnais tugtha ag Hardiman and Fennelly JJ an 23/04/2008
Rinne an DPP achomharc i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte ag cur toirmeasc ar ionchúiseamh leanúnach i gcionta gnéasacha ar an mbonn, gur bunaíodh foras imleor, cé nár sáraíodh an ceart bunreachtúil ar thriail le gastacht chuí, maidir le dochar sonrach ar chothroime dhóchúil na trialach (lena n-áirítear gan fáil a bheith ar fhianaise áirithe) chun déanamh ordaithe a dhlí a chuirfeadh toirmeasc ar ionchúiseamh leanúnach.

Mohammed Iqbal v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; Maros Sulej v An tArd-Aighne agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Tomas Puta v An tArd-Aighne agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Breithiúnais tugtha ag Murray CJ agus Fennelly J an 06/05/2008
Rinne na triúr hacomharcóirí agóid i gcoinne orduithe géillte dá stáit eisithe faoi seach de bhun Barántas Gabhála Eorpach.

Rattigan v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnais tugtha ag Murray CJ, Geoghegan agus Hardiman JJ an 06/05/2008
Rinne an t-achomharcóir agóid i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte ag diúltú ionchoisne a cheadú chun an t-ionchúiseamh a thoirmeas ar fhoras moille.

Michael Campbell v Padraig O'Donnell, Gavin Boyle agus Biúró Árachóirí Mótar na hÉireann
Breithiúnais tugtha ag Kearns J an 07/05/2008
Rinne an t-achomharcóir agóid i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte i gcás inar chinn sí nach raibh an gearánach i dteideal imeachtaí a eisiúint gan údarú ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhonn nach "caingean shibhialta" é an t-éileamh laistigh de mhíniú na reachtaíochta ábhartha.

R.C. and Ors. v An tAire Sláinte agus Leanaí agus an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID, agus Ors. (Fógrapháirtithe)
Breithiúnas tugtha ag Finnegan agus Kearns JJ an 07/05/2008
Rinne na hachomharcóirí agóid i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte maidir leis an tsaincheist cibé an raibh ceart achomhairc ag cosantóirí iolracha i leith dámhachtainí aonair faoin reachtaíocht ábhartha.

D.S. v Breithimh Chúirt Chuarda Chorcaí agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Kearns agus Denham JJ an 10/06/2008
Rinne an dara hachomharcóir agóid i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte chun ath-thriail an achomharcóra/an fhreagróra a thoirmeasc ar bhonn cheart an chúisí ar phróiseas cuí.

Peter Bolger v Patrick O'Toole; Peter Bolger -v- An Breitheamh Gerard Haughton, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Fennelly J an 17/06/2008
Le linn dhá shraith imeachtaí, rinne an Stát achomharc i gcoinne ordú na hArd-Chúirte go scaoilfí an gearánach/an freagróir mar thoradh ar imeacht aimsire de bhun na reachtaíochta ábhartha, agus ag an am céanna, rinne an gearánach/freagróir achomharc i gcoinne dhíbhe an iarratais ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh na Cúirte Dúiche ag ordú a sheachadta go dtí Sasana agus an Bhreatain Bheag.

Ciaran Savage v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnais tugtha ag Denham, Hardiman agus Fennelly JJ an 03/07/2008
Rinne an t-achomharcóir agóid in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte gan toirmeasc a chur ar a thriail ar fhoras go mbeadh triail éagórach i gceist mar thoradh ar fhianaise a scriosadh roimh an triail.

Louis Blehein v An tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Denham J an 10/07/2008
Rinne an Stát achomharc i gcoinne dhearbhú na hArd-Chúirte go raibh foráil faoin Acht Cóireála Meabhairshláinte 1945 neamhbhunreachtúil.

Bupa Ireland Ltd agus Bupa Insurance v An tÚdarás Árachas Sláinte, an tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne agus Anor. (Fógrapháirtí)
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ an 16/07/2008
Rinne an t-achomharcóir agóid i gcoinne bhailíocht na scéime um comhionannú riosca ar tugadh éifeacht di leis an reachtaíocht ábhartha.

Mark Breslin agus Ors. v Seamus McKenna agus Ors.
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan and Hardiman JJ an 16/07/2008
Ba achomharc é seo ó bhreithiúnas na hArd-Chúirte maidir leis an tsaincheist maidir le cibé an dtugtar cead do na cosantóirí/achomharcóirí le dlí na dlínse seo chun orduithe a rinne Ard-Chúirt Thuaisceart Éireann agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil a cheangail leabhair agus trascríbhinní fianaise a chur ar fáil le himscrúdú, ar eascair siad as trialacha na n-achomharcóirí sa Chúirt Choiriúil Speisialta sa dlínse seo.

An tArd-Aighne v Simon Murphy
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ an 21/07/2008
Ba achomharc seo ó bhreithiúnas na hArd-Chúirte ag ordú géilleadh an achomharcóra do Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi Chuid II den Acht um Eiseachadadh 1965.

D.D. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 23/07/2008
Rinne an t-achomharcóir achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne ordú na hArd-Chúirte a mhéid gur diúltaíodh toirmeas na trialach, agus rinne an freagróir tras-achomharc a mhéid gur bronnadh toirmeasc maidir le sciar na scor ionsaí mígheanasaí.

James Talbot agus Margaret Talbot v An Bord Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Fennelly and Kearns JJ an 23/07/2008
Ba achomharc é seo i gcoinne diúltaithe chun cead pleanála a bhronnadh chun teach a thógáil I gceantar tuaithe nár tháinig faoi chritéar an Phlean Forbartha.

Patrick Enright v An Breitheamh Dúiche Terence Finn agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Denham J an 29/07/2008
Lorg an t-iarrthóir toirmeasc a chur ar a thriail ar dheich gcion ar fhoras neamhchomhlíonadh reachtaíocht an nóis imeachta choiriúil maidir le taispeántáin, chomh maith le, *inter alia*, moill agus cailleadh finnéithe.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Michael McKevitt
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan J an 30/07/2008
Ba achomharc é seo a rinneadh chuig an gCúirt Uachtarach faoin Acht Cúirteanna Breithiúnais1924 (arna leasú) ó chinneadh na Cúirte Achomhairc Choiriúil ag diúltú cead a thabhairt don achomharcóir achomharc a dhéanamh ó chinneadh na Cúirte Coirúla Speisialta á chiontú i gcion maidir le gníomhaíochtaí an 'Real IRA' a stiúradh.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Saulius Ferenca
Breithiúnais tugtha ag Murray CJ, Geoghegan agus Macken JJ an 31/07/2008
Ba achomharc é seo ó chinneadh na hArd-Chúirte ag ordú ghéilleadh an achomharcóir d'údaráis na Liotuáine de bhun barántais ghabhála Eorpaigh.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Ivans Desjatnikovs
Breithiúnais tugtha ag Denham J an 31/07/2008
Ba achomharc é seo ó bhreithniúnas na hArd-Chúirte ag ordú ghéilleadh an achomharcóir d'údaráis na Liotuáine chun teacht os comhair ionchúisimh i gcion a bhain le mídhílsiú.

Denis Ludlow v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnais tugtha ag Hardiman agus Denham JJ an 31/07/2008
Ba achomharc é seo déanta ag an bhfreagróir i gcoinne ordú na hArd-Chúirte ag toirmeasc na trialach maidir le cúiseamh tiomána contúirtí is trúig bháis.

Mary O'Leary agus Ors. v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ an 31/07/2008
Ba achomharc é seo déanta ag na hiarrthóirí in dhá imeachtaí ar leithligh i gcoinne ordú na hArd-Chúirte ag diúltú a n-iarratais ar atráth i ngach sraith imeachtaí ar feitheamh toradh imeachtaí

poitéinsiúla á dtionscnamh ag Coimisiún an AE san ECJ i gcoinne na hÉireann maidir le mainneachtain líomhanta chun Treoir ón CE a thrasuíomh go cuí.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra Gharda Martha Cleary) v Frank McDonagh
Breithiúnais tugtha ag Finnegan agus Denham JJ an 16/10/2008
Ba chás comhairleach é seo sonraithe ón gCúirt Chuarda maidir le tástálacha intoxilyzer a rinneadh faoin reachtaíocht um thrácht ar an mbóthar.

Stephen Cormack agus Keith Farrell v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Breithimh na Cúirte Dúiche Cathrach
Breithiúnas tugtha ag Kearns J an 02/12/2008
Achomhairc a bhí i gceist leo seo in dhá chás lenar bhain saincheisteanna comhchosúla maidir le tionchair na moille ar ionchúiseamh achomhair cionta coiriúla i gcoinníollacha ina raibh mainneachtain i leith na mbarántas binse a fhorghníomhú go gasta.

Liam Toohey v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Breithimh na Cúirte Cuarda
Breithiúnas tugtha ag Finnegan J an 03/12/2008
Rinne na hachomharcóirí/freagróirí agóid i gcoinne toradh imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar ordaigh an Ard-Chúirt go gcuirfí srian ar na hachomharcóirí ón iarrthóir/freagróir a ionchúiseamh a thuilleadh ar chionta a d'eascair as tionóisc thromchúiseach trácht bóthair.

Garrett O'Brien v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Breithiúnas tugtha ag Denham J an 16/12/2008
Ba achomharc é seo a rinne an DPP ó bhreithiúnas agus ordú na hArd-Chúirte ag cur srian orthu ón iarrthóir a ionchúiseamh ar chion tiomána contúirtí ba chúis le mórdhíobháil choirp duine eile agus ceithre chion eile a d'eascair as an eachtra céanna.

Louise O'Keeffe v Leo Hickey, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnais tugtha ag Fennelly, Hardiman agus Geoghegan JJ an 19/12/2008
Is éard a bhí i gceist leis an acomharc seo ceist maidir le cibé an bhfuil an Stát faoi dhliteanas go hionadach i leith mí-úsáid ghnéasach linbh ag príomhoide scoile a fostaíodh agus a bhí ag obair i scoil náisiúnta faoi bhainistíocht sagairt áitiúil Chaitlicigh.

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Piotr Sliczynski
Breithiúnais tugtha ag an gCúirt Uachtarach, Murray CJ agus Macken J an 19/12/2008
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne a ghéillte don Phólainn de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

David McConnell agus Thomas (Nikki) McConnell (Mionaoiseach) v Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Breitheamh Dúiche Fitzpatrick (Breitheamh Chúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath), Éire agus an tArd-Aighne
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ an 15/12/2008
Is achomharc é seo ó chinneadh na hArd-Chúirte ag diúltú faoisimh do na hiarrthóirí in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh maidir le Fógra Fágála i leith áit chónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil.

BREITHIÚNAIS AN ECJ AGUS CFI LENAR BHAIN ÉIRE IN 2008

Cás C-211/07: Breithiúnas na Cúirte (An Séú Dlí-Sheomra) den 21 Feabhra 2008 – An Coimisiún v Éire (Maineachtain Bhallstáit a oibleagáidí a chomhlíonadh– Trasuíomh mícheart – Treoir 84/5/CCE – Airteagal 1(4) – Árachas éigeantach do dhliteanas sibhialta maidir le mótarfheithiclí – Coinníollacha um eisiamh ó chúiteamh paisinéirí i bhfeithicil gan árachas)

Cás C-215/06: Breithiúnas na Cúirte (An Dara Dlí-Sheomra) den 3 Iúil 2008 – Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit a oibleagáidí a chomhlíonadh – Gan measúnú ar bith ar thionchair chomhshaoil na dtionscadal laistigh de scóip Threoir 85/337/CCE – Tabhairt chun Rialtacht tar éis an imeachta)

Cás C-316/06: Breithiúnas na Cúirte (An Cúigiú Dlí-Sheomra) den 11 Meán Fómhair 2008 – An Coimisiún v Éire (Mainneachtain Bhallstáit a oibleagáidí a chomhlíonadh – Chomhshaol – Treoir 91/271/CCE – Truailliú agus núis – Cóireáil fuíolluisce uirbigh)

Cás C-66/06: Breithiúnas na Cúirte (An Dara Dlí-Sheomra) den 20 Samhain 2008 – Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit a oibleagáidí a chomhlíonadh – Treoir 85/337/CCE –Measúnú ar thionchair na dtionscadal ar an gcomhshaol – Cead tugtha gan measúnú a dhéanamh)

AN CHÚIRT EORPACH UM CHEARTA AN DUINE

- Ní raibh éisteacht ar bithe lenar bhain Éire mar Fhreagróir in 2008.

- Ní raibh breithiúnas ar bith déanta i gcoinne na hÉireann mar Fhreagróir in 2008.

- Bhí cinneadh amháin lenar bhain Éire in 2008 - *Boyce v Ireland* (iarratas uimh. 23663/06). Scriosadh é seo ón liosta an 6 Bealtaine 2008.

- Chomhdaigh Éire breathnuithe scríofa tríú páirtí i gcás *TV Vest v. An Iorua* (iarratas uimh. 21132/2005). Reáchtáladh éisteacht an Dlí-Sheomra sa chás seo an 26 Meitheamh 2008. Ní raibh Éire rannpháirteach san éisteacht bhéil.

BREITHIÚNAIS AN ECJ AGUS CFI LENAR BHAIN ÉIRE IN 2008

An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (Faisnéis soláthartha ag DFA)

- Ní raibh éisteacht ar bith lenar bhain Éire mar Fhreagróir in 2008.

- Ní raibh breithiúnas ar bith déanta i gcoinne na hÉireann mar Fhreagróir in 2008.